

Cáin Bhronntanais/Oidhreachta - Treoir maidir leis an Tuairisceán Féinmheasúnaithe a chomhlánú (Foirm IT 38)

Eagrán 2003

Is treoir atá sa doiciméad seo i dtaca le tuairisceán féinmheasúnaithe IT38 a thíolacadh sular tugadh isteach nuachóiriú CFC in 2010.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Cáin Bhronntanais/Oidhreachta – Treoir maidir leis an Tuairisceán Féinmheasúnaithe a chomhlánú (Foirm I.T. 38)

Clár	Page
Gluais	4 - 6
Faisnéis Ghinearálta	7 - 8
Cuid 1 - An Diúscróir	9
Cuid 2 - Léiriú Amhrais an Tairbhí	10 - 12
Expression of Doubt	12
Cuid 3 - Cineál an tSochair/Dátaí lomchuí	13 - 15
Cuid 4 - Faisnéis chúí eile	16 - 17
Cuid 5 - Mionsonraí an tSochair	18 - 19
Cuid 6 - Dliteanais, Costais, Comaoin etc..	20 - 21
Cuid 7 - Luach Incháinithe an tSochair	22 - 25
Cuid 8 - Féinmheasúnú Cáin Fháltas Caipitiúil (ús san áireamh) Iníoctha	26 - 32
Cuid 9 - Dearbhú	32
Aguisín A - Faoiseamh Talmhaíochta a Ríomh	33 - 35
Aguisín B - Faoiseamh Gnó a Ríomh	36 - 38
Aguisín 1 - Faoiseamh Neachta/Nia is fearr - Nótaí agus Samplaí	39 - 40
Aguisín 2 - Faoiseamh talmhaíochta - Nótaí agus Samplaí	41 - 45
Aguisín 3 - Faoiseamh gnó - Nótaí agus Samplaí	46 - 52
Aguisín 4 - Díolúine teach cónaithe - Nótaí agus Samplaí	53
Aguisín 5 - Faoiseamh maoin oidhreachta - Nótaí agus Samplaí	54 - 55
Aguisín 6 - Faoiseamh/díolúine eile - Nótaí agus Samplaí	56 - 58
Aguisín 7 - Leasanna teoranta - Nótaí agus Samplaí	59 - 65
Aguisín 8 - Cineálacha áirithe sochair - Nótaí agus Samplaí	66 - 70
Aguisín 9 - Creidmheas - Nótaí agus Samplaí	71 - 88
Aguisín 10 - Tábla Cánach ar Mhaoin thar lear	89
Aguisín 11 - Foirmeacha maidir le Cáin Fháltas Caipitiúil	90
Innéacs	91

Gluais

Leas Absalóideach:	Úinéireacht iomlán agus críochnaitheach ar mhaoin.
Duine Cuntasach:	An duine freagrach do na Coimisinéirí as cáin a íoc. An duine is mó a bhíonn cuntasach ná go hiondúil an tairbhí ach gníomhairí, iontaobhaithe, ionadaithe pearsanta, diúscróirí, etc freagrach go tánaisteach as cáin a íoc.
Sochar Comhiomlán:	Aon sochar eile a thógfaidh an tairbhí an 5 Nollaig 1991 nó dá éis ón diúscróir taobh istigh den teorainn ghrúpa chéanna le diúscróir na sochar reatha.
Luach Talmhaíochta:	Luach maoin talmhaíochta i ndiaidh faoisimh 90% a chur i bhfeidhm.
Blianacht:	Íocaíocht bhliantúil suil áirithe airgid.
I dteideal go tairbhíúil I seilbh:	Ceart reatha a bheith ag duine maoin a bheith aige/aici seachas ceart den sórt sin a bheith aige/aici sa todhcháí.
Tairbhí:	Duine i dteideal sochair, i.e. tabhartas nó oidhreacht.
Tiomnacht:	Maoin phearsanta a thiteann faoi uacht.
Faoiseamh Déthaobhach:	Tá feidhm le faoiseamh cánach dúbailte ó chánacha i ndáil le maoin eachtrannach áit a bhfuil comhaontú cánach dúbailte i bhfeidhm. Faoi láthair tá dhá chomhaontú den sórt sin, i.e. leis an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Coisceann sé cáin a ghearradh ar an maoin chéanna in dhá thír éagsúil nó gan cáin a ghearradh ar mhaoin in aon tír.
Teagmhasacht:	Sochar a d'fhéadfadh, faoi théarmaí an diúscartha a chruthaigh é stopadh dá dtarlódh eachtra ar bith.
Stát Conraitheoireachta:	Éire nó Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le Comhshocrú Dúbailte Cánacha idir Éire agus SAM agus Éire nó an Ríocht Aontaithe i ndáil le Comhshocrú Dúbailte Cánacha idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.
Gníomhas:	Ionstraim scríofa ar pháipéar, sínithe, séalaithe agus seachadta chun comhaontú a léiriú agus a chruthú do na páirtithe do na rudaí le fáil sa ghníomhas (aistriú maoine go hiondúil).
Réadtiomnaigh:	Maoin cheart e.g. talamh, foirgneamh a thiteann faoi uacht.
Diúscróir:	An duine a thugann an tabhartas nó oidhreacht.
Claonadh:	Modh trína dtéann maoin ó dhuine amháin go duine eile, e.g. uacht, díthiomnacht, marthanóir, ainmniúchán, gníomhas.
Sainchónaí:	An tír ina bhfuil an duine nó ina meastar an duine a bheith ina c(h)ónaí i gcónaí. Braitheann sé ar an bhfíric cónaithe móide rún fanachta (féach freisin Cuid 1.4 den Treoir seo).
Deontáí:	Duine a fhaigheann tabhartas.
Deontóir:	Duine a thug tabhartas (féach diúscróir chomh maith).
Seiceadóir:	Duine údaraithe le huacht chun gnóthaí duine cailte a chur i gcrích. Tá údarás ag an seiceadóir gníomhú ó dháta an bháis. Níl ag aon Ionadaí Pearsanta eile ach údarás gníomhú nuair a bheith Deonú Riaracháin faighte.
Léiriú Amhrais:	Nuair atá amhras ar an gcáiníocóir maidir le dlí a chur i ngníomh nó caitheamh le haon ní sa tuairisceán Cáin Tabhartais/Oidhreachta nuair nach féidir rialú cinnte a fháil ar idirbheart áirithe is féidir léiriú amhrais foirmiúil a dhéanamh ar an tuairisceán.
Nia/Neacht is fearr:	Nia nó neacht atá i dteideal teorainn Ghrúpa A i ndáil le sócmhainní gnó (féach Aguisín 1).
Cónaí Fioscach:	An tír ina bhfuil leas eacnamúil ag duine.
Úsáid in aisce:	Úsáid maoine gan aon chomaoin nó níos lú ná comaoin iomlán.
Deonú Riaracháin:	Deonú ionadaíochta i gcás nach bhfuil aon uacht, i.e. tiomnacht nó lena bhfuil uacht a bhaineann, i.e. sa chás nach bhfuil aon seiceadóir ar fáil.
Deonúchán Probháide:	Deonú ionadaíochta nuair atá uacht ann.

Deonú ionadaíochta:	Chun dearbhú dlíthiúil a fháil ar a c(h)eapachán, caithfidh an tIonadaí Pearsanta iarratas a dhéanamh in Oifig na bProbháidí san Ard-Chúirt ar cháipéis ar a dtugtar Deonú Ionadaíochta. Feidhmíonn Deonú Ionadaíochta mar dhearbhu d'institiúidí airgid (e.g. bainc, cumainn foirgníochta agus comhar creidmheasanna etc) go mbeidh sócmhainní an duine cailte sábhailte i lámha an duine ainmnithe mar Ionadaí pearsanta sa deonú.
Teorainn Ghrúpa:	Teorainn saor ó cháin ag duine (féach freisin Cuid 2.5 den Treoir seo).
Nithe/Maoin Oidhreachta:	Tithe/gairdíní an Stáit agus pictiúir, leabhair, lámhscríbhinní, saothar ealaíona, seodra agus eolaíocht bailiúcháin a mbaineann leas náisiúnta, eolaíochta, stairiúil nó ealaíonta leo de réir na gCoimisinéirí Ioncaim.
Cuideachta Ionchorpraithe:	Cuideachta a bhfuil a hionannas dlíthiúil féin aici.
Luach saor ó mhuirear:	Luach an tsochair i ndiaidh dliteanas, costas agus caiteachais a asbhaint.
Tiomnacht:	Bás a fháil gan uacht a bheith fágtha.
Comhthionóntacht:	Úinéireacht maoin ag beirt nó níos mó a bhfuil an leas céanna acu sa mhaoin iomlán, gan aon scair ar leith agus nuair a bhásaíonn tionónta amháin gheobhaidh an tionónta eile a scair.
Leagáid:	Maoin phearsanta á fhágáil in uacht.
Tionónta Saoil:	Duine a thabharfaidh maoin ar feadh a s(h)aoil.
Leas Teoranta:	Leas atá níos lú ná leas absalóideach, i.e. ar feadh an tsaol nó ar feadh tréimhse ama.
Sinsear díreach:	Tuismitheoir, seantuismitheoir, seanseantuismitheoir, etc.
Dírshliocht:	Leanbh, garchlann, gargarchlann, etc.
Ainmniúchán:	Maoin ainmnithe aon mhaoin a chuireann duine marbh in ainm duine eile dóibh nuair a cailleadh é/í. Téann maoin ainmnithe díreach ag an duine sin de réir rialacha/rialacháin faoinar infheistíodh é agus ní théann sé ag ionadaí pearsanta an duine mhairbh le dáileadh de réir na huachta/díthiomnacha.
Gnáthchónaí:	Úsáidtear an téarma “gnáthchónaí” i ndáil leis an áit a mbíonn gnáthchónaí ar dhuine. Beidh gnáthchónaí ar dhuine atá ina c(h)ónaí sa Stát ar feadh trí bliana cánach i ndiaidh a chéile le héifeacht ó thosach an cheathrú bliain. Ní bheidh duine a mbeidh gnáthchónaí air/uirthe gan a bheith ina c(h)ónaí ann go mbeidh trí bliana i ndiaidh a chéile caite agus gan é/í ina c(h)ónaí sa Stát.
Fágáil Leagáide:	Airgead á fhágáil in uacht.
Tréimhse Áirithe:	Tréimhse áirithe ama, e.g. 10 mbliana.
Ionadaí Pearsanta:	An duine freagrach as gnóthaí an duine mhairbh a chur i gcrích.
Cumhacht Aisghairme:	Áit go dtabharfar tabhartas i saolré diúscróra agus go bhfuil an ceart aige/aici an tabhartas a chúlghairm, i.e. a thógáil ar ais am ar bith.
Quantum Meruit:	Nuair a iarrann duine amháin amach nó go híseal ar dhuine eile seirbhís a thabhairt dó/di gan aon luach saothair a leagan síos, ach de réir imthosca an iarratais caithfear foc as an tseirbhís.
Scaireanna Luaite:	Scaireanna luaite ar an stocmhargadh.
Fuíolláí:	Duine a ghlacann leas iomlán i maoin nuair a thagann deireadh le leas teoranta.
Ceartha Forchoimeáda:	Tá cearta na maoin ag diúscróir dó/di féin nó do dhuine eile, i.e. ceart cónaithe nó ceart cónaithe, cothabhála agus tacaíochta.
Cónaí:	Measfar duine a bheith ina c(h)ónaí sa Stát ar feadh bliana más rud é (a) go gcaitheann sé/sí 183 lá nó níos mó sa Stát sa bhliain sin; nó (b) go gcaitheann sé/sí 280 lá san iomlán sa Stát sa bhliain sin agus sa bhliain roimhe sin. Caithfidh duine a bheith ina c(h)ónaí sa Stát os cionn 30 lá in aon bhliain chun cónaitheacht a bhunú ar an iomlán thuas. Mura bhfuil duine ina c(h)ónaí os cionn 30 lá i mbliain mar a léirítear thuas, ní chuirtear an tréimhse chónaitheach atá níos lú ná 30 lá sa bhliain san áireamh chun an tástáil chomhiomlán a chur i bhfeidhm. Measfar duine a bheith i láthair sa Stát ar feadh lae má tá sé sa tír ag meán oíche. Duine nach bhfuil ina c(h)ónaí sa Stát ag teacht go hÉirinn atá in ann a léiriú go bhfuil sé beartaithe aige/aici fanacht anseo agus a bheith ina c(h)ónaí ann an bhliain ina dhiaidh sin, féadfaidh sé/sí a roghnú, bheith ina c(h)ónaitheach don bhliain a thagann sé/sí.

Iarmhar:	Cuid d'eastát an duine mhairbh atá fágtha i ndiaidh fiacha agus oidhreacht a bheith íoctha..
Leagáidí Iarmharach:	An duine a ghlacann cónaí ar an eastát i ndiaidh gach fiach agus oidhreacht a bheith íoctha. Glacann an leagáidí eastát pearsanta agus glacann an réadtiomnaí an eastát réadach.
Dliteanas Tánaisteach: (agus/nó réadtiomnaí):	Féach duine cuntasach. Mura n-íocann an tairbhí cáin ansin féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iallach a chur ar dhuine tánaisteach dlite é a íoc, e.g. gníomhaire, iontaobhaí, ionadaí pearsanta, etc.
Dliteanas Slánaithe:	Dliteanas atá slánaithe ar mhaoín shonraithe, e.g. morgáiste.
Socraíocht:	An ionstraim lena socraítear talamh nó maoin eile
Socraitheoir:	Duine a dhéanann talamh nó maoin eile a shocrú le gníomhas nó uacht.
Cód Situs	Sraith rialacha chun suíomh maoin a dhéanamh amach ar mhaithe lena chinntiú an gcaithfear cáin a íoc orthu i ndlínse áirithe.
Stoc Trádála:	Sócmhainní a úsáidtear le gnó, e.g. beoir agus biotáille i dteach tábhairne.
Strainséirí ó thaobh fola:	Daoine nach bhfuil aon nach eatarthu ó thaobh fola nó pósadh bailí.
Fochearta Cánacha :	Nuair a éilíonn Éire agus an Ríocht Aontaithe cáin ar shócmhainní ar fud an domhain agus tá maoin suite i dtríú tír, tugann an tír a bhfuil focheart cánacha aici creidiúint chanach don tríú domhain. Tá rialacha comhaontaithe chun a dhéanamh amach cén tír a bhfuil fochearta cánacha aici.
Comharba:	Duine a fhaigheann oidhreacht.
Marthanas:	Ceart duine maoin a bheith aige/aici mar gheall ar mhaireachtáil níos faide ná duine eile a raibh leas aige/aici ann, e.g. ar bhás comhthionónta faigheann an marthanóir an mhaoín.
Comhshócmhainní Sonraithe:	Comhshócmhainní Sonraithe ina bhfuil ciste comhthiomsaithe agus bainistithe ar mhaithe le hinfheisteoirí.
Gnóthas Comhthionóntacht:	Nuair atá scaireanna neamhroinnte i maoin ag beirt nó níos mó. Nuair a bhásaíonn comhthionónta gheobhaidh an comharba a scair i dteideal agus ní an comhthionónta eile.
Uachtóir:	Duine a dhéanann uacht.
Iontaobhas:	Meicníocht dlí lena bhfuil maoin ag duine amháin ar son agus ar mhaithe le duine eile.
Iontaobhaí:	Duine a bhfuil maoin in iontaobhas aige/aici ar son duine eile.
Faoiseamh Aontaobhach:	Tá feidhm ag faoiseamh aontaobhach dúbailte ó chánacha i ndáil le cáin eachtrannach nuair nach bhfuil aon chomhaontú cánach. Coisceann sé cáin a ghearradh ar an maoin chéanna in dhá thír éagsúil.
Scaireanna Luaite/	PScaireanna cuideachtaí príobháideacha nach luaitear ar an stocmhargadh.
Urraíochtaí: Dliteanas gan urrús:	Dliteanas nach slánaítear aon ar mhaoín ar leithligh.
Uacht:	Fógra lena bhforálann duine (uachtóir) a m(h)aoín a dháileann i ndiaidh a b(h)áis

Ginearálta

Faoin Treoir seo

Cáin Fháltas Caipitiúil (CAT) is ea Cáin Oidhreachta agus Tabhartais.

Tá an Treoir seo curtha le chéile chun cabhrú leat an Tuairisceán Féinmheasúnachta Cáin Oidhreachta/Tabhartais a chríochnú (Foirm IT38) i ndáil le tabhartais nó oidhreachtaí tógtha an **5 Nollaig 2001** nó dá éis. Má tógadh an cháin tabhartais nó oidhreachta roimh an dáta sin ba chóir duit an leagan roimhe seo den Fhoirm IT38 a úsáid, a bhfuil a treoir féin (ar leithligh) ag dul léi chun í a chríochnú (leabhrán IT39).

Má tharlaíonn sé go n-íoctar maoin eachtrannach mar bhronntanas as lontaobhas Roghnach an 5 Nollaig 2001 nó dá éis agus cruthaíodh an t-iontaobhas roimh 1 Nollaig 1999 caithfeadh an seanleagan den fhoirm a úsáid mar go mbaineann na seanrialacha “cónaí an diúscróra” le sochar den sórt sin.

Reachtaíocht

Tagairtí don Acht agus d’ailt den Acht sa Tuairisceán agus sa Treoir seo, mura luaitear a mhalairt, is tagairtí iad don Acht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháiltas Chaipitiúla, 2003. Tá sé seo agus gach Acht eile ar fáil saor in aisce ar láithreán gréasáin Oifig an Ard-Aighne (www.irishstatutebook.ie/front.html). Tagairtí sa Tuairisceán agus sa Treoir seo do shochair is tagairtí iad do Bhronntanais nó Oidhreachtaí. Tagairtí do thairbhíthe is tagairtí iad do dheontaithe nó comharbaí, mar is cuí.

Ciallaíonn “An Stát” sa Treoir seo, agus aird á tabhairt ar Airteagal 3 den Bhunreacht, tagairt don réimse a bhfuil feidhm le dlíthe na hÉireann.

Is chun críche treorach amháin í an Treoir seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil ar an Acht í.

Leagan Amach agus Cur Chuige

Leanann an Treoir seo na céimeanna céanna agus an córas uimhríthe céanna leis an Tuairisceán (Foirm IT38) agus míníonn sé gach céim den tuairisceán ceann i ndiaidh a chéile. Míníonn sé chomh maith na coincheapa tábhachtacha ar an mbealach agus tugann samplaí maith freisin. Chomh maith leis sin tugann Aguisíní nótaí agus samplaí níos fearr ar shaincheistean a bhfuil suim ar leith iontu.

Faisnéis Bhreise nó Cúnamh

Má theastaíonn cúnamh breise uait leis an tuairisceán a chríochnú, nó má theastaíonn faisnéis ghinearálta uait faoi Cháin Tabhartais/Oidhreachta nó faoi fhaoiseamh áirithe, téigh i dteagmháil lenár Seirbhís Faisnéise Cáiníocóra CAT ag

- ◆ 01 738 3673
- ◆ Láithreán Gréasáin www.revenue.ie
- ◆ Aonad Eolais Náisiúnta don Cháin Fáltas Caipitiúil
Ceantar ÍMAT Lár na Cathrach/Tuaisceart na Cathrach
Lároifig Faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim
Sráid na hArdeaglaise
Baile Átha Cliath I
D01 DC78.

Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Féadfar an tuairisceán Cáin Tabhartais/Oidhreachta a líonadh go leictreonach chomh maith agus a íoc trí ROS. Tá ROS ar fáil ag www.revenue.ie.

Tá na buntáistí seo a leanas ag baint le comhdú trí ROS:

- ◆ Próiseáil tuairisceán cánach agus íocaíochtaí níos sciobtha;
- ◆ Úsáid ama níos éifeachtaí;
- ◆ Próiseáil tuairisceán níos cruinne;
- ◆ Laghdú i gcostais ghéilliúntas;
- ◆ Laghdú i láimhseáil páipéar;
- ◆ 2Rochtain 24 uair, 365-lá ar na Coimisinéirí Ioncaim;
- ◆ Modh sciobtha agus sábháilte comhdúcháin;
- ◆ Admháil ar an bpointe ar thuairisceáin agus íocaíochtaí a fháil.

Cén chaoi a gcláraim don ROS?

Roghnaigh an nasc Seirbhís na gCoimisinéirí Ioncaim Ar-líne ó leathanach baile na gCoimisinéirí ag www.revenue.ie. Cliceáil ar “How to become a ROS customer” agus lean na treoracha céim ar chéim.

Réamhcheisteanna Tábhachtacha

Cén maoin a bhfuil Cáin Tabhartais/Oidhreachta dlite ina leith?

Tá cáin tabhartais/oidhreachta dlite ar gach maoin sa Stát.

Tá sócmhainní taobh amuigh den Stát faoi réir cáin tabhartais/oidhreachta más rud é:

- ◆ go bhfuil an diúscróir ina chónaí nó ina chónaí go hiondúil sa Stát ar dháta an chlaonta, nó
- ◆ go bhfuil an tairbhí ina chónaí nó ina chónaí go hiondúil sa Stát ar dháta an tabhartais/oidhreachta, nó
- ◆ i gcás **tabhartais** a íoc as iontaobhais roghnacha, go bhfuil an diúscróir ina chónaí nó ina chónaí go hiondúil sa Stát ar
 - (i) dháta an thabhartais, nó
 - (ii) dháta an chlaonta, i.e. an dáta a cruthaíodh an t-iontaobhas, nó
 - (iii) i gcás tabhartais tógtha i ndiaidh dáta báis an diúscróra, ar dháta a b(h)áis.

Cén fáth a gcaithfidh mé tuairisceán a dhéanamh?

Go bunúsach, tá oibleagáid ort faoin dlí tuairisceán a dhéanamh má tá luach an bhronntanais nó na hoidhreachta (leis féin nó nuair a chuirtear é le tabhartais nó oidhrecht eile, tógtha ó aon fhoinsé sa teorainn **Grúpa** céanna, an 5 Nollaig 1991 nó dá éis) níos mó ná 80% den teorainn saor ó cháin i.e. méid saor ó cháin. Tugtar sonraí na dteorainneacha **Grúpa** tugtha ar **Leathanach 11** de na treoirlínte seo. Caithfidh tú tuairisceán a dhéanamh nuair a deir na Coimisinéirí Ioncaim é.

Cén uair a gcaithfidh mé tuairisceán a dhéanamh agus an cháin a íoc?

Caithfidh tú tuairisceán a dhéanamh agus aon cháin dlite a íoc taobh istigh de cheithre mhí ón dáta ar a dtugtar **dáta na measúnachta**. Sin an dáta a ndéantar luach an bhronntanais nó na hoidhreachta a ríomh. I gcás tabhartais, is é sin dáta an bhronntanais; ach i gcás oidhreachta, is é an dáta is luaithe é agus ní gá gurb é dáta an bháis é. Tá an bealach chun dáta measúnachta a chinneadh i gcás oidhreachta mínithe i **gCuid 3.6, Leathanach 14**.

Go hiondúil beidh aon cháin iniúchta go hiomlán ach, mar sin féin, is féidir íoc i dtráthchodanna i gcásanna áirithe. Mínítear rogha na dtráthchodanna i **gCuid 8.10, Leathanach 29**.

Cé atá freagrach as an tuairisceán?

Tá príomhfhearacht as tuairisceán a dhéanamh agus aon cháin dlite a íoc ar an tairbhí (i.e. an duine a fhaigheann an tabhartas nó oidhrecht). Féadfaidh roinnt páirtithe eile dliteanas tánaisteach a bheith acu, e.g. an t-ionadaí pearsanta i gcás oidhreachta. I gcás cáin oidhreachta, comhdaíonn an príomhionadaí an tuairisceán go minic, ar son an tairbhíthe. I gcás aistriú deonach (tabhartas), tá dliteanas tánaisteach ar an diúscróir, i.e. an duine a thugann an tabhartas.

Cad a tharlaíonn mura n-íoctar an cháin in am?

Go ginearálta, caithfear an cháin a íoc taobh istigh de cheithre mhí ó dháta na measúnachta. Mura n-íoctar an cháin in am, gearrtar ús ag ráta 0.0322% sa lá ó dháta na measúnachta. Roimh an 1 Meán Fómhair 2002 is 1% sa mhí nó cuid de mhí ráta an úis. Mínítear impleachtaí na n-íocaíochtaí deireanacha tuilleadh i **gCuid 8.11, Leathanach 30**.

Cén toradh atá ar tuairisceán mícheart a dhéanamh?

Féadfar Iniúchadh a dhéanamh ar gach tuairisceán. Má léiríonn iniúchadh nár íocadh an cháin ceart, beidh ús le híoc ar aon cháin bhreise agus d'fhéadfaí pionóis a ghearradh air chomh maith. Tugann Cód Cleachtas Iniúchta na gCoimisinéirí (atá ar fáil ó oifigí poiblí nó ó láithreán gréasáin na gCoimisinéirí) tuilleadh faisnéise ar gach gné d'iniúchadh na gCoimisinéirí.

An gcaithfidh mé foirmeacha forlíontacha a líonadh má tá faoiseamh á éileamh agam?

Ní chaithfidh. Mar sin féin, caithfear cáipéisí tacaíochta a choinneáil sé bliana ar fhaitíos go ndéanfaí iniúchadh ar an gcás.

Leanann an chuid seo den Treoir an tsraith chéanna agus an córas uimhreacha céanna leis an Tuairisceán Cánach Tabhartais/Oidhreachta (foirm IT38) agus míníonn sé an tuairisceán céim ar chéim, ag míniú cén chaoi gach gné de a líonadh.

Cuid 1 An Diúscróir

1. Uimh. PSP	<input type="text"/>
2. Ainm	<input type="text"/>
Seoladh	<input type="text"/>
3. An raibh an diúscróir ina chónaí sa Stát, nó an raibh gnáthchónaí air/uirthi sa Stát, ar dháta na diúscartha faoinar thóg an tairbhí an bronnantas/oidhreacht? (✓)	<input type="checkbox"/> Bhí <input type="checkbox"/> Ní raibh
4. Domicile	<input type="text"/>

Is é an diúscróir an duine a thugann an tabhartas nó oidhreacht. Ag braith ar an gcás,

- ◆ féadfaidh an diúscróir a bheith ina d(h)eontaí, i gcás tabhartais;
- ◆ an duine cailte, i gcás oidhreachta; nó
- ◆ an socraitheoir, i gcás ceapacháin ó iontaobhas.

1. Uimhir PSP

Cuir isteach uimhir PSP an diúscróra. Is í an uimhir PSP an uimhir Seirbhíse Poiblí Pearsanta a tháinig in áit an seanuimhir RSI. Mura mbeidh uimhir PSP ann cuirfear an tuairisceán ar ais chuig an seiceadóir/aturnaí agus beidh moill sa phróiseas dá bharr. D'fhéadfadh ús a bheith le híoc chomh maith.

Beidh uimhreacha PSP (uimhreacha RSI roimhe seo) ar fáil go hiondúil ó aon cháipéisíocht ón gCigire Cánach (e.g. teastas ar liúntas saor ó cháin nó fógra measúnaithe) nó ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Féadfaidh cliant a dteastaíonn uimhreacha PSP uathu dul chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nó ag a nOifig is gaire. Caithfidh siad aitheantas bailí a thaispeáint, e.g. teastas breithe fada agus cáipéisíocht eile.

Sa chás go dteastóidh uimhir PSP do dhuine cailte nó do dhuine ina c(h)ónaí thar lear, ba chóir d'aturnaí nó do sheiceadóirí dul i dteagmháil le Client Identity Services* sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go díreach ar facs ag (01) 7043237 nó teileafón (01) 7043281. Teastóidh faisnéis aitheantais sula dtabharfar na huimhreacha.

2. Ainm agus Seoladh

Cuir isteach ainm iomlán agus seoladh deiridh an diúscróra.

3. An raibh an diúscróir ina c(h)ónaí de ghnáth sa Stát ar dháta an claonta ar thóg an tairbhí an tabhartas/oidhreacht?

Léirigh trí (3) “tá” nó “níl” a ticeáil (✓) mar is cuí. Caithfear Cáin Fháiltas Caipitiúil a íoc ar gach maoin, is cuma cá bhfuil sí, má tá an diúscróir nó tairbhí ina c(h)ónaí nó ina g(h)náthchónaí sa Stát ar dháta an tsochair. I gcás eachtrannaigh ina sainchónaí, mar sin féin, tá socrúithe idirthrímhseacha i bhfeidhm go 1 Nollaig 2004. Ciallaíonn sé seo i gcás go mbeidh an diúscróir nó an tairbhí ina sainchónaí ar dháta an tsochair agus an sochar a bheith tógtha roimh 1 Nollaig 2004 ansin ní chaithear leis/léi mar dhuine ina c(h)ónaí nó ina g(h)náthchónaí sa Stát.

Le héifeacht ón 1 Nollaig 2004, ní bheidh duine ina s(h)ainchónaí thar lear a bheith ina c(h)ónaí nó ina g(h)náthchónaí sa Stát mura mbeidh sé/sí ina c(h)ónaí cúig bliana as a chéile roimh dháta an tsochair agus ar an dáta sin a bheith ina c(h)ónaí nó ina g(h)náthchónaí sa Stát. (Féach tábla in Aguisín 10 a leagan amach na himpleachtaí cánach i ndáil le maoin eachtrach roimh 1 Nollaig 2004).

Tabhair faoi deara: Tugtar aird ar leith ar eisceacht do na rialacha thuas i ndáil le hoidhreacht tógtha ó dhiúscróir ina s(h)ainchónaí sna Stáit Aontaithe. Má bhásaíonn diúscróir ina s(h)ainchónaí in aon Stát de Stáit Aontaithe Mheiriceá, ní bheidh aon dliteanas ar cháin oidhreachta le híoc i ndáil le haon mhaoin eachtrach.

4. Sainchónaí

Cuir isteach seoladh sainchónaithe an diúscróra ar dháta an tabhartais/oidhreachta.

Coincheap de dhlí ginearálta is ea sainchónaí atá ar leith ó náisiúntacht nó cónaí. Féadfaidh duine a bheith ina c(h)ónaí i níos mó ná tír amháin, ach, go ginearálta ní féidir é/í a bheith ina s(h)ainchónaí ach i dtír amháin.

Nuair a bheirtear duine teastaíonn saináit chónaithe uaidh/uaithe ó thús agus fanann sé seo leis/léi ar feadh a s(h)aoil mura dtiocfaidh áit roghnaitheach eile ina áit trí dhul go tír eile chun fanacht ann go buan.

Má theipeann saináit chónaithe roghnach mar gheall ar thír a fhágáil go buan ina bhfuil an áit chónaithe reatha beidh an áit chónaithe ó thús i bhfeidhm arís go mbeidh saináit chónaithe eile i bhfeidhm.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach n-aithnítear Stáit Aontaithe Mheiriceá mar cheantar cónaithe. Áit chónaithe ar leithligh gach Stát i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Má bhásaigh an duine i gceann de na Stáit Aontaithe, cuir isteach ainm an Stáit.

Cuid 2 An Tairbhí

1. Uimh. PSP	<input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> - <input type="text"/> <input type="text"/>
2. Ainm	<input type="text"/>
Seoladh	<input type="text"/>
3. An raibh an tairbhí ina chónaí sa Stát, nó an raibh gnáthchónaí air/uirthi sa Stát, ar dháta an bhronntanais/ na hoidhreachta?(✓)	<input type="checkbox"/> Bhí <input type="checkbox"/> Ní raibh
4. Sainchónaí	<input type="text"/>
5. Gaol leis an diúscróir	<input type="text"/>
6. An bhfuil faoiseamh nia/neachta muirní á éileamh?(✓)	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Nil
7. An bhfuil faoiseamh páiste altrama á éileamh?(✓)	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Nil

An Tairbhí an duine a fhaigheann an tabhartas nó oidhreacht. I gcás tabhartais, tugtar “deontaí” ar an tairbhí; i gcás oidhreachta, tugtar “comharba” ar an tairbhí.

1. Uimhir PSP

Cuir isteach an uimhir PSP (féach nótaí i gCuid I i ndáil le huimhir PSP an diúscróir).

2. Ainm agus Seoladh

Cuir isteach ainm iomlán an tairbhithe agus an seoladh deiridh ar eolas.

3. An raibh an tairbhí ina chónaí nó ina chónaí go hiondúil sa Stát ar dháta an tabhartais/oidhreachta?

Léirigh trí “tá” nó “níl” a ticeáil (✓) mar is cuí.

4. Sainchónaí

Cuir isteach seoladh sainchónaithe an tairbhithe ar dháta an tabhartais/oidhreachta.

5. Caidreamh le diúscróir

Cuir isteach caidreamh an tairbhithe leis an diúscróir ar dháta an tabhartais/oidhreachta. Tabhair faoi deara nuair a thugtar sochar ar bhás tionónta faoi shocraíocht, is é caidreamh an tairbhithe leis an diúscróir, i.e. an socraitheoir, a chuirfear isteach anseo agus ní an caidreamh le saol an tionónta. Bí sonrach le do thoil nuair a bheidh an chuid seo á freagairt e.g. ba chóir “leanbh dearthár nó deirfiúr an diúscróra” a úsáid seachas “neacht” nó “nia”.

Is iad na cineálacha caidrimh ná:

- ◆ Leanbh;
- ◆ Deartháir;
- ◆ Deirfiúr;
- ◆ Tuismitheoir;
- ◆ Garchlann;
- ◆ Gargarchlann;
- ◆ Seanmhuintir;
- ◆ Leanbh dearthár nó deirféar;
- ◆ Leanbh faoi aois ag leanbh cailte an diúscróra;
- ◆ Strainséir ó thaobh fola.

Tá an caidreamh leis an diúscróir tábhachtach chun an “teorainn grúpa” cuí a dhéanamh amach.

Nótaí maidir le Caidrimh, Teorainneacha Grúpa agus Innéacsú.

Teorainneacha Grúpa

Cinneann an caidreamh idir an diúscróir agus an tairbhí ar dháta an Tabhartais nó na hOidhreachta an teorainn saor ó cháin is airde – ar a dtugtar an “teorainn” grúpa.

Seo a leanas na teorainneacha grúpa i bhfeidhm

	2003	2002	2001
Grúpa A	€ 441,198	€ 422,148	€ 402,253
Grúpa B	€ 44,120	€ 42,215	€ 40,225
Grúpa C	€ 22,060	€ 21,108	€ 20,113

Tá na teorainneacha grúpa innéacsaithe an I Eanáir gach bliain trí thagairt a dhéanamh don innéacs praghsanna do thomhaltóirí. Is féidir na teorainneacha grúpa innéacsaithe athbhreithnithe do na blianta ina dhiaidh sin a fháil trí theagmháil a dhéanamh lenár Seirbhís Faisnéise Cáiníocóra nó trí chliceáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Grúpa A

Tá feidhm ag teorainn Ghrúpa A nuair is mar seo a leanas an tairbhí

- ◆ leanbh, leanbh faoi aois ag leanbh cailte an diúscróra.

Áirítear leasleanbh nó leanbh uchtaithe (faoi Achtanna Uchtála) ar an téarma “leanbh”.

Ciallaíonn mionúr faoi bhun 18 mbliana déag.

Beidh **leanbh uchtaithe** i dteideal teorainn Ghrúpa A chomh maith i ndáil le sochar a thógfar an 6 Nollaig 2000 nó dá éis má thug an diúscróir aire agus cothú dó/di as a p(h)óca féin, ó bhí sé/sí an-óg go dtí 18 mbliana ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad agus gur chónaigh sé/sí leis an diúscróir chomh maith. Ní bheidh leis an gceanglas 5 bliana i gcás altramaís foirmeálta faoi na Rialacháin chúil um Chúram Leanáí nuair a fhaigheann an leanbh altrama **oidhreacht ar bhás tuismitheoir altrama**.

Teastóidh fianaise ó beirt fhinnéithe ó éilimh ar fhaoiseamh ó leanbh altrama.

Tá teorainn Ghrúpa A ag **tuismitheoirí** a thógann oidhreacht absalóideach ó leanbh. Mar sin féin, dá dtógfadh an leanbh tabhartas nó oidhreacht nach bhfuil díolúinte ó aon tuismitheoir sna cúig bliana roimhe sin, beidh aon oidhreacht a thógfadh tuismitheoir ón leanbh sin díolúinte.

Grúpa B

Beidh feidhm leis na teorainneacha Grúpa B nuair a bheidh an tairbhí

- ◆ ina s(h)insear díreacht e.g. * tuismitheoir nó seantuismitheoir (* tógann tuismitheoirí teorainn Ghrúpa B nuair a thógann siad tabhartas nó leas teoranta in oidhreacht);
- ◆ dírshliocht e.g. garchlann nó gargarchlann;
- ◆ deartháir nó deirfiúr;
- ◆ leanbh dearthár nó deirfiúr an diúscróra.

Grúpa C

Beidh feidhm le teorainn Ghrúpa C maidir le “strainséirí” i.e. nuair a thiteann an caidreamh idir diúscróir agus tairbhí taobh amuigh de Ghrúpa A nó grúpa B.

Roinnt Pointí Breise

- ◆ Tá Tabhartais nó Oidhreacht ó **Chéile** go hiomlán díolúinte – is cuma cé mhéad atá i gceist.
- ◆ In imthosca áirithe, féadfaidh an tairbhí an teorainn a thógáil óna c(h)éile atá cailte i gcás gur bhásaigh an céile sin roimh an diúscróir agus go raibh gaol níos gaire aici/aige leis an diúscróir, e.g. d’fhéadfadh bean mic an diúscróra a bheith i dteideal teorainn Ghrúpa A (seachas Grúpa C) má bhásaigh a fear roimh an diúscróir.

Sampla

Nuair a bhásaigh Mary Smyth i mí Meán Fómhair, 2002 fágadh a heastát iomlán (ar luach €500,000) ag bean a mic, Anne Smyth. Bhásaigh fear Anne, Thomas, roimh a mháthair. Sna cásanna seo €422,148 (Grúpa A) an teorainn aicme a bhaineann leis an sochar agus ní €21,108 (Grúpa C).

- ◆ In imthosca áirithe, d’fhéadfadh garchlann a bheith i dteideal teorainn Ghrúpa A (seachas Grúpa B) má thógtar an sochar ar bhás tuismitheora amháin an tairbhí a bhí beo faoi dhiúscairt a rinneadh roimh 1 Aibreán, 1975 nuair ba é comaoin an diúscartha pósadh tuismitheoirí an tairbhí. Beidh an diúscróir mar sheantuismitheoir ag an tairbhí.
- ◆ Tá leanbh uchtaithe a ghlacann Tabhartais nó Oidhreachtaí ó thuismitheoir nádúrtha i dteideal teorainn Ghrúpa A. Beidh sé/sí i dteideal teorainn Ghrúpa A óna thuismitheoirí uchtála chomh maith.

6. An n-éilítear faoiseamh ar an rogha neacht/nia?

Léirigh trí “tá” nó “níl” a ticeáil (✓) mar is cuí.

Tugann faoiseamh Rogha Neacht/Nia teideal do thairbhí atá ina neacht nó ina nia den diúscróir a bheith ina “leanbh” den diúscróir fad is a bheidh imthosca áirithe comhlíonta. Tá míniú sonraithe ar fhaoiseamh Rogha Neacht/Nia agus sampla faoin gcaoi a ndéantar é a ríomh le fáil in **Aguisín I, Leathanach 39**.

7. An bhfuil faoiseamh leanbh altrama éilithe?

Léirigh trí “tá” nó “níl” a ticeáil (✓) mar is cuí. Féach nóta maidir le Faoiseamh Uchtaithe i dteorainn Ghrúpa A ag 5 thuas.

Sainráiteas Amhrais

Sainráiteas Amhrais – má tá tú éiginnte faoi ionramháil chánach aon ní sa tuairisceán seo, cuir tic (✓) sa bhosca seo le do thoil agus cuir litir chluádaigh leis an tuairisceán seo ina mbeidh an pointe atá i gceist leagtha amach go soiléir.

Léirigh trí tic (✓) a chur sa bhosca mura bhfuil tú cinnte faoin gcáin le híoc ar aon ní sa tuairisceán. Más ea, cuir litir chumhdaigh isteach ag leagan na sonraí seo amach go soiléir:

- ◆ sonraí iomlána na n-imthosca a bhaineann leis an gceist faoi amhras;
- ◆ an méid cánach a bhfuil amhras fúithi;
- ◆ tagairt a dhéanamh d’fhorálacha an dlí a thugann amhras.

Chomh maith leis caithfear aon cháipéisíocht tacaíochta a chur isteach leis an litir chumhdaigh.

Má ghlacann na Coimisinéirí loncaim leis an Léiriú Amhrais, ní ghearrfar aon ús ar aon cháin a thagann as ina dhiaidh sin.

Baineann na rialacha seo a leanas leis na cásanna “léiriú amhrais”:

- ◆ ní féidir glacadh le léiriú amhrais mura mbeidh an tuairisceán curtha isteach in am;
- ◆ eiseofar admháil go bhfuarthas léiriú amhrais ar an bpointe agus caithfidh an cáiníocóir é seo a choinneáil mar thaifead;
- ◆ ní mheasfar litir ar léiriú amhrais a bheith seolta mura mbeidh sí aitheanta ag na Coimisinéirí loncaim;
- ◆ mura nglacfar leis an léiriú amhrais, cuirfear comhairle ar an gcáiníocóir dá réir sin i scríbhinn agus beidh ús iníoctha ar aon cháin bhreise le híoc;
- ◆ má ghlactar leis an Léiriú Amhrais, déanfaidh na Coimisinéirí loncaim rialú ar an mbealach ceart leis an idirbheartaíocht a dhéanamh. Más rud é, dá bharr sin, go mbeidh cáin bhreise le híoc ní bheidh aon ús le híoc má íoctar an cháin taobh istigh de mhí;
- ◆ má úsáidtear an léiriú amhrais ní bheidh seans níos mó ann go roghnófar cás le hiniúchadh;
- ◆ forálann an dlí nach nglacfaidh na Coimisinéirí le léiriú amhrais:
 - (i) mas rud é go mbeidh treoirlínte ginearálta eisithe, e. g. Treoir maidir le Cáin Fháiltas Caipitiúil, Ráitis Chleachtais, Bileoga Eolais, Nótaí Treoracha, Bunachar Sonraí Fasaigh Saoráil Faisnéise faoin dlí a chur i bhfeidhm i gcásanna eile mar é;
 - (ii) má tá siad den tuairim go bhfuil an cheist saor ó amhras ar gach slí eile agus nach gá léiriú amhrais;
 - (iii) an tuairim go raibh an cáiníocóir ag gníomhú chun cáin a imghabháil nó a sheachaint.

Cuid 3 Cineál an tSochair/Dátaí Cuí

1. An bronntanas nó oidhreacht é an sochar?(✓) <input type="checkbox"/> Bronntanas <input type="checkbox"/> Oidhreacht	
2. Cén chaoi (faoi cén diúscairt) ar tháinig an sochar?(✓) <input type="checkbox"/> Uacht <input type="checkbox"/> Díthiomnacht <input type="checkbox"/> Marthanas <input type="checkbox"/> Gníomhas <input type="checkbox"/> Eile (sonraigh) _____	
3. Dáta an bhronntanais/na hoidhreachta <input type="text" value="LL/ MM/ BBBB"/>	4. Dáta bhás an diúscróra (más infheidhme) <input type="text" value="DD/ MM/ YYYY"/>
5. Dáta an deonaithe (más uacht/díthiomnacht í an diúscairt) <input type="text" value="LL/ MM/ BBBB"/>	6. Dáta na luachála <input type="text" value="DD/ MM/ YYYY"/>
7. An leas teoranta é an sochar go hiomlán nó i bpáirt?(✓) <input type="checkbox"/> Sea <input type="checkbox"/> Ní hea	
Más ea, cuir in iúl (a) inscne aon duine a bhfuil an leas tógtha dá shaol/ dá saol (✓) <input type="checkbox"/> Fir <input type="checkbox"/> Mná	
(b) dáta breithe aon duine a bhfuil an leas tógtha dá shaol/ dá saol	<input type="text"/>
(c) fad aon tréimhse chinnte a bhfuil an leas tógtha di	<input type="text"/>
(d) an factóir aoise nó iolraitheoir reachtúil eile	<input type="text" value="0"/> . <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>

1. An tabhartas nó oidhreacht atá i sochar?

Léirigh, trí tic (✓) a chur sa bhosca cuí, cé acu ar tabhartas nó oidhreacht an sochar

Go ginearálta, measfar gur thóg duine tabhartas nuair a bhíonn sé/sí i **dteideal seilbh a fháil** ar aon sochar níos lú ná an luach airgid iomlán agus nach bhfuil aon bhás i gceist.

I gcás oidhreachta, measfar gur thóg duine oidhreacht nuair a bhíonn sé/sí i **dteideal seilbh a fháil** ar aon sochar níos lú ná an luach airgid iomlán agus go dtógfar é ar an mbás. Tá sé tábhachtach a mheabhrú duit féin nach gá gurb é bás an diúscróra an “bás” i gceist. I gcás go dtógfar sochar ar bhás duine nó trí thagairt do bhás duine gur oidhreacht atá ann, e.g. ar bhás tionónta saoil.

Tá an chéad €3,000 (€1,270 roimh 1 Eanáir 2003) d’aon tabhartas díolúinte ó CAT (Alt 69 den Acht). Féach chomh maith **Cuid 7, Leathanach 25**.

Gearrtar 20% ar Cháin Tabhartais agus ar Cháin Oidhreachta.

2. Cén chaoi (faoi cén claonadh) ar tharla an sochar?

Léirigh trí tic (✓) a chur sa bhosca cuí an cineál claonta más eile, sonraigh le do thoil.

Léiríonn an cheist roinnt cineálacha claonta níos coitianta faoinar féidir le sochar tarlú agus a d’fhéadfadh CAT a ghearradh, i.e.

- ◆ uacht,
- ◆ díthiomnacht,
- ◆ trí mharthanas (i gcás comhthionóntachta),
- ◆ gníomhas.

Tá go leor cineálacha eile claonta, e.g. ainmniúchán agus spás curtha ar fáil don chlaonadh cuí a shonrú.

3. Dáta an tabhartais/na hoidhreachta

Cuir isteach dáta an tabhartais nó na hoidhreachta.

Is é dáta an tabhartais an dáta na heachtra ina mbeidh an tairbhí “i dteideal i seilbh” don sochar. Go hiondúil is é seo an dáta a fhaightear an tabhartas.

Is é dáta na hoidhreachta go hiondúil dáta báis an uachtóra, díthiomnóra nó tionónta saoil a dtógtar an oidhreacht ar a b(h)ás. I gcás go mbíonn oidhreach faoi dhíthiomnacht nó go dtugtar í ar an bpointe in uacht (mar leagáid, réadtiomnú nó fuílleach), is é dáta na hoidhreachta dáta báis an diúscróra. Má thógtar an oidhreacht ar bhás tionónta saoil, is é dáta na hoidhreachta dáta báis an tionónta saoil.

4. Dáta báis diúscróra (más cuí)

Cuir isteach dáta báis an diúscróra.

5. Dáta tugtha (más uacht nó díthiomnacht an claonadh)

Cuir isteach dáta a deonaíodh probháide nó a Riaradh má fuarthas an deonú. Caithfidh an tIonadaí Pearsanta Mionscríbhinn na gCoimisinéirí Ioncaim Intíre, Foirm C.A.24, a líonadh agus a sheoladh ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim le deimhniú mar réamhbheart chun Deonú Ionadaíochta a fháil ó Oifig na bPromháidí san Ard-Chúirt i ndáil le eastát duine cailte.

6. Dáta na Measúnachta

Cuir isteach dáta na measúnachta.

Is é dáta na measúnachta an dáta a bhunaítear luach margaidh na maoine ina bhfuil an tabhartas/oidhreacht. I gcás Tabhartais, is é dáta na measúnachta dáta an tabhartais de ghnáth.

I gcás Oidhreachta, is é dáta na measúnachta an dáta **is luaithe** acu seo a leanas de ghnáth.

- ◆ féadfar dáta ábhair na hoidhreachta a choinneáil ar mhaithe leis an tairbhí;
- ◆ coimeádtar an dáta ar mhaithe leis an tairbhí;
- ◆ an dáta a aistrítear é nó a íoctar é leis an tairbhí.
- ◆ Is é Dáta na Measúnachta dáta an bháis sna cásanna seo a leanas:
- ◆ tabhartas a tugadh ag machnamh ar bhás (Donatio Mortis Causa);
- ◆ sa chás nach mbeidh cumhacht aisghairme úsáidte;
- ◆ nuair a aistríonn maoin faoi mharthanais nó faoi iontaobhas.

Léiríonn na samplaí seo a leanas Dáta na Measúnachta do shochair éagsúla.

Sampla 1

Dáta Measúnachta oidhreachta tógtha faoi Uacht

D'fhág an tUasal O'Toole an mhaoin seo san iomlán a leanas ina uacht:

- a teach ag a dheirfiúr Anne, a bhí ina cónaí leis;
- €50,000 i leagáid, ag a nia, Brendan;
- an chuid eile dá eastát, scaireanna luaite agus cuntais bhainc san áireamh, ag a dheartháir Charles.

Dáta na Measúnachta do gach oidhreacht de ghnáth ná -

- ◆ dáta báis i ndáil leis an teach (Anne ina cónaí sa teach cheana féin);
- ◆ dáta deonú probháide i ndáil leis an leagáid (dá mbeadh leagáid íoctha le Brendan roimh an dáta sin, is é dáta na híocaíochta dáta na measúnachta ansin);
- ◆ dáta an deonú probháide i ndáil leis an gcuid eile.

Sampla 2

Dáta Measúnachta na hOidhreachta tógtha faoi Dhíthiomnacht

I gcás díthiomnachta, is é Dáta Measúnachta gach oidhreachta tógtha ag an neasghaol dáta a thabharfar an riaradh go hiondúil.

Sampla 3

Dáta Measúnachta an Tabhartais agus n hOidhreachta tógtha faoi Ghníomhas

Roinn Joe Murphy nuair a d'éirigh sé as an bhfeirmeoireacht a thalamh mar seo a leanas:

- dá dheirfiúr Margaret, dá saol (tabhartas é seo);
- ar a bás dá nia John go habsalóideach (oidhreacht a bheidh anseo óna uncail Joe ar bhás Margaret).

Seo a leanas Dátaí na Measúnachta:

- ◆ dáta an ghníomhais i ndáil leis an tabhartas de leas saoil do Margaret;
- ◆ dáta báis Margaret i gcás oidhreachta John.

Tábhacht Dáta na Measúnachta

- ◆ Déanfar luach margaidh na maoine, ábhar an tsochair, a chomhlíonadh ar dháta na measúnachta.
- ◆ Tá cáin dlite agus iníoctha ar dháta na measúnachta. Mar sin féin tá tréimshe nach mbainfear ús amach má íoctar cáin taobh istigh de cheithre mhí ó dháta na measúnachta.
- ◆ Má tá an cháin á híoc i dtráthchodanna reachtúla beidh an chéad tráthchuid le híoc bliain i ndiaidh dáta na measúnachta.
- ◆ Tá cáin ina muirear ar mhaoin ar dháta na measúnachta.
- ◆ Déantar an scrúdú céatadán ar fheirmeoirí, i.e. scrúdú 80% d'fhaoiseamh talmhaíochta, ar dháta na measúnachta (**féach Aguisín A, Leathanach 33**).

Tabhair faoi deara: Forálann an reachtaíocht gurb iad na teorainneacha grúpaí cuí, rátaí cánach, faoisimh etc. a úsáidtear chun dliteanas cánach an tairbhí a dhéanamh amach ná iad siúd a bhaineann leis an dáta sochair agus ní le dáta na measúnachta.

7. An leas teoranta iomlán nó páirteach atá sa sochar?

Léirigh trí (✓) “tá” nó “níl” a ticeáil mar is cuí.

Má thugann an sochar, nó cuid den sochar, níos lú ná úinéireacht absalóideach don tairbhí, ba chóir é seo a léiriú trí tic a chur sa bhosca “tá” agus páirteanna (a), (b) nó (c) a líonadh mar is cuí agus an fachtóir cuí a chur isteach i (d). Figiúr matamaitice atá san fhachtóir cuí atá beartaithe chun luach achtúireach an tsochair a léiriú bunaithe ar aois agus inscne an tairbhí.

Tá na rialacha maidir le leasanna teoranta a luacháil le fáil i Sceideal 1 den Acht agus arís in **Aguisín 7, Leathanach 59** den treoir seo. Baineann Tábla A den Sceideal le leasanna saoil agus Tábla B le leasanna tógtha ar feadh tréimhse áirithe.

Má tá, luaigh iad seo a leanas

- (a) **inscne aon duine ar tógadh an leas ina leith?** -Léirigh inscne trí tic (✓) a chur sa bhosca cuí i leith an duine ar tógadh an leas ina leith.
- (b) **dáta breithe aon duine ar tógadh leas ina leith** – Cuir isteach dáta breithe an duine ar tógadh an leas ina leith. Is é seo dáta breithe an tairbhí ach d’fhéadfadh gur dáta breithe duine eile a bheadh ann dá gcríochnódh an leas ar bhás an duine eile sin.

Sampla

Faigheann Frank teach dá shaol mar oidhreacht. Tá sé 50 bliain d’aois ar dháta na measúnachta. Tá an aois bunaithe ar an mbreithlá roimhe sin. Tabhair faoi deara gurb é aois an tairbhí ar dháta na measúnachta atá tábhachtach. Faightear fachtóir na haoise a bhaineann le fear 50 bliain d’aois ó Chuid 2, Tábla A, colún 3 agus is é sin 0.7287 agus ba chóir an fachtóir seo a chur isteach ag (d). (Dá mba bean an tairbhí, bheadh an fachtóir aoise le fáil i gcolún 4 den Tábla).

- (c) **fad na tréimhse a dtógtar an leas** –Cuir isteach anseo an tréimhse a dtógtar an leas e.g. má gheallann Mary €5,000 sa bhliain a íoc lena nia Michael ar feadh 10 mbliana, ba chóir “10 mbliana” a chur sa bhosca.

Sampla

Glacann Joan leas i maoin ar feadh 10 mbliana. Faightear an tIolraitheoir cuí do leas 10 mbliana ó Chuid 3, Tábla B, colún 2 agus is é sin 0.4913 agus ba chóir an fachtóir seo a chur isteach ag (d).

- (d) **fachtóir aois nó iolraitheoir reachtúil eile** – Cuir isteach an fachtóir cuí (iolraitheoir). Más leas saoil an leas a thógtar, cuir an fachtóir aoise a bhaineann le haois agus inscne an tairbhí ó **Thábla A, Aguisín 7 Leathanach 63**.

Más rud é, gur ar feadh tréimhse áirithe an leas, cuir isteach an fachtóir ó **Thábla B, Aguisín 7, Leathanach 65** oiriúnach do thréimhse áirithe ama.

Sa chás gur do leas eile an leas teoranta singil, e.g. chun dhá shaol a chomhleanúint ar aghaidh, ba chóir sonraí maidir le haois agus inscne na ndaoine ar fad a chur ar bhileog ar leithligh.

Tá nóta sonraithe ar rialacha, mar aon le samplaí, do gach leas teoranta leagtha amach in **Aguisín 7, Leathanach 59**.

Más níl an freagra téigh ar aghaidh go Cuid 4.

Cuid 4 – Faisnéis chuí eile

1. Do cháin oidhreachta agus sin amháin - ar tógadh an oidhrecht ar bhás duine nárbh é/i an diúscróir é/i? (✓)	<input type="checkbox"/> Tógadh	<input type="checkbox"/> Níor tógadh
Má tógadh, cuir in iúl (a) ainm an duine sin <input type="text"/>	agus (b) dáta an bháis	<input type="text" value="LL/ MM/ BBBB"/>
2. Do cháin bhronntanais agus sin amháin - ar thóg an diúscróir aon bhronntanas laistigh de 3 bliana roimh dháta an bhronntanais atá iontráilte i gCuid 3 thuas, nó laistigh de 3 bliana ina dhiaidh? (✓)	<input type="checkbox"/> Thóg	<input type="checkbox"/> Níor thóg
3. An bhfuil an cháin ar fad, nó aon chuid di, á hóc as fáiltas pholasaí 72/73? (✓)	<input type="checkbox"/> Tá	<input type="checkbox"/> Níl
Má tá, (a) iontráil fáiltas an pholasaí		€ <input type="text"/>
(b) cuir in iúl an méid de na fáiltas atá á húsáid chun an cháin a íoc sa tuairisceán seo		€ <input type="text"/>
(c) cuir in iúl méid aon fharasbarr arna thógáil ag an tairbhí seo		€ <input type="text"/>
4. An bhfuil an cháin ar fad, nó aon chuid di, á hóc ag an diúscróir? (✓)	<input type="checkbox"/> Tá	<input type="checkbox"/> Níl
Má tá, cuir in iúl an méid <input type="text"/>		€ <input type="text"/>

1. Do cháin oidhreachta amháin- ar tógadh an oidhrecht ar bhás an duine seachas an diúscróir?

Léirigh trí (✓) “tá” nó “níl” a ticeáil mar is cuí.

An aidhm atá leis an gceist seo ná a dhéanamh amach ar cén bás a tógadh an oidhrecht.

Más ea, abair (a) ainm an duine agus (b) dáta báis –Más “tá” an freagra ar an gceist cuir isteach ainm agus dáta báis an duine sa bhosca cuí.

Tá sé seo iomchuí, mar shampla, i gcás socraíochta a rinneadh le huacht, go dtéann maoin chuig duine ar feadh a shaoil agus ansin chun duine eile go habsalóideach. Nuair a bhásaíonn an tionónta saoil, tógann an tairbhí reatha an mhaoin mar oidhrecht ón diúscróir i.e. an socraitheoir cailte agus ní ón tionónta saoil. I gcás den sórt sin, teastaíonn faisnéis chun dáta ceart na hoidhreachta a fháil amach, i.e. dáta báis an tionónta saoil, a chinneann i measc rudaí eile, an dáta a gcaithfear an mhaoin a luacháil, teorainn an ghrúpa a bhaineann agus critéir áirithe eile d’aon fhaoiseamh a d’fhéadfadh a bheith i bhfeidhm maidir leis an sochar reatha.

2. Do cháin tabhartais amháin –ar thóg an diúscróir aon tabhartas taobh istigh de 3 bliana roimh dáta an tabhartais i gCuid 3 thuas nó ó shin?

Léirigh trí (✓) “tá” nó “níl” a ticeáil mar is cuí.

Baineann an cheist seo le foráil frithsheachanta in alt 8 den Acht, atá deartha chun “roinnt tabhartais” a chosc.

Is fearr roinnt tabhartais a mhíniú trí léaráid. I gcás go dtabharfaidh Diúscróir (B) tabhartas do Thairbhí (C) agus sa trí bliana roimh an tabhartas a thabhairt do Thairbhí (C) ó shin, gur thóg Diúscróir (B) tabhartas ó dhiúscróir eile, Diúscróir (A), ansin measfar an tabhartas a thóg (C) a bheith tógtha ó (A) agus ní ó (B).

Sampla

In Eanáir 2002 tugann athair, Diúscróir (A), tabhartas dá mhac (B) €500,000. I nDeireadh Fómhair 2002 tugann an mac, Diúscróir (B), tabhartas dá bhean, Tairbhí (C), teach ar luach €500,000. Measfar gur thóg an bhean, Tairbhí (C) tabhartas an tí óna hathair céile Diúscróir (A) agus ní óna fear céile Diúscróir (b).

Sa sampla thuas, gan foráil frithsheachanta a bheith i bhfeidhm, ba chóir don tabhartas ó (B) dá bhean (C) a bheith díolúinte ó cháin, cé, i ndáiríre go bhfuil sí ag tógáil tabhartais óna hathair céile (A).

Mar sin féin nuair is féidir a léiriú do na Coimisinéirí loncaim nach dearnadh an tabhartas in Eanáir 2002 chun an tabhartas i nDeireadh Fómhair 2002 a éascú, meastar gurb é (B), céile (C), a rinne an tabhartas i nDeireadh Fómhair.

Seo sampla den chás seo:

Aistríonn athair teach chuig a mhac pósta i mí Bealtaine 2002. Teastaíonn morgáiste ón mac chun an teach a athchóiriú nó píosa a chur leis. Seans maith go mbeadh an foras iasachta ag iarraidh go mbeadh an teach in ainm an mhic agus a bhean sula dtabharfaí iasacht. Aistríonn an mac leath den teach in ainm a bhean i Meitheamh 2002. Faoi fhorálacha alt 8, mheasfaí gur thóg an bhean leath den teach mar thabhartas óna hathair céile ach sa chás seo ghlacadh na Coimisinéirí loncaim leis nach dearnadh an chead tabhartas i.e. aistriú ó athair go mac, chun an dara tabhartas, i.e. mac go céile, a éascú.

3. An bhfuil aon chuid den cháin á íoc as an airgead i bpolasaí 72/73?

Léirigh trí (✓) “tá” nó “níl” a ticeáil mar is cuí.

Tá an t-airgead ó pholasaithe árachais áirithe díolúinte mar nach n-úsáidtear iad chun cáin tabhartais/oidhreachta a íoc.

Má tá

(a) **cuir isteach an t-airgead sa pholasaí €** - Cuir isteach an méid le hóc ar an bpolasaí.

(b) **abair cé mhéid atá á úsáid chun an cháin ar an tuairisceán seo a íoc €**- Cuir isteach an méid airgid á úsáid chun an cháin dlite ar an tuairisceán seo a íoc (ní féidir é seo a dhéanamh ach nuair a bheidh an dliteanas cánach déanta amach).

- (c) **abair cé mhéid farasbairr tógtha ag an tairbhí** €- Cuir isteach an méid farasbairr sa pholasáí tógtha ag an tairbhí nach bhfuil á úsáid chun an cháin a íoc (arís ní féidir é seo a dhéanamh ach nuair a bheidh an dliteanas cánach déanta amach).

In Alt 72 agus 73 tá polasaithe ar polasaithe speisialta árachais iad tógtha amach go sonrach le húsáid chun Cáin Oidhreachta a dhiúscairt (alt 72) agus Cáin Tabhartais (alt 73) cé go bhfuil méid áirithe athruithe idir faoiseamh i bhfeidhm don dá pholasáí. Níl imeachtaí na mbeartas, a mhéid a úsáidtear iad chun aon tabhartas nó cáin oidhreachta a dhiúscairt, dlite do cháin iad féin. Ach má tá aon chuid de na himeachtaí fágtha, mar sin féin, i ndiaidh dliteanas cánach a dhiúscairt, beidh an fuilleach seo dlite do cháin tabhartais/oidhreachta ag 20%.

Forálann **Alt 72** do dhíolúine ó imeachtaí polasaithe cáilitheacha áirithe a mhéid a úsáidtear na himeachtaí chun cáin oidhreachta a íoc a thagann ó bhás an duine faoi árachas nó taobh istigh de bhliain óna b(h)ás.

Polasáí árachais cáiliúcháin is ea polasáí árachais:

- ◆ i bhfoirm ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim;
- ◆ a n-íocann an t-árachóir préimheanna bliantúla ina leith i rith a s(h)aoil (tabhair faoi deara nach leor polasáí préimhe singil);
- ◆ a chuirtear i bhfeidhm go sonrach faoin alt seo ar mhaithe le cáin iomchuí a íoc.

Ciallaíonn “cáin iomchuí” cáin oidhreachta iníoctha i ndáil le hoidhreacht a thógtar faoi chlaonadh a dhéanfaidh an duine faoi árachas nuair is ionann dáta na hoidhreacht agus dáta báis an duine faoi árachas nó taobh istigh de bhliain ón mbás. Áirítear ar cháin iomchuí cáin oidhreachta iníoctha ar mhaoin ag dul trí mharthanas, nó ainmníúchán chomh maith le maoin ag aistriú faoi uacht nó díthiomnacht.

Chomh maith le polasáí saoil singil, féadfaidh beirt chéilí Alt 72 a chur i bhfeidhm, agus beidh an t-airgead iníoctha ar bhás an mharthanóra ón bheirt chéilí nó ar bhás na beirte le chéile. Féadfaidh tionónta saoil polasáí a chur i bhfeidhm chun cáin a chlúdach nuair a bhásaíonn sé/sí faoi chlaonadh a dhéanamh an chéad diúscróir.

Sampla

Bhásaigh John in 2002 agus d’fhág a eastát glan ar luach €1,000,000 i sciaranna cothroma ag a dhá dheirfiúr Mary agus Clare a fuair €500,000 an duine as. Ar a bhás, bhí polasáí árachais €200,000 .

Tairbhí	Oidhreacht	Teorainn	Cáin	Airgead ón bPolasáí	Díolúine	Díolúine faoi réir Cánach ag 20%
Mary	€500,000	€42,215	€91,557	€100,000	€8,443	€1,688.60
Clare	€500,000	€42,215	€91,557	€100,000	€8,443	€1,688.60

Forálann Alt 73 do dhíolúine airgid ar pholasaithe cáilitheacha áirithe a úsáidtear chun cáin tabhartais nó oidhreachta a íoc a tharlóidh mar gheall ar thabhartas a thabharfaidh an duine faoi árachas. Caithfear an tabhartas a dhéanamh taobh istigh de bhliain ó airgead an pholasaithe a bheidh iníoctha.

Polasáí árachais cáiliúcháin is ea polasáí árachais:

- ◆ i bhfoirm ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim;
- ◆ a n-íocann an t-árachóir préimheanna bliantúla ina leith;
- ◆ a gcaithfidh tréimhse mhaoiníúcháin ocht mbliana a bheidh ann ina leith. Mar sin féin, féadfar an t-airgead a úsáid am ar bith i rith na tréimhse seo má bhásaíonn an duine faoi árachas nó má bhíonn sé/sí go dona tinn;
- ◆ atá i bhfeidhm go sainráite faoi alt seo ar mhaithe le cáin iomchuí a íoc;
- ◆ beidh an t-airgead iníoctha ar an dáta ceaptha.

Is é an “dáta ceaptha” an dáta ar a laghad ocht mbliana i ndiaidh an dáta ar tógadh an polasáí amach nó nuair a fuair an duine faoi árachas go dona tinn nó má bhásaíonn sé/sí roimh an dáta sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar pholasaithe ailt 72 agus 73 féach ar Ráiteas Cleachtais (SP-CAT/2/91) le do thoil.

4. An bhfuil aon chuid den cháin nó an cháin iomlán á íoc ag an diúscróir?

Léirigh trí (✓) “tá” nó “níl” a ticeáil mar is cuí. Féach nóta in **Aguisín 8. 7, Leathanach 69** le do thoil maidir le sochar “saor ó cháin” a ríomh.

Más ann, abair cé mhéid €- Cuir isteach méid na cánach á híoc ag an diúscróir (ní féidir é seo a dhéanamh ach i gcás go mbeidh an dliteanas cánach déanta amach).

Aim agus Seoladh an duine ar chóir comhfhreagras a chur chuige/chuici Cuir isteach ainm agus seoladh an duine

Cód an Ghníomhaire -

Cuir isteach cód an ghníomhaire.

Uimhir Thag. an Ghníomhaire -

Cuir isteach uimhir thagartha an ghníomhaire.

Uimhir Ghutháin an Ghníomhaire -

Cuir isteach uimhir ghutháin an ghníomhaire.

Aim agus seoladh an duine ar chóir comhfhreagras a sheoladh chuige

Is féidir cabhair bhreise ó thaobh líonadh an tuairisceáin a fháil trí theagmháil a dhéanamh le Aonad Eolais Náisiúnta don Cháin Fáltais Caipitíúil Ceantar, IMAT Lár na Cathrach/Tuaisceart na Cathrach, Lároifig Faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim, Sráid na hArdeaglaise, Baile Átha Cliath 1 D01 DC78.

Teil. 01 738 3673

Cód an Ghníomhaire _____

Uimhir thag. an Ghníomhaire _____

Uimhir theil. an Ghníomhaire _____



Cuid 5 Sonraí an tSochair

Sonraí na maoiné ina bhfuil an tabhartas/oidhreacht ar dháta na measúnachta

Leagan amach an tSochair

I gCuid 5, caithfidh tú na cineálacha éagsúla maoiné a rangú ina bhfuil an sochar de réir na n-aicmí seo a leanas, nuair is féidir,

- ◆ **Painéal A** - Maoin talmhaíochta lena mbaineann Faoiseamh Talmhaíochta,
- ◆ **Painéal B** - Maoin ghnó lena mbaineann Faoiseamh Gnó, agus
- ◆ **Painéal C** - Gach maoin eile, i.e. maoin seachas maoin i bPainéal A agus Painéal B.

Is iad na luachanna atá le cur san áireamh ná luachanna margaidh na maoiné ar dháta na measúnachta. (féach Cuid 3.6 chun míniú a fháil ar Dháta na Measúnachta).

Cuid 5 a líonadh

Painéal A –Maoin talmhaíochta (ná cuir ach maoin ann lena mbaineann an faoiseamh talmhaíochta).

Sonraí den mhaoin atá sa bhronntanas/oidhreacht ag an dáta luachála	
PAINÉAL A	
Maoin talmhaíochta (ná cuir san áireamh ach amháin maoin a bhfuil feidhm ag faoiseamh talmhaíochta maidir léi) (Tabhair faoi deara: Ní mór Leathanach 5, Aguisín A a líonadh freisin)	€
	iomlán A €

Sula líonfar Painéal A, déan cinnte go mbeidh an mhaoin talmhaíochta i gceist i dteideal faoisimh faoi fhorálacha Alt 89 den Acht. Tá mionsonraí an fhaoisimh seo (mar aon le samplaí) leagtha amach in **Aguisín 2, Leathanach 41**. Mura bhfuil an maoin talmhaíochta i dteideal faoiseamh, ba chóir í a chur san áireamh ar Phainéal C (gach maoin eile). Mar sin féin, féadfaidh maoin talmhaíochta cáiliú d'fhaoiseamh gnó i gcásanna áirithe agus sa chás sin ba chóir é a áireamh ar Phainéal B.

Cuir isteach sonraí na sócmhainní talmhaíochta agus luach margaidh ar dháta na measúnachta ar gach sócmhainn. Cuir isteach luach margaidh iomlán na sócmhainní talmhaíochta ag **iomlán A**.

Agus cur síos á dhéanamh ar mhaoin talmhaíochta is leor cur síos ginearálta. Mar shampla:

- ◆ feirm agus foirgnimh € 500,000
- ◆ beostoc € 100,000
- ◆ innealra feirme € 50,000

Tabhair faoi deara gurb é luach margaidh ar dháta na measúnachta an luach iomlán sa mhargadh i.e. sula mbaintear faoiseamh talmhaíochta as.

Má tá faoiseamh talmhaíochta á éileamh, caithfear **Aguisín A, (Leathanach 5)** den tuairisceán a líonadh. Déantar luach incháilithe na maoiné talmhaíochta a ríomh ag Aguisín A. Líontar an scrúdú céatadain ar fheirmeoirí freisin in Aguisín A.

Painéal B –Maoin ghnó (lena n-áirítear maoin ghnó agus ní aon sócmhainní gnó atá i dteideal faoiseamh talmhaíochta)

Sonraí den mhaoin atá sa bhronntanas/oidhreacht ag an dáta luachála	
PAINÉAL B	
Maoin ghnó (ná cuir san áireamh ach amháin maoin ghnó ábharthach agus ná cuir san áireamh aon sócmhainní gnó atá incháilithe d'fhaoiseamh talmhaíochta) (Tabhair faoi deara: Ní mór Leathanach 6, Aguisín B a líonadh freisin)	€
	iomlán B €

Sula líonfar Painéal B, bí cinnte go gcáilíonn an mhaoin ghnó i gceist mar mhaoin ghnó chuí faoi fhorálacha Alt 93 den Acht. Tá sonraí maidir le faoiseamh gnó leagtha amach in **Aguisín 3, Leathanach 46**. Mura bhfuil an mhaoin ghnó i dteideal faoiseamh, ba chóir í a chur san áireamh ar Phainéal C (gach maoin eile).

Cuid 7 Luach Incháinithe an tSochair

CUID 7 LUACH INCHÁINITHE AN TSOCHAIR		
Margadhluach na maoin ar Leathanach 2, Cuid 5, Iomlán C		
Faoisimh/ díolúiní éilíthe (seachas faoiseamh talmhaíochta/ gnó)	COLÚN C Méid an Fhaoisimh	
(a) Díolúine theach cónaithe Más ea, cuir in iúl dáta breithe an tairbhí LL/ MM/ BBBB	€	
(b) Díolúine mhaoin oidhreachta	€	
(c) Eile (sonraigh)	€	
Iomlán na bhfaoiseamh/ na ndíolúiní		
Luach tar éis faoiseamh/ díolúiní (dealaigh A2 ó A1 agus/ nó B2 ó B1)		
Díteanais, costais agus caiteachas (D'fhéadfadh sé go mbeidh gá agat Leathanch 2, Cuid 6, Iomlán A a chionrionnt má tá faoisimh nó díolúiní á n-éileamh)		
Luach saor ó eire (dealaigh A4 ó A3 agus/ nó B4 ó B3)		
Luach an leasa teoranta i.e. B5 X factóir ábharthach 0 . □ □ □ □		
Comaoin (d'fhéadfadh sé go mbeidh gá agat Leathanch 2, Cuid 6, Iomlán B a chionrionnt má tá faoisimh nó díolúiní á n-éileamh)		
Luach incháinithe (Colún A: dealaigh A6 ó A5) (Colún B: dealaigh B7 ó B6)		
Luach incháinithe na maoin (suimigh A7 agus B8)		9 €
Luach incháinithe na maoin talmhaíochta (Leathanach 5, Aguisín A, Painéal 2, Mír 9)		10 €
Luach incháinithe na maoin gnó (Leathanach 6, Aguisín B, Painéal 2, Mír 12)		11 €
Luach incháinithe gach maoin (suimigh 9, 10 agus 11)		12 €
Bain as díolúine do bhronntanais bheaga (i gcás gur ábharthach)		13 €
Luach incháinithe an tsochair (dealaigh 13 ó 12)		14 €

Leagan Amach agus Cur Chuige

I gCuid 7, déantar luach incháinite an tsochair a ríomh trí luach margaidh an tsochair a laghdú trí asbhaintí ceadaithe áirithe. I gCuid 5 – Sonraí an tSochair – roinneadh an mhaoin ina raibh an sochar i dtrí chuid ar leith:

- ◆ **Painéal A** – Maoin talmhaíochta (lena mbaineann Faoiseamh Talmhaíochta),
- ◆ **Painéal B** – Maoin ghnó (lena mbaineann Faoiseamh Gnó),
- ◆ **Painéal C** – Gach maoin eile, i.e. maoin seachas maoin i bPainéil A agus B.

Seo a leanas an cur chuige a úsáideadh i gCuid 7 den tuairisceán:

- ◆ déantar luach incháinite na maoin i bPainéal C (i.e. “gach maoin eile”) a ríomh ag Ítimí A1/B1 go 9;
- ◆ déantar luach incháinite na Maoine Talmhaíochta (lena mbaineann faoiseamh Talmhaíochta) a ríomh ar leithligh ag **Aguisín A** agus a chur isteach in ítim 10;
- ◆ déantar luach incháinite na Maoine Gnó (lena mbaineann faoiseamh Gnó) a ríomh ar leithligh ag **Aguisín A** agus a chur isteach in ítim 11;

Tá trí cholún i gCuid 7, Colún A, do leas absalóideach, Colún B, do leas teoranta. Tá gá leis an deighilt seo mar gheall ar áireamh an luacha incháinite absalóidigh agus tá leasanna teoranta éagsúil (féach B6 thíos). Sa chás go mbeidh leas absalóideach agus teoranta sa sochar, cuirtear a luachanna incháinite le chéile ag ítim 9 chun luach iomlán incháinite “Gach maoin eile” a ríomh.

Tá nóta sonraithe ar leasanna teoranta mar aon le samplaí leagtha amach in **Aguisín 7, Leathanach 59**.

Baineann an tríú colún, i.e. Colún C, le méid na bhfaoiseamh éagsúil a éilítear seachas Faoiseamh Talmhaíochta/Gnó.

Cuid 7 a líonadh

Luach margaidh na maoin ar Leathanach 2, Cuid 5, Iomlán C – Cuir isteach luach iomlán margaidh gach maoin eile, i.e. iomlán tógtha as Leathanach 2, Cuid 5, Painéal C. Más leas absalóideach an leas tógtha ag an tairbhí, cuir isteach é ag A1. Más leas teoranta an leas tógtha ag an tairbhí, i.e. leas saoil nó leas ar feadh tréimhse áirithe, cuir isteach é ag B1.

Sampla

Faigheann John oidhreacht leas saoil i dteach agus €5,000 go habsalóideach. €200,000 luach margaidh an tí.

Chun Cuid 7 den tuairisceán a líonadh, cuirfeadh an €5,000 (leas absalóideach) isteach ag A1 agus €200,000, (luach margaidh iomlán an tí ina dtógtar an leas teoranta) ag B1.

Faoiseamh/díolúine a éilítear (seachas faoiseamh talmhaíochta/gnó)

- (a) Díolúine teach Cónaithe
- (b) Díolúine maoin oidhreachta
- (c) Eile, sonraigh le do thoil

(a) **Díolúine teach cónaithe** – Má tá an tairbhí ag éileamh díolúine teach cónaithe, cuir (a) an luach isteach i gColún C den teach cónaithe. Caithfeadh dáta breithe an tairbhí a chur isteach sa spás a thugtar ag (a). Tá nóta sonraithe ar dhíolúine teach cónaithe le fáil in **Aguisín 4, Leathanach 53**.

(b) **Díolúine maoin oidhreachta** – Má tá an tairbhí ag éileamh díolúine maoin Oidhreachta, cuir (b) luach na maoin isteach i gColún C. Tá nóta sonraithe ar dhíolúine maoin oidhreachta le fáil in **Aguisín 5, Leathanach 54**.

(c) **Eile (tabhair sonraí)** –Má tá aon faoiseamh nó díolúine eile á éileamh, sonraigh le do thoil an faoiseamh/díolúine sa spás a thugtar ag (c) agus cuir isteach méid an fhoisim/díolúine a éilítear i gColún C.

Is é an faoiseamh agus díolúine “eile” a éilítear ag (c) ná:

- ◆ díolúine beartais dearbhaithe áirithe faoi Alt 74 den Acht;
- ◆ díolúine beartaíocht chomhinfheistíochta áirithe faoi Alt 75 den Acht;
- ◆ díolúine oidhreachta áirithe tógtha ag tuismitheoirí faoi Alt 79 den Acht;
- ◆ díolúine i ndáil le hurrúis Rialtais áirithe faoi Alt 81 den Acht;
- ◆ díolúine i ndáil le caiteachais incháilithe daoine faoi mhíchumas faoi Alt 84 den Acht;
- ◆ díolúine i ndáil le sochair scor faoi Alt 85 den Acht.

Tá nóta sonraithe ar an bhfaoiseamh/díolúine agus eile le fáil in **Aguisín 6, Leathanach 56**.

Faoiseamh/díolúine iomlán –Ba chóir iomlán na bhfaoiseamh agus díolúine a éilítear ag Colún C a chur isteach ag A2 agus/nó B2, mar is cuí.

I gcás tuairisceán a roghnú d’iniúchadh, caithfeadh an faoiseamh/díolúine a thacú.

Luach ar fhaoiseamh/díolúine (bain ítim A2 ó ítim A1 agus/nó ítim B2 ó ítim B1)–Bain luach iomlán an fhoisimh/díolúine ó luach iomlán na maoin agus cuir isteach an toradh ag A3 agus/nó B3 mar is cuí.

Dliteanais, costais agus caiteachais (b’fhéidir go mbeadh ort Leathanach 2, Cuid 6, Iomlán A a roinnt má tá faoiseamh nó díolúine á n-éileamh) –Cuir dliteanais, costais agus caiteachais inasbhainte, roinnte más gá, isteach in A3 agus/nó B3 mar is cuí.

Tá dliteanas ginearálta etc. atá gan urrús iníoctha go hinrátaithe ar an maoin iomlán ina bhfuil an sochar. Beidh cionroinnt dliteanas etc. riachtanach má bhíonn aon sócmhainn a bhfuil dliteanas iníoctha ina leith díolúinte nó a bhfuil faoiseamh acu ó cháin. Sa chás sin, níl an dliteanas a bhaineann le maoin dhíolúinte e.g. maoin oidhreachtas inasbhainte agus laghdaítear aon dliteanas a bhaineann le maoin a bhfuil faoiseamh aici e.g. maoin talmhaíochta pro rata de réir méid an fhoisimh.

Tá na nósanna imeachta a rialaíonn roinnt dliteanas, costas agus caiteachas i gcás ina bhfuil maoin Talmhaíochta (lena mbaineann faoiseamh talmhaíochta) agus maoin eile, arna leagan amach go soiléir in **Aguisín 2, Leathanach 41** agus déantar an ríomh ar fhoirm I.T.38 ar Leathanach 5, Aguisín A, Painéal 3 A (i) (talmhaíocht) agus Painéal 3 B (iii) (eile).

Sa chás go mbeidh Maoin Ghnó (lena mbaineann faoiseamh gnó) agus maoin eile leis an sochar amháin, tá feidhm le rialacha cionranna speisialta. Tá siad seo leagtha amach in **Aguisín 3, Leathanach 46**.

I ngach cás eile, tá na rialacha cionranna simplí agus teastaíonn dliteanas, costas agus caiteachas a chionroinnt idir gnéithe den mhaoin ina bhfuil an sochar.

Sampla

Glacann Jack seilbh ar eastát Mary ina bhfuil stoc agus scaireanna ar luach margaidh €100,000 agus pictiúir ar luach €50,000. Tá luach €10,000 ar dhliteanas, costais agus caiteachais an tsochair. Tá na pictiúir i dteideal díolúine mar ábhair leas ealaíona.

Luach margaidh na maoin	€150,000
Bain as maoin díolúinte ó cháin	€ 50,000
Luach margaidh i ndiaidh díolúinte	€100,000
Lúide dliteanas a bhaineann le stoic agus scaireanna	
€100,000 x €10,000	€ 6,667
€150,000	
Dlitéanais a bhaineann leis na pictiúir	
€50,000 x €10,000 = €3,333.33*	
€150,000	

* Níl na dlitéanais a bhaineann leis na pictiúir inasbhainte mar phictiúir díolúinte ó cháin.

Tabhair faoi deara nár chóir ach an chuid de na dlitéanais, costais agus caiteachais iomlána a bhaineann le stoic agus scaireanna, i.e. €6,667 a chur isteach i gCuid 7, A4 nó B4 mar is cuí.

Luach saor ó mhuirear (bain ítim A4 as ítim A3 agus/nó ítim B4 as ítim B3)

Chun an luach saor ó mhuirear a fháil caithfidh tú an uimhir ag A4, agus/nó B4, i.e. dliteanas, costas agus caiteachas a bhaint as an uimhir ag A3 agus/nó B3, i.e. luach i ndiaidh faoiseamh/díolúine agus cuir an toradh isteach ag A5 agus/nó B5 mar is cuí.

Luach an leasa teoranta i.e. ítim B5 X factóir ábhartha 0.

Méadaigh an figiúr ag B5, i.e. an luach saor ó mhuirear faoin bhfactóir cuí don leas teoranta agus cuir an toradh isteach as B6.

Sa chás gur leas teoranta an sochar a tógadh, beidh an luach incháinithe níos lú ná mar a bheadh sé dá mbeadh leas absalóideach tógtha. Déanann reachtaíocht CAT foráil do dhá thábla ag Sceideal I den Acht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháiltais Chaipitiúla, 2003 a úsáidtear chun an factóir cuí le cur i bhfeidhm a bhunú. Baineann Tábla A le leasanna saoil agus Tábla B le leasanna tógtha ar feadh tréimhse áirithe. Chun an luach incháinithe níos ísle seo a ríomh caithfidh an luach saor ó mhuirear ag B5;

- ◆ i gcás leas saoil, á mhéadú faoin bhfactóir aoise cuí faighte ó **Thábla A d'Aguisín 7** den treoir seo, (**Leathanaigh 63 agus 64**).
- ◆ i gcás tréimhse áirithe, á mhéadú faoin iolraitheoir cuí faighte ó **Thábla B d'Aguisín 7** den treoir seo, (**Leathanach 65**).

Beidh an aois (i gcás leas saoil) nó iolraitheoir eile (i gcás tréimhse áirithe) aitheanta cheana féin agus curtha isteach in ítim 7(d) de Chuid 3 den tuairisceán.

Tá nóta sonrath ar leasanna teoranta mar aon le samplaí leagtha amach in **Aguisín 7, Leathanaigh 59 go 62**.

Comaoin - (B'fhéidir go mbeadh ort Leathanach 2, Cuid 6, Iomlán B a chionroinnt má éilítear faoiseamh nó díolúine) – Cuir isteach an comaoin inasbhainte (cionranna más cuí) ag A6 agus/nó B7 mar is cuí.

Mar a léirítear Cuid 6, beidh comaoin, más ann, íoctha ag an tairbhí don sochar inasbhainte chun an luach incháinithe a fháil. Tá na nósanna imeachta chun comaoin a chionroinnt i gcásanna nuair a cháilíonn an mhaoin d'fhoiseamh/díolúine cosúil leo siúd a bhaineann le dliteanas, costas agus caiteachas.

Luach incháinithe -

(Colún A: Bain ítim A6 as ítim A5) - Cuir an freagra isteach in A7.

(Colún B: Bain ítim B7 as ítim B6) - Cuir an toradh isteach ag B8.

Luach incháinithe na maoiné -

(Cuir ítim A7 le hítim B8) – Cuir an toradh isteach ag 9

Luach incháinithe na maoiné talmhaíochta (Leathanach 5, Aguisín A, Painéal 2, ítim 9) – Cuir luach incháinithe na maoiné talmhaíochta a ríomhtar in Aguisín A, Leathanach 5, Painéal 2, Ítim 9 ag 10.

Luach incháinithe na maoiné gnó (Leathanach 6, Aguisín B, Painéal 2, ítim 12) – Cuir luach incháinithe na maoiné gnó a ríomhtar in Aguisín B, Leathanach 6, Painéal 2, Ítim 12 isteach ag 11.

Luach incháinithe gach maoiné (cuir le chéile ítimí 9, 10 agus 11) – Cuir le chéile na huimhreacha ag 9, 10 agus 11 agus cuir isteach an toradh ag 12. Tá luach incháinithe na maoiné ar fad ina bhfuil an sochar faighte amach anois againn.

Asbhain díolúine beag tabhartais (nuair is cuí) – Más tabhartas an sochar reatha, cuir isteach figiúr an díolúine beag tabhartais €3,000 ag 13 (€1,270 roimh 1 Eanáir 2003).

Faoi fhorálacha alt 69, den Acht, tá an chéad €3,000 de luach incháinite an tabhartais díolúine ó cháin. Ní bhaineann an díolúine le hoidhreacht. Tá an díolúine teoranta do thabhartas amháin an diúscróra in aon bhliain féilire. In éifeacht, féadfaidh tairbhí €3,000 a thógáil ón diúscróir céanna i mblianta féilire éagsúla agus beidh na tabhartais seo díolúinte ó CAT. Féadfaidh tairbhí tabhartais a thógáil ó roinnt diúscróirí sa bhliain féilire chéanna agus beidh an chéad 3,000 de na bronntanais sin díolúinte.

Méid Díolúine ar Bhronntanais Bheaga

	1991	1992	1993	1994	1995	1996	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003
Méid €	635	635	635	635	635	635	635	635	1,270	1,270	1,270	1,270	3,000

Luach incháinite an tsochair (bain ítim 13 ó ítim 12) – Más infheidhme bain 13 (díolúine ar bhronntanas beag 3,000) ó 12 (luach incháinite) agus cuir isteach an toradh ag 14. This figure is carried forward to Page 4, Part 8, Item 4. Mar sin féin, má tá sochair reatha eile sa teorainn ghrúpa chéanna seo caithfear iad a áireamh sa sochar seo (féach Cuid 8.4 de na nótaí seo).

Cuid 8 Féinmheasúnú ar Cháin Fháiltas Caipitiúil (lena n-airítear ús) iníoctha

1. Grúpthairseach (ag dáta an bhronntanais/ na hoidhreachta)	1	€	<input type="text"/>
2. Luach incháinithe na réamshochar in-chomhaontaithe	2	€	<input type="text"/>
3. An chuid den tairseach nach bhfuil úsáidte (dealaigh 2 ó 1)	3	€	<input type="text"/>
4. Luach incháinithe gach sochar reatha laistigh den ghrúpthairseach chéanna	4	€	<input type="text"/>
5. Farasbarr incháinithe (dealaigh 3 ó 4)	5	€	<input type="text"/>
6. Cáin ar gach sochar reatha (méadaigh 5 faoi 20%)	6	€	<input type="text"/>
7. Má tá níos mó ná sochar reatha amháin ag 4 thuas, ní mór duit an chomhréir chánach a bhaineann leis an sochar a bhfuil an tuairisceán seo á lóisteáil maidir leis a ríomhadh.			
Comhréir =	<input type="text"/>	x	<input type="text"/>
	Luach incháinithe an tsochair (Leathanach 3, Cuid 7, 14) €		Cáin (ítim 6 thuas) €
	<input type="text"/>		<input type="text"/>
	Luach incháinithe gach sochar reatha (4 thuas) €		= 7 €
	<input type="text"/>		<input type="text"/>

1. Teorainn Ghrúpa (ar dháta an bhronntanais/na hoidhreachta)

Cuir isteach méid na teorainn grúpa infheidhme don tairbhí an I (féach an chuid ar Theorainneacha Grúpa ar **Leathanach II**). Tabhair faoi deara an méid a cuireadh isteach an méid a bhaineann leis an teorainn chúil ar dháta an tsochair agus ní ar dháta na measúnachta.

Sampla

Faigheann Tom bás an 10 Nollaig, 2001 agus fágann a eastát ar fad ag a mhac Pat (Grúpa A). Eisítear an Deonú Probháide dá eastát an I Bealtaine, 2002 agus is é seo dáta na measúnachta i ndáil leis an oidhreacht a thóg Pat. An teorainn ghrúpa an teorainn infheidhme an I Nollaig, 2001 i.e. €402,253 agus ní an teorainn infheidhme an I Bealtaine 2002 (dáta na measúnachta), i.e. €422,148.

2. Luach incháinithe na sochar comhiomlán roimhe seo

Cuir isteach luach comhiomlán incháinithe roimh na sochair ag 2. Níor chóir ach sochair roimhe seo a tógadh an 5 Nollaig, 1991 nó dá éis ó dhiúschróir sa ghrúpa céanna leis an sochar reatha a áireamh.

Sampla

Sochar reatha tógtha ó dheartháir (Grúpa B) an I Meán Fómhair, 2002.

- Sochair roimhe seo
- (a) ón deirfiúr (Grúpa B) an I Bealtaine, 1997.
 - (b) ó chol ceathrar (Grúpa C) an I Meitheamh, 1994.
 - (c) ó chol ceathrar (Grúpa B) an I Iúil, 1991.

Ní dhéantar ach an sochar ag (a) a bhailiú leis an sochar reatha.

3. Cuid den teorainn nár úsáideadh (bain ítim 2 as ítim 1)

Bain 2 as 1 agus cuir an méid isteach i 3, i.e. cuid den teorainn ghrúpa nár úsáideadh (mura bhfuil aon sochar roimhe ann is í an chuid nár úsáideadh ná an teorainn ghrúpa).

4. Luach incháinithe gach sochar reatha sa teorainn ghrúpa chéanna

Cuir isteach luach incháinithe an tsochair reatha i 4, i.e. an méid ar Leathanach 3, Leathanach 7, Ítim 14. Mar sin féin, má tá aon sochar reatha eile sa teorainn ghrúpa chéanna (lena n-airítear sócmhainní atá mar chuid den sochar seo ach nach bhfuil á n-áireamh sa tuairisceán seo ag Cuid 5) caithfear iad sin a áireamh chomh maith. Féach sampla ag 7 thíos.

5. Breis incháinithe (bain ítim 3 as ítim 4)

Cuir an luach isteach i 5 (seo an chuid den sochar reatha a bhfuil cáin dlite air).

6. Cáin ar gach sochar reatha (méadaigh ítim 5 faoi 20%)

Cuir an méid isteach i 6 (is é seo an dliteanas cánach ar gach sochar reatha sa teorainn ghrúpa). Gearrtar cáin Tabhartais/Oidhreachta ag 20%.

Sampla 1

Faigheann John oidhreacht €50,000 óna uncail (Grúpa B) an 1 Meán Fómhair, 2002.

1. Teorainn Ghrúpa	€42,215.00
2. Luach incháinithe roimh sochair	Neamhní
3. Cuid den Teorainn nach nÚsáidtear	(bain 2 as 1) €42,215.00
4. Luach Incháinithe gach Sochar Reatha sa Teorainn Ghrúpa chéanna	€50,000.00
5. Breis Incháinithe	(bain 3 as 4) € 7,785.00
6. Cáin ar gach Sochar Reatha	(ítim 5 x 20%) € 1,557.00

Sampla 2

Faigheann Tom oidhreacht €50,000 óna uncail (Grúpa B) an 1 Meán Fómhair, 2002. Fuair sé oidhreacht €20,000 roimhe sin óna dheartháir (Grúpa B) an 1 Lúnasa, 1996.

1. Teorainn Ghrúpa	€42,215
2. Luach incháinithe roimh sochair	€20,000
3. Cuid den Teorainn nach nÚsáidtear	(bain 2 as 1) €22,215
4. Luach Incháinithe gach Sochar Reatha sa Teorainn Ghrúpa chéanna	€50,000
5. Breis Incháinithe	(bain 3 as 4) €27,785
6. Cáin ar gach sochar reatha	(ítim 5 x 20%) € 5,557

Sampla 3

Faigheann Mary oidhreacht €20,000 óna mháthair (Grúpa A) an 1 Samhain, 2002. Fuair sí oidhreacht €500,000 roimhe sin óna hathair (Grúpa A) an 1 Bealtaine, 1997.

1. Teorainn Ghrúpa	€422,148
2. Luach incháinithe roimh sochair	€500,000
3. Cuid den Teorainn nach nÚsáidtear	(bain 2 as 1) Neamhní
4. Luach Incháinithe gach Sochar Reatha sa Teorainn Ghrúpa chéanna	€ 20,000
5. Breis Incháinithe	(bain 3 as 4) € 20,000
6. Cáin ar gach Sochar Reatha	(ítim 5 x 20%) € 4,000

7. Má tá níos mó ná sochar amháin reatha ag 4 thuas, caithfidh tú méid na cánacha a bhaineann leis an sochar a bhfuil an tuairisceán seo á lóisteáil ina leith a ríomh

Caithfear an chuid seo a chríochnú sa chás, mar shampla, go bhfuil an tuairisceán á chomhdú i ndáil le ceann de roinnt sochar a tógadh an lá céanna ó dhiúscróirí éagsúla nó i leith ceann de roinnt dátaí measúnachta a bhaineann le codanna éagsúla den sochar reatha singil. Is éard atá a ríomh anseo na méid den cháin iomlán a bhaineann leis an sochar (nó cuid den sochar) ar ina leith atá an tuairisceán á lóisteáil.

Sampla

Faigheann Paul dhá oidhreacht an lá céanna i.e. €500,000 óna mháthair (Grúpa A) a bhásaigh an 1 Nollaig, 2002 agus €200,000 óna athair (Grúpa A) nuair a bhásaigh a mháthair (tionónta saoil in eastát a athar). Déantar an cháin amach ar bhonn tuairisceáin a bheith á chur isteach d'eastát a mháthair.

1. Teorainn an Ghrúpa	€422,148.00
2. Luach Incháinithe roimh sochair	Neamhní
3. Cuid neamhúsáidte den Teorainn	(bain 2 as 1) €422,148.00
4. Luach Incháinithe gach sochar reatha sa Teorainn Ghrúpa chéanna	€700,000.00
5. Farasbarr Incháinithe	(bain 3 as 4) €277,852.00
6. Cain ar gach sochar reatha	(ítim 5 x 20 %) € 55,570.40

Baineann cáin €55,570.40 leis an dá oidhreacht a tógadh an 1 Nollaig, 2002. Caithfidh an cháin a roinnt ar an oidhreacht €500,000 a tógadh óna mháthair.

$$\begin{aligned} \text{Cuid} &= \frac{\text{Luach Incháinithe an tSochair}}{\text{Luach Incháinithe gach sochar reatha}} \times \text{Cáin (ag 6 thuas)} \\ &= \frac{€500,000 \times €55,570.40}{€700,000} = €39,693.14 \end{aligned}$$

An cháin a bhaineann leis an oidhreacht a tógadh óna mháthair ná €39,693.14 agus ba chóir an tsuim seo a chur isteach i 7 sa tuairisceán i ndáil le sochar tógtha ón máthair.

An chuid den cháin ar an oidhreacht a tógadh óna athair an 1 Nollaig, 2002 agus a gcaithfear tuairisceán ar leithligh a chur isteach maidir leis ná

$$\frac{€200,000 \times €55,570.40}{€700,000} = €15,877.26$$

Sa chás go lóisteáiltear tuairisceán i ndáil le ceann de roinnt Dátaí Measúnachta a bhaineann leis an oidhreacht chéanna, roinntear an cháin ar an mbealach céanna agus cuirtear an cháin a bhaineann leis an gcuid den sochar a bhfuil an tuairisceán á lóisteáil ina leith i 7.

8. Creidmheasanna inasbhainte

8. Creidmheasanna le baint as	
Cánachas dúbailte	€ <input type="text"/>
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	€ <input type="text"/>
CAT tosaíochta ar an teagmhas céanna	€ <input type="text"/>
CAT íoctha roimh ré	€ <input type="text"/>
Iomlán na gcreidmheasanna le baint as	8 € <input type="text"/>

Féadfar méid na cánach a laghdú le creidmheasanna do cheann nó níos mó acu seo a leanas:

- ◆ Cán Dhúbailte
- ◆ Cáin Ghnóchan Caipitiúil
- ◆ CAT roimhe seo ar an imeacht chéanna
- ◆ CAT íoctha roimh ré

Creidmheasanna iomlána inasbhainte – Sa chás go n-éilítear aon chreidmheas thuas, ba chóir an méid a chur isteach sa bhosca cuí in 8 de Chuid 8. **I gcás tuairisceán a roghnú d’iniúchadh, caithfear bunús an fhaoisimh a thacú.**

Déileáiltear le gach ítim astu féin thíos agus tá samplaí agus nótaí ar na creidmheasanna seo a ríomh leagtha amach in **Aguisín 9, Leathanach 71**.

Cáin Dhúbailte

Sa chás go mbeidh muirear le gearradh ar mhaoin thar lear ar Cháin Fháltas Caipitiúil agus cáin cosúil leis ar CAT is iníoctha i dtír thar lear ag an ócáid chéanna, in Éirinn, in imthosca áirithe, beidh cead creidmheas ar cháin thar lear íoctha.

Tá léargas ar phrionsabail ghinearálta faoiseamh dúbailte cánacha leagtha amach in Aguisín 9 mar aon le samplaí den chaoi creidmheasanna a ríomh maidir le (1) Faoiseamh Aontaobhach, (2) Faoiseamh Cánach Oidhreachta sa Ríocht Aontaithe agus (3) Cáin Eastáit Cónaidhme na Stát Aontaithe.

Cáin Fháltas Caipitiúil

Sa chás go mbeidh Cáin Ghnóchan Caipitiúil agus Cáin Fháltas Caipitiúil le híoc ar an tsócmhainn chéanna, i ndáil leis an ócáid chéanna, ceadáitear an Cháin Ghnóchan Chaipitil mar chreidmheas in aghaidh CAT. Ní fhéadfaidh an creidmheas, mar sin féin, a bheith níos mó ná an méid CAT le híoc ar an tsócmhainn chéanna.

Féach **Uimh. 2, Aguisín 9, Leathanach 85**.

CAT roimhe seo ar an Imeacht Chéanna

Má ghearrtar CAT níos mó ná uair amháin ar an maoin chéanna ar an imeacht chéanna, ceadófar an cháin ghlan a bhí ina tosaíocht roimhe sin mar chreidmheas in aghaidh na cánach a bheith ina tosaíocht arís.

Gearrtar cáin ar an maoin chéanna ar an imeacht chéanna nuair a scoiltear socrú. D’fhéadfadh briseadh socráithe a mbeidh CAT le híoc faoi dhó air dá bharr ar an maoin chéanna ar an imeacht chéanna tarlú ar roinnt bealaí. Tá samplaí de seo leagtha amach i **3, Aguisín 9, Leathanach 85 go 88**.

CAT íoctha roimh ré

Sa chás go mbeidh aon chuid den cháin íoctha cheana, e.g. mar íocaíocht ar chuntas nuair a bhí Mionscríbhinn na gCoimisinéirí Ioncam Intíre deimhnithe, ba chóir an íocaíocht seo a asbhaint mar chreidmheas.

9. Glancháin iníochta (dealaigh iomlán 8 ó 6 nó 7, de réir mar is cuí) **9** €

10. An bhfuil tú ag íoc trí thráthchodanna reachtúla? (✓) Tá Níl

(i) Cáin ar mhaoin iníochta trí thráthchodanna €

(ii) Méid na tráthchoda atá á híoc faoi láthair €

(iii) Cáin ar an maoin nach bhfuil iníochta trí thráthchodanna €

(iv) An cháin iomlán atá iníochta anois (suimigh 10(ii) agus 10(iii)) **10** €

11. Ús ar cháin neamhíochta
(ní mór ús a chur san áireamh mura bhfuil mbíonn an cháin íochta laistigh de 4 mhí tar éis an dáta luachála) **11** €

12. Cáin agus ús á n-íoc anois
(suimigh 9 agus 11 nó 10 agus 11, de réir mar is cuí) **12** €

9. Cáin ghlan iníochta (bain iomlán ítim 8 as ítim 6 nó ítim 7, mar is cuí)

Cuir le chéile na méideanna (más ann) sa cheithre bhosca creidmheasanna inasbhainte le chéile agus cuir na creidmheasanna iomlána inasbhainte isteach in 8. Bain iomlán aon chreidmheas ag 8 as 6 nó 7, mar is cuí, agus cuir an uimhir isteach ag 9.

10. An bhfuil tú ag íoc trí thráthchodanna reachtúla?

Sa chás go mbeidh an cháin á híoc i dtráthchodanna cuir tic (✓) sa bhosca “tá” agus cuir an uimhir á híoc isteach leis an tuairisceán (seachas méid na hítim 9) ag 10.

Más rud é, nach bhfuil úsáid á baint as an rogha íoc i dtráthchodanna, léirigh é sin trí tic (✓) a chur sa bhosca “níl”.

- (i) **Cáin ar mhaoin iníochta i dtráthchodanna** –Cuir méid na cánach iníochta i dtráthchodanna isteach (féach samplaí thíos).
- (ii) **Tráthchodanna á n-íoc anois** –Cuir méid na dtráthchodanna á n-íoc isteach leis an tuairisceán seo.
- (iii) **Cáin ar mhaoin nach bhfuil iníochta i dtráthchodanna** –Cuir isteach méid na cánach iníochta ar mhaoin nach bhfuil i dteideal íocaíochta i dtráthchodanna (féach sampla 2 thíos).
- (iv) **Cáin iomlán iníochta anois (cuir ítim 10(ii) le hítim 10(iii))** –Cuir 10 (ii) agus (iii) agus cuir an uimhir isteach ag 10 (seo an méid cánach á íoc anois).

Cén uair is féidir cáin a íoc i dtráthchodanna?

Faoi alt 54 den Acht, féadfar CAT a íoc i gcúig thráthchuid chothroma bhliantúla sa chás go dtógfaidh an tairbhí an méid seo a leanas

- (1) leas absalóideach i maoin nach ngluaiseann e.g. teach, árasán, tailte.
- (2) leas absalóideach i maoin a ghluaiseann ar a bhfuil maoin talmhaíochta nó ghnó chuí e.g. beostoc, innealra, stoc trádála.
Ní chaithefidh tairbhí cáiliú d'fhaoiseamh talmhaíochta nó gnó chun an rogha a fháil íoc i dtráthchodanna (alt 55 den Acht).
- (3) leas teoranta in aon mhaoin, soghluaiste nó doghluaiste.

Sa chás go n-úsáidtear an rogha íoc i dtráthchodanna cúig bliana, beidh an chéad thráthchuid le híoc bliain amháin i ndiaidh na chéad dáta measúnachta (féach **Cuid 3.6, Leathanach 14** den treoir seo).

Sa chás go ndíolfar an mhaoin nó go bhfaighfear é go héigeantach, caithefear gach thráthchuid le híoc fós a íoc ar an bpointe mura bhfuil an tairbhí ach ina leas teoranta sa mhaoin. Mar sin féin, i ndáil le sócmhainní talmhaíochta nó gnó chuí, i gcás go mbeidh an t-airgead ó dhíolachán athinfheistithe i sócmhainní talmhaíochta nó gnó chuí taobh istigh de bhliain féadfaidh na socruithe díolacháin leanúint ar aghaidh.

Sa chás go roghnaíonn tairbhí le leas saoil i maoin (nach mbaineann le tréimhse áirithe), cáin a íoc i dtráthchodanna agus go mbásaíonn sé sula mbeidh na tráthchodanna dlite, glanfar amach na tráthchodanna dlite i ndiaidh bháis an tairbhí, e.g. má bhásaíonn duine le leas saoil sula mbeidh an dara thráthchuid dlite, glantar amach an dara, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú thráthchuid. I gcás go n-íocfaidh tionónta saoil an cháin le chéile agus go mbásaíonn sé sula mbeadh ceann ar bith den chúig thráthchuid le híoc dá mbeadh sé ag íoc i dtráthchodanna, aisíocfar aon thráthchuid den sórt sin. Caithefear éileamh a dhéanamh ar aisíoc den sórt sin mar d'fhéadfadh nach mbeadh na Coimisinéirí loncain ar an eolas gur bhásaigh an tionónta.

Impleachtaí úis ar íocaíochtaí i dTráthchodanna

I rith na tréimhse cúig bliana dar tús an dáta measúnachta, beidh ús le híoc ar an gcuid eile den cháin ag ráta 0.0322% sa lá. Mar sin féin, a mhéid is atá cáin infheidhme maidir le maoin talmhaíochta nó ghnó chuí 0.0241% an ráta úis in aghaidh an lae. Roimh 1 Meán Fómhair 2002 rinneadh ús a ríomh gach mí ag ráta lae 0.0322% agus 0.0241% agus ag ráta 1% agus 0.75% araon gach mí roimhe sin. Sa chás go dtagann an tréimhse úis trasna ar dháta an úis ba chóir an ráta míosúil a ghearradh go dtí 31 Lúnasa 2002 agus ag ráta laethúil ó 1 Meán Fómhair 2002. Tabhair faoi deara mura n-íocfar an thráthchuid lena mbaineann an ráta úis is ísle ag an dáta dlite, tagann deireadh leis an ráta is ísle, le héifeacht ón dáta dlite agus beidh feidhm leis an ráta is airde maidir leis an thráthchuid sin.

Ag íoc i dtráthchodanna

Sampla 1

Ar an 1 Nollaig, 2002 glacann Anne le teach mar bhronntanas. €20,000 an méid cáin tabhartais le híoc. Roghnaíonn Anne an cháin a íoc i dtráthchodanna. Tá an chéad tráthchuid le híoc 12 mhí i ndiaidh dáta na measúnachta i.e. an 1 Nollaig, 2003 mar aon le hús ar an gcuid eile den cháin ag 0.0322% sa lá.

Dáta Tráthchuid Dlite	Méid na tráthchoda	Ús
1/12/2003	€4,000	€2,350.60 i.e. €20,000 x 0.0322% x 365
1/12/2004	€4,000	€1,880.48 i.e. €16,000 x 0.0322% x 365
1/12/2005	€4,000	€1,410.36 i.e. €12,000 x 0.0322% x 365
1/12/2006	€4,000	€ 940.24 i.e. € 8,000 x 0.0322% x 365
1/12/2007	€4,000	€ 470.12 i.e. € 4,000 x 0.0322% x 365

Sampla 2

Faigheann A bás an 1 Deireadh Fómhair, 2002. Is é dáta na measúnachta an 1 Nollaig, 2002 agus is iad na sócmhainní a luacháiltear ar an dáta sin ná – cuntais bhainc (€30,000), teach (€60,000) agus maoin ghnó (€90,000). Sa sampla seo roghnaíonn an tairbhí íoc i dtráthchodanna i ndáil leis an teach agus an maoin ghnó. Glacann an sampla leis go n-íocfar gach íocaíocht, lena n-áirítear.

Glac leis -

cáin le híoc ar an gcuntas bainc	€ 5,000 (cuir isteach i mbosca 10 (iii))
cáin le híoc ar an teach	*€10,000 (cuir isteach i mbosca 10 (i))
cáin le híoc ar an maoin ghnó	*€15,000 (cuir isteach i mbosca 10 (i))

* An méid curtha isteach i mbosca 10 (i) ná €25,000

Má tá an chéad tráthchuid den cháin á híoc leis an tuairisceán, is é an méid le cur isteach i mbosca 10 (ii) ná €5,000 i.e. suim €2,000 (teach) i.e. €10,000 / 5 agus €3,000 (maoin ghnó) i.e. €15,000 / 5.

Méid le híoc taobh istigh de 4 mhí ó Dháta na Measúnachta (i.e. 1 Aibreán 2003)

Is é an méid cánach le híoc ar an gcuntas bainc ná €5,000

Méid le híoc bliana i ndiaidh Dáta na Measúnachta (i.e. 1 Nollaig 2003)

1/5ú den cháin le híoc ar an teach	€2,000.00
Ús ar €10,000 @ 0.0322% sa lá ar feadh 365 lá	€1,175.30
1/5ú den cháin le híoc ar an maoin ghnó	€3,000.00
Ús ar €15,000 @ 0.0241% sa lá ar feadh 365 lá	€1,319.48
lomlán iníoctha an 1 Nollaig, 2003	€7,494.78

Méid le híoc dhá bhliain i ndiaidh Dáta na Measúnachta (i.e. an 1 Nollaig 2004)

1/5ú den cháin le híoc ar an teach	€2,000.00
Ús ar €8,000 (i.e. 4/5ú den cháin le híoc ar an teach) @ 0.0322% sa lá ar feadh 365 lá	€ 940.24
1/5ú den cháin le híoc ar an maoin ghnó	€3,000.00
Ús ar €12,000 (i.e. 4/5ú den cháin le híoc ar an maoin ghnó) @ 0.0241% sa lá ar feadh 365 lá	€ 1,055.58
lomlán iníoctha an 1 Nollaig, 2004	€6,995.82

Méideanna le híoc blianta ina dhiaidh sin

- ◆ 1/5ú den cháin móide ús ar an gcuid eile den cháin-lean an nós imeachta a bhaineann leis an gcéad agus an dara tráthchuid thuas.

Cuimhnigh, mura n-íocfar an tráthchuid a bhaineann le cáin ar mhaoin ghnó faoin dáta dlite, tiocfaidh deireadh leis an ráta íseal úis (0.0241% sa lá) a bhaineann leis an maoin ghnó, le héifeacht ón dáta dlite.

11. Ús ar cháin nach bhfuil íoctha (caithfear ús a áireamh mura n-íocfar cáin taobh istigh de 4 mhí ó dháta na measúnachta)

Cuir isteach méid an úis iníoctha ag 11.

Tá cáin dlite ar dháta na measúnachta. Má íocfar an cháin taobh istigh de cheithre mhí ó dháta na measúnachta ní bheidh aon ús le híoc. Mura n-íocfar an cháin taobh istigh den cheithre mhí, gearrtar ús ag ráta 0.0322% sa lá (1% sa mhí roimh 1 Meán Fómhair, 2002) ó dháta na measúnachta go dtí an dáta a íocadh an cháin (tabhair faoi deara go mbeidh ús le híoc ar feadh ceithre mhí i ndiaidh dáta na measúnachta i ndáil le híocaíochtaí deireanacha).

Sampla

Dáta na Measúnachta (1 Meán Fómhair, 2002)

Dáta na hÍocaíochta (27 Márta, 2003)

Iomlán Laethanta = 208

Ús Iníochta = 6.6976%

12. Cáin agus ús á n-íoc anois (cuir le chéile ítimí 9 agus 11 nó ítimí 10 agus 11 mar is cuí)

Cuir isteach méid an úis agus na cánach iníochta ag 12.

Íocaíocht a dhéanamh

- ◆ Seol tuairisceán agus íocaíocht chuig Cáin Fháltas Caipitiúil, Rannán na gCánach Caipitiúla, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.
- ◆ Ba chóir seiceanna a chrosáil agus a scríobh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Ba chóir ainm an diúscróra agus an uimhir PSP a chur ar chúl an tseic.

Modhanna eile íocaíochta

1. Stoc Rialtais a Aistriú

Reachtaíocht - Alt 56, an tAcht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháltais Chaipitiúla 2003.

Féadfar Stoc Rialtais áirithe a thairiscint ag luach pair, i.e. a aghaidhluach agus ní a luach margaidh in íocaíocht nó páirt íocaíocht na Cánach Oidhreachta (ní bhaineann le Cáin Tabhartais).

Má tá íocaíocht cáin oidhreachta á déanamh trí stoc rialtais a aistriú ba chóir Foirm IT40 críochnaithe a chur isteach leis an tuairisceán.

Beidh an stoc mar chuid d'eastát an duine chailte cé nach gá gur cuid den oidhreachta é a thógfaidh an tairbhí á úsáid chun a d(h)líteanas cánach oidhreachta a dhiúscairt.

Sampla

Faigheann James bás agus fágann a shiopa ag a mhac Joe agus an chuid eile den eastát, lena n-áirítear stoc rialtais incháilithe, ag a iníon Mary. Cé gurbh í Mary a thóg an stoc rialtais incháilithe féadfar é a úsáid chun dlíteanas cánach Joe a íoc.

Is iad na coinníollacha le glacadh leo ná:

- ◆ Caithfear an stoc a choinneáil i gcónaí ar feadh trí mhí ar a laghad roimh bhás an duine mar chuid de mhaoin an duine chailte nó mar chuid de mhaoin a fhaightear ar bhás duine, in iontaobhas nó tionóntacht saoil.
- ◆ Ní féadfar an stoc a úsáid ach chun cáin ar mhaoin a théann faoin teideal céanna leis féin a íoc. An éifeacht a bhíonn aige seo ná sa chás go mbeidh stoc faoi úinéireacht iomlán an duine chailte agus dá bhrí sin imíonn in uacht nó díthiomnacht, ní féadfar é a úsáid chun cáin ar aon mhaoin faoi chomhúinéireacht agus ag imeacht faoi mharthanóir a íoc. Ar an lámh eile, ní féadfar stoc faoi chomhúinéireacht agus ag dul faoi mharthanóir a úsáid chun cáin a dhiúscairt ar mhaoin a théann faoi uacht nó díthiomnacht.

Sampla

Faigheann Pat bás agus faoi théarmaí a uachta fágann sé a eastát lena n-áirítear stoc rialtais incháilithe ag Mary. Tá tailte ag Pat agus Mary mar chomhthionóntaí agus faigheann Mary leath á sciar de na tailte seo trí mharthanóireacht. Féadfaidh Mary Stoc Rialtais a úsáid chun cáin a bhaineann leis an maoin faoin uacht a dhiúscairt. Mar sin féin ní féadfaidh sí stoc Rialtais a úsáid chun cáin ar na tailte faoin mharthanóireacht a íoc mar a thagann siad faoi theideal éagsúil.

- ◆ Ní bheidh aon stoc faoi réir aon lian nó muirear.
- ◆ Ní féadfar an stoc a úsáid ach chun cáin dlite a íoc, i.e. má íocadh an cháin cheana le hairgead tirim, nó meascán d'airgead tirim nó stoc, ní ghlacfar le haon íocaíocht eile le Stoc Rialtais. Dá bhrí sin, nuair a bheidh cáin íochta, ní ghlacfar le haon aistriú eile de stoc incháilithe d'aisíocaíocht comhionann.

2. Íocaíocht trí ítimí Oidhreachta a thabhairt

Reachtaíocht - Alt 1003, an tAcht um Chomhdhlúthú Cánacha, 1997.

Nuair a thugann cáinóicéir ítimí áirithe oidhreachta do chomhlacht ceadaithe gheobhaidh sé/sí creidmheas do luach margaidh an tabhartais in aghaidh riaráistí nó dlíteanas sa toadhcháir ar Cháin Tabhartais/Oidhreachta chomh maith le cáin ioncaim, cáin chorparáideach agus cáin ghnóchan caipitiúil.

Is iad na coinníollacha le glacadh leo ná:

- ◆ Teoranta d'ítimí oidhreachta ar luach €100,000 ar a laghad. Ní féadfaidh iomlán na tabhartas ar fad i mbliain féilire a bheith níos mó ná 6 mhiliún.

- ♦ Ciallaíonn ítimí oidhreachta aon chineál ítimí cultúrtha agus áirítear aon ítim seandálaíochta, cartlann, leabhar, lámhscríbhinn, péinteáil agus aon bhailiúchán d'ítimí cultúrtha. Chun go measfar ítim a bheith ina ítim oidhreachta caithfidh coiste roghnaithe go speisialta é a mheas:
- (i) sampla an-mhaith den chineál ítime seo, cáiliúil ina aicme, a bhainfeadh ó oidhreacht chultúrtha na hÉireann dá bhfágadh sé n Stát (nó a chuirfeadh go mór le hoidhreacht chultúrtha na hÉireann dá dtabharfaí isteach sa Stát é) agus
- (ii) feiliúnach do chomhlacht ceadaithe.

Is iad na comhlachtaí ceadaithe a fhéadfaidh glacadh le maoin oidhreachta mar thabhartas ná:

- (i) An Chartlann Náisiúnta;
- (ii) Gailearaí Náisiúnta na hÉireann;
- (iii) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- (iv) Ard-Mhúsaem na hÉireann;
- (v) Ard-Mhúsaem Nua-Ealaín na hÉireann; nó
- (vi) aon chomhlacht eile den sórt sin leis an Stát nó maoinithe den chuid is mó ag an Stát nó ag aon údarás poiblí nó áitiúil atá ceadaithe, le toiliú an Aire Airgeadais, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Nuair a thugtar tabhartas mar ítim oidhreachta do chomhlacht ceadaithe eiseofar teastas ag deimhniú go bhfuarthas an tabhartas agus aistriú na húinéireachta don chomhlacht sin. Seoltar deimhniú dúblach chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Measfar go ndearna an duine a thugann an tabhartas ar an lá a chuirfeadh an teastas chuig na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht ar chuntas cánach cothrom le luach margaidh na hítimí oidhreachta cuí.

3. Cén chaoi le do Cháin Bhronntanais nó Oidhreachta a íoc

Féadtar cáin bhronntanais nó oidhreachta a íoc duit féin nó thar ceann tairbhí ar na bealaí seo a leanas. Má tá tú ag baint úsáid as Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS), féadtar íoc le:

- ♦ Treoir Dochair Aonair (TDA)
- ♦ Cárta Creidmheasa nó Dochair.

Féadann custaiméirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS íocaíocht a dhéanamh trí moChúrsaí. Má tá tú neamhchónaitheach, agus mura bhfuil cuntas bainc agat atá inrochtana ag SEPA, féadtar íoc le Ríomhaistriú Airgid. Ba chóir íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid a dhéanamh mar seo:

- ♦ Ainm an Chuntas: Office of the Revenue Commissioners - UTD EFT - Public Bank Account
- ♦ Banc: Danske Bank, Teach Idirnáisiúnta, 3 Plás Mháistir an Chuain, Baile Átha Cliath 1.
- ♦ BIC: DABAIE2D
- ♦ IBAN: IE37DABA95159920003514

Ní mór duit d'ainm agus d'uimhir chláraithe a chur san áireamh chun a chinntiú go leithdháiltear na cistí go cruinn agus go pras i leith do thaifid custaiméara.

Cuid 9 Dearbhú

Dearbhaím/Dearbhaimid go bhfuil an t-eolas atá tugtha fíor agus comhlán agus go bhfuil an tuairisceán de réir fhorálacha an Achta Comhdhlúite Cánach Gnóchan Caipitiúil 2003.

Síniú

Cáil

Dáta

(gníomhaire/ tairbhí/ iontaobhaí, etc.)

Ba chóir do dhuine cuntasach an tuairisceán a shíniú agus a phost a lua. Mar sin féin ceadáíonn an reachtaíocht do ghníomhaire tuairisceán a shíniú. Dearbhaíonn an deimhniú go bhfuil an fhaisnéis a thugtar fíor agus iomlán agus go bhfuil an measúnú ceart.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh tuairisceáin a bheith faoi réir iniúchta agus tá sé tábhachtach go gcoinneofaí cáipéisí (e.g. luacháil, admhálacha etc) sé bliana. Féadfar pionóis a ghearradh ar thuairisceáin mhíchearta.

Aguisín A Faoiseamh Talmhaíochta a Ríomh

Tagann an leathanach seo in áit an seanfhoirm IT41.

Tabhair faoi deara go bhfuil míniú sonraíthe ar Fhaoiseamh Talmhaíochta, mar aon le samplaí, leagtha amach in **Aguisín 2, Leathanach 41** agus moltar do chustaiméirí an nóta seo a léamh sula mbainfidh siad triail as **Aguisín A** a líonadh.

Aguisín A a leagan amach

In Aguisín A, déantar amach an teideal ag an tairbhí ar Fhaoiseamh Talmhaíochta agus déantar luach incháinite na maoin talmhaíochta a ríomh.

Roinntear an Aguisín i dtrí chuig ar a dtugtar painéil. Is iad sin:

- ◆ Painéal 1 – Scrúdú Céatadáin ar Fheirmeoirí,
- ◆ Painéal 2 – Luach Incháinite na Maoine Talmhaíochta a ríomh,
- ◆ Painéal 3 – Dliteanais/Comaoin a roinnt.

Painéal 1 a líonadh – Scrúdú Céatadáin ar Fheirmeoirí

	* Luach ar an margadh ag an dáta luachála: Maoin talmhaíochta	* Luach ar an margadh ag an dáta luachála: Maoin
Sócmhainní an tairbhí (gan maoin atá sa bhronntanas/san oidhreacht seo a chur san áireamh)	A € <input type="text"/>	D € <input type="text"/>
Maoin atá sa bhronntanas/ san oidhreacht	B € <input type="text"/>	E € <input type="text"/>
Iomlán	C € <input type="text"/>	F € <input type="text"/>

* Áirítear leas i bhfeacht agus i maoin áirithe faoi réir iontaobhais roghnaigh

FOIRMLE $\frac{C}{C + F} \times 100 =$ %

Nóta: Ní bheidh feidhm le faoiseamh talmhaíochta mura mbíonn sócmhainní talmhaíochta níos airde ná 80%

Chun cáiliú mar fheirmeoir chun críche Faoisimh Talmhaíochta, caithfidh tairbhí a bheith ina c(h)ónaí sa Stát ar dháta na measúnachta agus caithfidh ar a laghad 80% dá s(h)ócmhainní a bheith ina maoin talmhaíochta.

I gCuid 2 ag ítim 4 den tuairisceán bunaímid áit chónaithe an tairbhí. I bPainéal 1 d'Aguisín A déanfaimid amach nach bhfuil níos lú ná 80% dá s(h)ócmhainní ina maoin talmhaíochta, rud ar a dtugtar scrúdú céatadáin ar fheirmeoirí de ghnáth.

Sócmhainní Tairbhí (seachas maoin sa tabhartas/oidhreacht seo) – Cuir isteach in A, luach margaidh mhaoin talmhaíochta an tairbhí ar dháta na measúnachta. Cuir isteach ag D, luach margaidh mhaoin eile an tairbhí ar dháta na measúnachta.

Maoin ina bhfuil Tabhartas/Oidhreacht – Cuir isteach ag B, luach margaidh na maoin talmhaíochta sa sochar ar dháta na measúnachta. Cuir isteach ag E, luach margaidh na maoin nach maoin talmhaíocht í sa sochar ar dháta na measúnachta.

Iomlán - Cuir isteach ag C, luach iomlán na maoin talmhaíochta, i.e. A+B

Cuir isteach ag F, luach iomlán na maoin nach maoin talmhaíochta í, i.e. D+E

* **Cuir san áireamh leas in ionchas agus maoin áirithe faoi réir iontaobhas rúnda** – Tabhair faoi deara má tá leas ag tairbhí in ionchas in aon mhaoin nó maoin faoi réir iontaobhais rúnda bunaithe aige féin ina bhfuil sé/sí mar chuspóir, i.e. tairbhí poitéinseal, caithfear luach na maoin seo ar dháta na measúnachta a áireamh in A, B, D nó E mar is cuí.

Foirmle don scrúdú céatadáin ar fheirmeoirí

$$\frac{C}{C + F} \times 100 = \%$$

Cuir isteach luach C thuas, i.e. luach iomlán na maoin talmhaíochta ar fad i seilbh an tairbhí i ndiaidh an tsochair a thógáil. Roinn é ar luach C+F, i.e. luach iomlán na sócmhainní faoi úinéireacht an tairbhí i ndiaidh an tsochair a thógáil agus an toradh a mhéadú faoi 100. An toradh a bheidh air seo ná céatadán de shócmhainní an tairbhí ar maoin talmhaíochta í.

Má tá an toradh cothrom le nó níos mó ná 80% tá an tairbhí i dteideal faoiseamh talmhaíochta.

Má tá an toradh níos lú ná 80%

- ◆ ná téigh níos faide le hAguisín A – an Faoiseamh Talmhaíochta a ríomh,
- ◆ ná cur aon cheo isteach ar Leathanach 2, Cuid 5, Painéal A – painéal na Maoine Talmhaíochta.

Féach **Scrúdú Feirmeora** samplaí 1, 2, agus 3 ag **Aguisín 2, Leathanach 42**.

Tabhair faoi deara mura maoin talmhaíochta ar a laghad 80% dá s(h)ócmhainní ní bheidh sé/sí i dteideal faoiseamh talmhaíochta agus sa chás sin ní gá an tuairisceán ar Leathanach 2, Cuid 5, Painéal A agus Leathanach 5, Aguisín A, a líonadh.

Painéal 2 – Luach Incháinithe na Maoine Talmhaíochta a Ríomh

	COLÚN A Dearbh-Leas	COLÚN B Leas Teoranta
Luach ar an margadh (ó Leathanach 2, Cuid 5, Iomlán A)	A1 €	B1 €
Íslíú talmhaíochta (90% de A1 agus/nó B1)	A2 €	B2 €
Luach talmhaíochta (dealaigh A2 ó A1 agus/nó B2 ó B1)	A3 €	B3 €
Comhréir ábharthach dliteanas, costas agus caiteachais (féach Painéal 3A(i) thíos)	A4 €	B4 €
Luach saor ó eire (dealaigh A4 ó A3 agus/nó B4 ó B3)	A5 €	B5 €
Luach an leasa teoranta i.e. B5 X factóir ábharthach	0 . <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>	B6 €
Íslíú cuí do chomaoin (féach Painéal 3A (ii) thíos)	A6 €	B7 €
Luach incháinithe (A) Dealaigh A6 ó A5 (iontráil ag A7) (B) Dealaigh B7 ó B6 (iontráil ag B8)	A7 €	B8 €
Luach incháinithe (A7 + B8)	9 € (Iontráil an figiúr seo ar Leath. 3, Cuid 7, Ítim 10)	

Painéal 2 d'Aguisín A a Líonadh

Luach margaidh (ó Leathanach 2, Cuid 5, Iomlán A) – Cuir isteach in A1 nó B1 mar is cuí, luach margaidh na maoine talmhaíochta sa sochar ar dháta na measúnachta. Is é an figiúr seo luach iomlán na maoine talmhaíochta ar Leathanach 2, Cuid 5, Painéal A.

Laghdú talmhaíochta (90% de A1 agus/nó B1)– Cuir isteach in A2 nó B2, mar is cuí, 90% den luach ag A1 nó B1.

Luach talmhaíochta (bain A2 as A1 agus/nó B2 as B1) – Cuir an toradh isteach ag A3 nó B3, mar is cuí. Léiríonn an figiúr Luach Talmhaíochta na Maoine Talmhaíochta.

Cuid iomchuí de dhliteanas, costais agus caiteachais (féach Painéal 3 A (i) thíos) – Cuir isteach ag A4 nó B4, mar is cuí, an méid dliteanas, costais agus caiteachais inasbhainte. Déantar an figiúr seo a ríomh i bPainéal 3 A(i).

Luach saor ó mhuirear (bain A4 as A3 agus/nó B4 ó B3) – Cuir an freagra isteach in A5 agus/nó B5 mar is cuí.

Luach an úis teoranta i.e. B5 x factóir cuí 0.____ - Cuir isteach sa spás fágtha ar Phainéal 2 an factóir cuí don ús teoranta. Beidh an factóir seo aitheanta agus curtha isteach ar Leathanach 1, Cuid 3, Ítim 7 (d). Níl feidhm leis seo ach amháin más ús teoranta an sochar a tógadh i.e. ar feadh saolré nó ar feadh tréimhse áirithe. Méadaigh an figiúr ag B5 faoin bhfactóir cuí agus cuir an toradh isteach ag B6.

Asbhaint iomchuí do chomaoin (féach Painéal 3 A (ii) thíos) – Cuir isteach ag A6 nó B7, mar is cuí, an méid comaoine inasbhainte. Déantar an figiúr seo a ríomh i bPainéal 3 A(ii).

Luach incháinithe

(A) Bain A6 as A5 (freagra in A7)

(B) Bain B7 as B6 (freagra i B8) – Cuir an freagra isteach in A7 agus/nó B8 mar is cuí.

Luach incháinithe (A7 + B8) – Cuir isteach toradh na bhfigiúr in A7 agus B8 ag 9 agus cuir an figiúr seo isteach ar Leathanach 3, Cuid 7, Ítim 10. Léiríonn an figiúr seo luach incháinithe na maoine talmhaíochta sa sochar.

Painéal 3 Dliteanas/Comaoin a Chionrionnt

Ar Phainéal 3 A, déanaimid méid na ndliteanas agus na comaoine inasbhainte as maoin talmhaíochta a ríomh nuair atá feidhm le faoiseamh talmhaíochta. Ag Painéal 3 B, déanaimid méid na dliteanas agus na gcomaoine inasbhainte ó mhaoin nach maoin talmhaíochta í a ríomh nuair atá feidhm le faoiseamh talmhaíochta.

Painéal 3A a Líonadh

Foirmle: Maoin Talmhaíochta

A

a. *Margadhluach na maoine talmhaíochta _____ x c. Iomlán na ndliteanas etc. agus/nó d. Iomlán na comaoine

b. *Margadhluach an tsochair

(i)

a. € x c. Dliteanas etc. x 10% = Comhréir inlambháilte de dhliteanas, costais, etc. €

b. €

(ii)

a. € x d. Comaoin x 10% = Comhréir inlambháilte de chomaoin €

b. €

Tabhair an figiúr seo go dtí A4 nó B4, Painéal 2 thuas, de réir mar is cuí

Tabhair an figiúr seo go dtí A6 nó B7, Painéal 2 thuas, de réir mar is cuí

Foirmle: Maoin Talmhaíochta

- a. Luach margaidh na maoin talmhaíochta x c. Dliteanais iomlána etc. agus/nó d. Comaoin iomlán
b. Luach margaidh an tsochair

Dliteanais a chionroinnt

Cuir isteach in (i) luach margaidh na maoin talmhaíochta (féach Leathanach 2, Cuid 5, Painéal A).
Cuir isteach in (i) b. luach margaidh an tsochair i.e. suim Painéil A, B agus C ar Leathanach 2, Cuid 5.
Cuir isteach in (i) c. dliteanais iomlána etc. i.e. na dliteanais ar Leathanach 2, Cuid 6, Painéal A.

Roinn an figiúr ag a. ar an bhfigiúr ag b. agus méadaigh an toradh ar an bhfigiúr ag c. chun teacht ar mhéid na ndliteanas a bhaineann le maoin talmhaíochta. Chun méid na ndliteanas a bhaineann le maoin talmhaíochta a bheidh inasbhainte a dhéanamh amach méadaigh an toradh thuas faoi 10% agus cuir an toradh isteach sa bhosca dar teideal “méid ceadaithe de na dliteanais, costais, etc.” Cuirtear an figiúr seo ansin isteach ag A4 nó B4, mar is cuí, i bPainéal 2.

Comaoin a Chionroinnt

Déan an nós imeachta céanna thuas ag A (ii) agus cuir an freagra isteach in A6 nó B7, mar is cuí, i bPainéal 2. Tá an chomaoin le cur isteach in d. atá ina chomaoin iomlán ar Leathanach 2, Cuid 6, Painéal B.

Painéal 3 B a Líonadh

Foirmle: Gach maoin eile

B e. *Margadhluach na maoin talmhaíochta _____ x g. Iomlán na ndliteanas etc. agus/nó h. Iomlán na comaoin
f. *Margadhluach an tsochair

(iii) e. € x g. Dliteanais etc. = Comhréir inlamháiite de dhliteanais, costais, etc. € ← Tabhair an figiúr seo go dtí Leathanach 3, Cuid 7, A4 nó B4, de réir mar is cuí

(iv) e. € x h. Comaoin = Comhréir inlamháiite de chomaoin € ← Tabhair an figiúr seo go dtí Leathanach 3, Cuid 7, A6 nó B7, de réir mar is cuí

*Féach an Treoir leis an Tuairisceán Féinmheasúnaithe Cánach Bronntanais/ Oidhreacht maidir le hionramháil dliteanas urrúis agus dliteanais nach mbaineann ach amháin le sócmhainní áirithe

Foirmle: Gach maoin eile

- e. Luach margaidh na maoin eile ar fad x g. Dliteanais iomlána etc. agus/nó h. Comaoin iomlán
f. Luach margaidh an tsochair

Dliteanais a chionroinnt

Cuir isteach ag (iii) e. luach margaidh gach maoin eile (féach Leathanach 2, Cuid 5, Painéal C).
Cuir isteach in (iii) f. luach margaidh an tsochair i.e. suim Painéil A, B agus C ar Leathanach 2, Cuid 5.
Cuir isteach in (iii) g. dliteanais iomlána i.e. na dliteanais ar Leathanach 2, Cuid 6, Painéal A.

Roinn an figiúr ag e. ar an bhfigiúr ag f. agus méadaigh an freagra ar g. agus gheobhaidh tú méid na ndliteanas a bhaineann le gach maoin eile i.e. maoin nach maoin talmhaíochta í. Cuir an freagra sa bhosca dar teideal “Méid ceadaithe den dliteanas, costais, etc.”. Tugtar an figiúr seo ar aghaidh ansin chuig Leathanach 3, Cuid 7, Colún A, ítim A4 nó Colún B, ítim B4, mar is cuí.

Comaoin a Chionroinnt

Déan an nós imeachta arís ag B (iv) agus cuir an freagra ar Leathanach 3, Cuid 7, Colún A, ítim A6 nó Colún B, ítim B7, mar is cuí. Tá an chomaoin le cur isteach in h. atá ina chomaoin iomlán ar Leathanach 2, Cuid 6, Painéal B.

Aguisín B Faoiseamh Gnó a Ríomh

Tagann an leathanach seo in áit an seanfhoirm IT5.

Tabhair faoi deara go bhfuil nóta sonraithe maidir le Faoiseamh Gnó, mar aon le samplaí, leagtha amach in **Aguisín 3, Leathanach 46** agus moltar do chustaiméirí an nóta seo a léamh sula líonfaidh siad Aguisín B.

Leagan Amach Aguisín B

Tá an Aguisín roinnte in dhá chuid ar a dtugtar painéil. Is iad sin:

- ◆ Painéal 1 – Sonraí an Ghnóthaí
- ◆ Painéal 2 – Luach Incháinite na Maoine Gnó a Ríomh

Painéal 1 a Líonadh – Sonraí an Ghnóthaí

(i) Ainm agus suíomh an ghnó	<input type="text"/>
Cur síos ar an ngnó	<input type="text"/>
(ii) An é atá sa mhaoin ghnó ábharthach: Cuir tic (✓) sa bhosca cuí agus cuir isteach i gcolún A nó B thíos, de réir mar is cuí, na luachanna atá inchurtha ar an maoin sin roimh an bhfaoiseamh	
<input type="checkbox"/> gnó nó leas i ngnó, i.e. de thrádálaí aonair nó de chomhpháirtíocht?	
<input type="checkbox"/> scaireanna nó urrúis neamhluaithe de chuid cuideachta atá i mbun gnó?	
<input type="checkbox"/> talamh, foirgnimh, gléasra agus innealra ar leis an diúscróir iad ach arna n-úsáid go hiomlán nó i bpáirt chun críocha gnó atá ar bun ag cuideacht arna rialú ag an diúscróir nó ag comhpháirtíocht a raibh an diúscróir ina chomhpháirtí dí?	
<input type="checkbox"/> scaireanna nó urrúis luaithe (neamhluaithe roimhe seo) de chuid cuideachta atá i mbun gnó?	
(iii) Sa chás gur scaireanna nó urrúis luaithe/ neamhluaithe atá sa mhaoin ghnó ábharthach, cuir in iúl le do thoil, ar an dáta luachála agus tar éis dó/di an bronntanas nó oidhreacht a thógáil, cé acu seo atá fíor maidir leis an tairbhí: Cuir tic (✓) sa bhosca cuí	
<input type="checkbox"/> rialaigh sé/sí níos mó ná 25% de na cearta vótála a whole; nó	
<input type="checkbox"/> rialaigh sé/sí an chuideachta laistigh de bhri alt 27 den Acht Comhdhlúite Cánach Gnóchan Caipitiúil 2003; nó	
<input type="checkbox"/> ba leis/léi 10% nó níos mó de luach comhiomlán scaireanna agus urrúis uile na cuideachta agus bhí sé/sí tar éis oibriú go lánaimseartha mar dhuine den bhainistíocht nó den fhoireann theicniúil sa chuideachta (nó i gcás grúpa, d'aon chomhlacht nó comhlachtaí sa ghrúpa) ar feadh na gcúig bliana ar fad a chríochnaigh ar dháta an bhronntanais/ na hoidhreachta.	

(i) **Ainm agus suíomh an ghnóthaí** – Cuir ainm agus suíomh an ghnóthaí sa spás atá fágtha.

Cur síos ar an ngnó – Cuir isteach cur síos gairid ar an ngnó sa spás fágtha, e.g. teach tábhairne, garáiste, siopa

(ii) **An bhfuil an mhaoin ghnó chuí** – Léirigh do fhreagra trí thic (✓) a chur sa bhosca cuí, maidir leis an maoin

gnó nó leas i ngnó i.e. ag trádálaí aonair nó comhpháirtíocht?

Nó

scaireanna neamhluaithe nó urrúis cuideachta i mbonn gnó?

Nó

talamh, foirgnimh, innealra agus meaisíní ag an diúscróir ach á n-úsáid go hiomlán nó den chuid is mó chun críche gnó ar bonn ag cuideachta faoi smacht diúscróra nó comhpháirtíocht ina raibh an diúscróir ina chomhpháirtí?

Nó

scaireanna luaithe (neamhluaithe roimhe seo) nó urrúis cuideachta i mbonn gnó?

(iii) **Sa chás go bhfuil scaireanna neamhluaithe/luaithe nó urrúis i maoin chuí ghnó léirigh le do thoil maidir leis an tairbhí ar dháta na measúnachta agus i ndiaidh tabhartas nó oidhreacht a thógáil** – trí tic (✓) a chur sa bhosca cuí

an raibh níos mó ná 25% de na cearta vótála maidir le gach ceist a bhaineann leis an gcuideachta iomlán ag an tairbhí;

Nó

an raibh an chuideachta á smachtú aige taobh istigh den chiall in alt 27 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháiltis Chaipitiúla 2003;

Nó

an raibh 10% nó níos mó de luach ainmiúil comhlán gan scair agus urrúis eisithe den chuideachta aige/aici agus gur oibrigh sé/sí go lánaimseartha i mbainistíocht nó go teicniúil sa chuideachta (nó i gcás grúpa, d'aon chuideachta nó cuideachtaí sa ghrúpa) ar feadh tréimhse 5 bliana dar críoch dáta an tabhartais nó na hoidhreachta.

Painéal 2 Luach Incháinithe na Maoine Gnó a Ríomh

	COLÚN A Dearbh-Leas	COLÚN B Leas Teoranta
Margadhluach na maoine gnó ábharthach (Leathanach 2, Cuid 5, Painéal B)	A1 €	B1 €
Dlíteanais agus comaoin	A2 €	B2 €
Luach incháinithe (dealaigh A2 ó A1 agus/nó B2 ó B1)	A3 €	B3 €
Luach inchurtha i leith sócmhainní eiscthe	A4 €	B4 €
Luach na maoine gnó ábharthach inchurtha i leith sócmhainní neamheiscthe, gan maoin a cháilíonn d'fhaoiseamh talmhaíochta a chur san áireamh (dealaigh A4 ó A3 agus/nó B4 ó B3)	A5 €	B5 €
Má tá aon chuid den luach ag A4 agus/nó B5 nach bhfuil i dteideal d'fhaoiseamh faoi na rialacha maoine athsholáthair nó sochar leanúnach, iontráil an luach nach bhfuil i dteideal	A6 €	B6 €
Luach na maoine gnó ábharthach ar a ndeonófar faoiseamh (dealaigh A6 ó A5 agus/nó B6 ó B5)	A7 €	B7 €
Luach an leasa teoranta i.e. B7 X factóir ábharthach	0 . [] [] [] []	B8 €
Méid an fhaoisimh (90% de A7 agus/nó B8 de réir mar is cuí)	A8 €	B9 €
Luach incháinithe inchurtha i leith maoine gnó ábharthach cáilithe tar éis faoisimh (dealaigh A8 ó A7 agus/nó B9 ó B8 de réir mar is cuí)	A9 €	B10 €
Luach incháinithe inchurtha i leith gach maoine gnó ábharthach (lena n-áirítear sócmhainní eiscthe agus sócmhainní nach bhfuil i dteideal d'fhaoiseamh) Colún A: A4 + A6 + A9 Colún B: B4(i) + B6(i) + B10	A10 €	B11 €
Luach incháinithe (A10 + B11)	12 €	Iontráil an figiúr seo ar Leath. 3, Cuid 7, ítem 11

Luach an leasa teoranta i sócmhainní eiscthe i.e. B4 X factóir ábharthach

Luach an leasa teoranta i sócmhainní nach bhfuil i dteideal d'fhaoiseamh i.e. B6 X factóir ábharthach

Painéal 2 a Líonadh

Luach margaidh na maoine gnó cuí (Leathanach 2, Cuid 5, Painéal B) – Cuir isteach in A1 nó B1, mar is cuí, luach margaidh ar dháta na measúnachta, na maoine gnó cuí sa sochar. Is é an figiúr seo luach iomlán na Maoine Gnó ar Leathanach 2, Cuid 5, Painéal B.

Dlíteanais agus comaoin – Cuir isteach ag A2 nó B2, mar is cuí, méid na ndlíteanas nó na comaoin ar Leathanach 2, Cuid 6, Painéal A agus B atá inasbhainte as Maoine Chúí Ghnó. (Féach sampla ag **Aguisín 3, Leathanach 51** maidir le Faoiseamh Gnó a ríomh agus déileáil le dlíteanais/comaoin).

Luach incháinithe (bain A2 as A1 agus/nó B2 as B1) – Cuir an toradh isteach ag A3 agus/nó B3, mar is cuí.

Luach maidir le sócmhainní eiscthe – Cuir isteach ag A4 nó B4, mar is cuí, luach na sócmhainní eiscthe (**féach Aguisín 3**). Mas ús teoranta an t-ús i sócmhainní eiscthe, méadaigh an figiúr in B4 faoin bhfachtóir (aitheanta cheana agus curtha isteach ar Leathanach 1, Cuid 3, Ítem 7(d)) agus cuir an toradh isteach ag B4(i).

Luach an úis teoranta i sócmhainní eiscthe i.e. B4 x factóir cuí 0. _ _ _ _ - Cuir isteach sa spás fágtha an factóir cuí d'ús teoranta. Bheadh an factóir seo aitheanta agus curtha isteach ar Leathanach 1, Cuid 3, Ítem 7 (d). Níl feidhm leis seo ach amháin más ús teoranta an sochar a tógadh i.e. ar feadh saolré nó ar feadh tréimhse áirithe. Cuir isteach ag B4(i) an toradh nuair a mhéadaíonn tú an figiúr ag B4 faoin bhfachtóir cuí.

Luach na maoine gnó cuí a bhaineann le sócmhainní neamheiscthe agus nach n-áiríonn maoin i dteideal faoiseamh talmhaíochta (bain A4 as A3 agus/nó B4 as B3) – Cuir an toradh isteach in A5 nó B5, mar is cuí.

Má tá aon chuid den luach ag A5 agus/nó B5 nach bhfuil i dteideal faoisimh faoi rialacha na maoine nua nó sochar ina dhiaidh sin cuir isteach an luach nach bhfuil i dteideal – Cuir luach aon mhaoine nach bhfuil i dteideal isteach ag A6 agus/nó B6 mar is cuí (féach nótaí ar mhaoine nua agus sochar ina dhiaidh sin in **Aguisín 3, Leathanach 48 agus 49**). Mas ús teoranta an t-ús a tógadh, méadaigh an figiúr in B6 faoin bhfachtóir cuí (aitheanta cheana agus curtha isteach ar Leathanach 1, Cuid 3, Ítem 7(d)) agus cuir an toradh isteach ag B6(i).

Luach an úis teoranta i sócmhainní nach bhfuil i dteideal faoisimh i.e. B6 x factóir cuí 0. _ _ _ _ - Cuir isteach sa spás fágtha an factóir cuí d'ús teoranta. Bheadh an factóir seo aitheanta ar Leathanach 1, Cuid 3, Ítem 7 (d). Níl feidhm leis seo ach amháin más ús teoranta an sochar a tógadh i.e. ar feadh saolré nó ar feadh tréimhse áirithe. Cuir isteach ag B6(i) an toradh nuair a mhéadaíonn tú an figiúr ag B6 faoin bhfachtóir cuí.

Luach na maoiné gnó cuí ar a dtabharfar faoiseamh (bain A6 as A5 agus/nó B6 as B5) - Cuir an toradh isteach in A7 agus/nó B7, mar is cuí.

Luach an úis teoranta i.e. B7 x fachtóir cuí 0. _ _ _ _ - Cuir isteach sa spás fágtha an fachtóir cuí don ús teoranta. Beidh an fachtóir seo aitheanta agus curtha isteach ar Leathanach 1, Cuid 3, Ítim 7 (d). Níl feidhm leis seo ach amháin más ús teoranta an sochar a tógadh i.e. ar feadh saolré nó ar feadh tréimhse áirithe. Cuir isteach ag B8(i) an toradh nuair a mhéadaíonn tú an figiúr ag B7 faoin bhfachtóir cuí.

Méid an fhaoisimh (90% de A7 agus/nó B8, mar is cuí) – Cuir isteach ag A8 agus/nó B9, mar is cuí, 90% den luach in A7 nó B8.

Luach incháinite a bhaineann le maoiné gnó cuí i dteideal i ndiaidh faoisimh (bain A8 as A7 agus/nó B9 as B8, mar is cuí) – Cuir an toradh isteach in A9 agus/nó B10, mar is cuí.

Luach incháinite a bhaineann le gach maoiné cuí ghnó (lena n-áirítear sócmhainní eiscthe agus sócmhainní nach bhfuil i dteideal faoisimh) - Colún A: A4 + A6 + A9 Colún B: B4(i) + B6(i) + B10 – Cuir na figiúirí in A4, A6 agus A9 le chéile agus cuir an freagra in A10. Cuir na figiúirí in B4(i), B6(i) agus B10 le chéile agus cuir an freagra in B11.

Luach incháinite (A10 + B11) – Cuir an méid isteach in A10 + B11 agus cuir an freagra isteach ag 12 agus ansin cuir an méid isteach in Leathanach 3, Cuid 7, Ítim 11. Léiríonn an figiúr seo luach incháinite na Maoiné Gnó sa sochar.

Aguisín 1 Faoiseamh Neacht/Nia is fearr – Nótaí agus Samplaí

Reachtaíocht - Mír 7, Cuid I, Sceideal 2, den Acht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháiltais Chaipitiúla 2003.

Faoiseamh

Faoi Mhír 7, measfar neacht nó nia gurb shin leanbh an diúscróra i.e. go bhfuil siad i dteideal teorainn Ghrúpa A seachas B.

Baineann an faoiseamh seo le neacht nó nia a d'oibrigh go minic go lánaimseartha do dhiúscróir ar feadh tréimhse cúig bliana ar an dáta a stopfaidh an diúscróir de leas sochair a bheith aige sa ghnó. Ní bhainfidh an faoiseamh ach le sócmhainní a úsáideadh maidir leis an ghnó.

Tabhair faoi deara gur ionann feirmeoireacht agus gnó.

Caithfidh an neacht/nia a bheith ina ngaol gairid. Ní bhaineann an faoiseamh le neacht/nia céile.

Chun a bheith i dteideal faoisimh, caithfidh an tairbhí a bheith ag obair íosmhéid uaireanta i ngnó an diúscróra

- ◆ 15 huair sa tseachtain i ngnó beag, i.e. gnó a rith an diúscróir leis féin, a c(h)éile agus a neacht/nia.
- ◆ 24 uair sa tseachtain i ngnó mór, i.e. áit a bhfuil fostaithe eile.

Leas saoil idirghabhálach

Sa chás go mbeidh leas saoil idirghabhálach sula bhfaighidh neacht/nia an mhaoin, caithfidh an tairbhí a bheith ag obair i ngnó an diúscróra ar feadh cúig bliana dar críoch dáta scoir leas an diúscróra sa ghnó.

Sampla

Bhásaigh John (diúscróir) i 1996 agus ina uacht d'fhág sé a ghnó ag Mary ar feadh a saoil agus ar a bás ag a neacht Anne. Tá Anne ag obair den chuid is mó go lánaimseartha sa ghnó ó d'fhág sí an scoil i 1990 agus tá sí fós ag obair sa ghnó ó bhásaigh John.

Ar bhás Mary (tionónta saoil) in 2002, faigheann Anne an gnó le hoidhreacht. Beidh Anne i dteideal faoiseamh neachta is fearr, i.e. teorainn Ghrúpa A mar gur oibrigh sí i ngnó an diúscróra (John) ar feadh cúig bliana sular éirigh John as a leas sa ghnó i 1996.

Ach dá mba rud é sa sampla seo, nach raibh Anne ag obair sa ghnó ach ó 1992, ní bheadh sí i dteideal faoisimh cé go raibh sí ag obair sa ghnó 10 mbliana mar nach raibh sí ach ag cabhrú leis an diúscróir John ach ar feadh ceithre bliana.

Mar a chéile, dá mbeadh Anne ag obair sa ghnó ag John idir 1990 agus 1996 agus dá bhfágfadh sí an gnó i ndiaidh bháis John i 1996, bheadh sí fós i dteideal faoisimh na neachta is fearr nuair a gheobhadh sí an mhaoin le hoidhreacht ar bhás Mary in 2002.

Cuideachtaí agus Faoiseamh an Nia/na Neachta is Fearr

Chun go bhfaighidh scaireanna i gcuideacht phríobháideach faoiseamh, caithfidh an cuideachta a bheith ina cuideachta thrádála phríobháideach ag diúscróir de réir fhorálacha alt 27 den Acht agus caithfidh an diúscróir a bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta.

Tabhair faoi deara nach bhfeictear sócmhainní infheistíochta ar chlár comhardaithe mar shócmhainní gnó chun críche an fhaoisimh Nia/Neachta is Fearr agus ní bheidh tairbhí i dteideal ach don teorainn Grúpa B ar na sócmhainní sin.

Iontaobhais Lánroghnacha agus Faoiseamh an Nia/na Neachta is Fearr

Ní bheidh feidhm le faoiseamh Nia/Neachta is fearr má thógtar an sochar faoi iontaobhas lánroghnach.

Comhiomlánú agus Faoiseamh an Nia/na Neachta is Fearr

Ní bhainfidh an faoiseamh, i.e. teorainn Ghrúpa A (teorainn chéanna le leanbh) ach le sócmhainní gnó. Má tá oidhreacht/tabhartas sócmhainní gnó agus eile, beidh feidhm le teorainn Ghrúpa A maidir le sócmhainní gnó agus bainfidh teorainn Ghrúpa B le sócmhainní nach sócmhainní gnó iad. Mar gheall nach mbailítear sochair sna teorainneacha Grúpa céanna, beidh dhá theorainn ar leithligh ag an tairbhí má tá sócmhainní gnó agus eile sa sochar.

Dlíteanais gan urrús agus Faoiseamh an Nia/na Neachta is Fearr

Sa chás go mbeidh sócmhainní gnó agus sócmhainní nach ea sa sochar agus go mbeidh dlíteanais gan urrús ann, caithfidh siad seo a bheith roinnte pro rata idir na sócmhainní gnó agus na sócmhainní nach ea.

Sampla

Faigheann James Murphy eastát a uncail mar oidhreacht in 2002. Is éard atá san oidhreacht ná

Sócmhainní Talmhaíochta	€500,000 (gnó)
Sócmhainní nach sócmhainní talmhaíochta iad	€100,000 (neamh ghnó)
Fiacha agus costais riaracháin	€20,000

Tá James i dteideal faoiseamh nia is fearr i ndáil leis an ngnó (sócmhainní talmhaíochta). Glac leis, ar mhaithe leis an sampla seo, nach bhfuil sé i dteideal faoiseamh talmhaíochta ná gnó ar bith.

Caithfear an dlíteanas €20,000 a roinnt idir na sócmhainní gnó agus neamhghnó.

$$(a) \text{ Sócmhainní Gnó} = \frac{\text{Sócmhainní Gnó Luach Iomlán}}{\text{Sócmhainní uile Luach Iomlán}} \times \text{Dlíteanas} = \frac{€500,000}{€600,000} \times €20,000 = €16,667$$

$$(b) \text{ Sócmhainní neamhghnó} = \frac{\text{Sócmhainní Neamhghnó Luach Iomlán}}{\text{Sócmhainní uile Luach Iomlán}} \times \text{Dlíteanas} = \frac{€100,000}{€600,000} \times €20,000 = €3,333$$

$$\text{Sócmhainní Gnó Luach Incháinithe} = €500,000 \text{ lúide } €16,667 = €483,333 \text{ (Grúpa A)}$$

$$\text{Sócmhainní Neamhghnó Luach Incháinithe} = €100,000 \text{ lúide } €3,333 = €96,667 \text{ (Grúpa B)}$$

Níl oidhreacht (a) Sócmhainní Gnó (Grúpa A) agus (b) Sócmhainní Neamhghnó (Grúpa B) iomlán cé gur cuid iad d'aon oidhreacht amháin (níl siad sa teorainn ghrúpa chéanna).

Measúnú

(a) Sócmhainní Gnó	Luach Incháinithe	€483,333.00
	Lúide Teorainn Ghrúpa A	€422,148.00
	Farasbarr Incháinithe	€ 61,185.00
	Cáin @ 20%	€ 12,237.00
(b) Sócmhainní Neamhghnó	Luach Incháinithe	€ 96,667.00
	Lúide Teorainn Ghrúpa B	€ 42,215.00
	Farasbarr Incháinithe	€ 54,452.00
	Cáin @ 20%	€ 10,890.40

$$\text{Cáin iomlán le híoc ag James} = (a) + (b) = € 23,127.40$$

Tabhair faoi deara: I gcás sochair ina bhfuil sócmhainní gnó agus neamhghnó ba chóir tuairisceáin ar leithligh a chur ar fáil do gach cuid den sochar.

Aguisín 2 Faoiseamh Talmhaíochta – Nótaí agus Samplaí

Reachtaíocht - Alt 89, an tAcht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháltais Chaipitiúla 2003.

Tá faoiseamh talmhaíochta ar fáil do thabhartais agus d'oidhreachtaí.

Feidhmíonn an faoiseamh trí luach margaidh na “maoine talmhaíochta” a laghdú sa chaoi go mbeidh cáin tabhartais nó oidhreachta á ríomh ar mhéid –ar a dtugtar an “**luach talmhaíochta**” –atá i bhfad níos lú ná luach oscailte margaidh na maoin.

Cad is “maoin talmhaíochta” ann?

Ciallaíonn “Maoin Talmhaíochta”

- ◆ talamh talmhaíochta, féarach agus coill sa Stát;
- ◆ barra, crainn agus fáschoill ag fás ann;
- ◆ tithe agus foirgnimh feirme eile a bhaineann leis an maoin;
- ◆ beostoc, folaíocht agus innealra feirme ann.

Chun a bheith i dteideal faoisimh caithfidh an tabhartas/oidhrecht a bheith ina maoin talmhaíochta ar dháta an tabhartais/na hoidhreachta agus ar dháta na measúnachta.

Mar sin féin, féadfaidh an faoiseamh a bheith i bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach maidir leis an tabhartas nó an oidhrecht d'ainneoin nach raibh an mhaoin talmhaíochta go hiomlán nó go páirteach ann go dtí i ndiaidh dháta an tabhartais/na hoidhreachta:

- ◆ sa chás go bhfaighidh duine sochar ar choinníoll go n-infheistítear é go hiomlán nó go páirteach i maoin talmhaíochta agus go gcomhlíontar an coinníoll go hiomlán taobh istigh de dhá bhliain ó dháta an tabhartais nó na hoidhreachta;
- ◆ sa chás, i rith riaracháin, go roinntear an mhaoin talmhaíochta go hiomlán nó go páirteach faoi uacht nó tiomnacht agus go raibh an mhaoin talmhaíochta faoi réir uachta nó tiomnachta ar dháta na hoidhreachta.

Sampla

Bhásaigh Tom i mí na Nollag 2002 agus d'fhág a oidhrecht €50,000 ag a mhac Pat agus an chuid eile dá eastát, talamh ar luach €200,000 san áireamh ag a iníon Clare. Faoi fhorálacha Alt 55, den Acht Comharbais 1965 aistríonn an seiceadóir talamh ar luach €50,000 chuig Pat chun a leagáid a shásamh. Fad is go mbeidh Pat incháilithe mar fheirmeoir beidh sé i dteideal faoiseamh talmhaíochta. Chun a bheith i dteideal faoisimh, caithfidh an talamh leithroinnte ar Pat a bheith mar chuid d'eastát Tom. Ní raibh an seiceadóir in ann talamh a cheannach leis an €50,000.

Cad is “Feirmeoir” ann?

Sa chomhthéacs seo ní chiallaíonn feirmeoir slí bheatha an tairbhí. Chun cáiliú mar “fheirmeoir” caithfidh an tairbhí roinnt coinníollacha a shásamh ar **dháta na measúnachta**:

- ◆ a bheith ina d(h)uine aonair (níl cuideachtaí i dteideal);
- ◆ a bheith ina c(h)ónaí sa Stát;
- ◆ caithfidh ar a laghad 80% de luach comhlán margaidh de na sócmhainní, ar dháta na measúnachta, faoi mhaoin talmhaíochta i ndiaidh an tabhartas/oidhrecht a chur san áireamh.

Tabhair faoi deara nach gá aon scrúdú, i.e. scrúdú céatadán ar fheirmeoirí nó scrúdú sainchónaithe i ndáil le tabhartas nó oidhrecht crann nó fáschoill.

Caithfidh tairbhí i dteideal faoiseamh talmhaíochta a bheith ina c(h)ónaí sa Stát don trí bliana canach díreach i ndiaidh na bliana cánach ina dtiteann dáta na measúnachta nó beidh an faoiseamh a tugadh tarraingthe siar.

Pointí le tabhairt faoi deara maidir leis an “scrúdú céatadán ar fheirmeoirí”

- ◆ úsáidtear luachanna margaidh na maoine fiú nuair nach bhfuil ach leas teoranta ag an tairbhí (féach sampla 2)
- ◆ ní dhéantar aon asbhaint do dhliteanais e.g. morgáiste (féach sampla 2).
- ◆ leas in ionchas agus maoin faoi réir iontaobhas rúnda bunaithe ag tairbhí faoi réir an iontaobhais sin i.e. tairbhí poitéinseal, cuirtear iad san áireamh mar shócmhainní an tairbhí chun críche an scrúdú 80%. Is é luach an leas a bhfuil súil leis sa mhaoin a áirítear don scrúdú agus ní an luach margaidh, i.e. luach margaidh lúide luach an leas teoranta (féach sampla 3).
- ◆ sócmhainní an tairbhí a fuarthas roimhe seo mar thabhartas/oidhreachta agus atá díolúinte ó Cháin Fháltais Caipitiúil.
- ◆ níl feidhm leis na critéir chónaithe agus an scrúdú “80%” i gcás maoin talmhaíochta ina bhfuil crainn nó fáschoill.

Sampla 1

Faigheann Michael tabhartas talaimh (luach €500,000) agus beostoc (luach €100,000). Tá sé ina chónaí sa Stát ar dháta na measúnachta. Níl de shócmhainn eile aige ach carr (luach €20,000) agus cuntas bainc (luach €30,000).

Scrúdú Céatadán d'Fheirmeoirí

Sócmhainní Talmhaíochta		Sócmhainní Eile	
Talamh	€500,000	Carr	€20,000
Beostoc	€100,000	Cuntas Bainc	€30,000
Iomlán	€600,000	Iomlán	€50,000

$$\frac{\text{Sócmhainní Iomlána Talmhaíochta}}{\text{Iomlán Gach Sócmhainní}} \times 100 = \frac{€600,000}{€650,000} \times 100 = 92.3\%$$

I ndiaidh tabhartais a thógáil, tá **92.3%** de shócmhainní Michael ina sócmhainní talmhaíochta agus tá sé incháilithe d'fhaoiseamh talmhaíochta ar shócmhainní talmhaíochta sa tabhartas i.e. talamh agus beostoc.

Sampla 2

Faigheann Mary (50 bliain d'aois) oidhreacht de na sócmhainní seo a leanas dá saol; talamh (luach €600,000 le morgáiste €50,000) agus beostoc (luach €80,000) agus cuntas bainc (luach €20,000) ar dháta na measúnachta

Tá a teacht féin aici (luach €140,000 le morgáiste €60,000). Tá cónaí uirthi sa Stát.

Scrúdú Céatadán d'Fheirmeoirí

Sócmhainní Talmhaíochta		Sócmhainní Eile	
Talamh	€600,000*	Cuntas Bainc	€ 20,000
Beostoc	€ 80,000	Teach	€ 140,000*
Iomlán	€680,000	Iomlán	€ 160,000

* Tabhair neamhaird ar mhorgáiste an talaimh agus an tí agus nach bhfuil faighte ag Mary ach leas saoil sna sócmhainní a fuair sí le hoidhreacht.

$$\frac{\text{Sócmhainní Iomlána Talmhaíochta}}{\text{Iomlán Gach Sócmhainní}} \times 100 = \frac{€680,000}{€840,000} \times 100 = 80.95\%$$

I ndiaidh tabhartais a thógáil, tá **80.95%** de shócmhainní Mary ina sócmhainní talmhaíochta agus tá sé incháilithe d'fhaoiseamh talmhaíochta ar shócmhainní talmhaíochta san oidhreacht i.e. talamh agus beostoc.

Sampla 3

Faigheann Paul bás agus fágann a thalamh (luach €200,000) ar dháta na measúnachta ag a mhac James. Fágann sé an chuid eile dá eastát ina bhfuil cuntas bainc €100,000 ag a bhean chéile Joan (90 bliain d'aois) ar feadh a saoil agus ar a bás ag a mhac James.

Níl aon sócmhainní dá chuid féin ag James.

Scrúdú Céatadán d'Fheirmeoirí

Sócmhainní Talmhaíochta		Sócmhainní Eile	
Talamh	€200,000	Cuntas Bainc	*€84,910

* Cé nach mbeidh James ach "i dteideal i seilbh" don chuntas bainc nuair a bhásaíonn a mháthair, measfar é a bheith ina theideal go tairbhiúil, ar dháta na measúnachta, chun críocha scrúdú an fheirmeora.

$$\text{Luach leas saoil Joan} = €100,000 \times 0.1509 = €15,090.$$

$$\text{Luach leas measta James} = €100,000 \text{ less } €15,090 = *€84,910.$$

$$\frac{\text{Sócmhainní Iomlána Talmhaíochta}}{\text{Iomlán Gach Sócmhainní}} \times 100 = \frac{€200,000}{€284,910} \times 100 = 70.19\%$$

Mar gheall nach bhfuil ach **70.19%** de shócmhainní James ina sócmhainní talmhaíochta níl sé incháilithe d'fhaoiseamh talmhaíochta i ndáil le hoidhreacht talamh.

Cé mhéid faoisimh atá le fáil?

Do thabhartais agus oidhreachtaí maoinne talmhaíochta déantar an faoiseamh a ríomh trí luach margaidh na maoinne a laghdú 90%.

Sampla

Ar an 6 Deireadh Fómhair 2002, aistríonn Pat maoin talmhaíochta ar luach margaidh €1,000,000 ag a iníon Mary. Tá Mary cáilithe mar “fheirmeoir”.

Déantar luach talmhaíochta maoinne a ríomh mar a seo a leanas:

Luach margaidh na maoinne talmhaíochta € 1,000,000

Faoiseamh

Laghdú 90% den luach margaidh € 900,000

“Luach Talmhaíochta” i.e. luach incháinite na maoinne € 100,000

Tabhair faoi deara nach mbeidh tabhartas nó oidhrecht nó beostoc nó innealra i dteideal faoisimh talmhaíochta má tá talamh i gceist leis an tabhartas/oidhrecht.

Maoin Talmhaíochta agus Faoiseamh Gnó

D’fhéadfadh maoin talmhaíochta a bheith i dteideal Faoiseamh Gnó. Déileáiltear níos fearr leis seo in **Aguisín 3, Leathanach 52** – Faoiseamh Gnó.

I Sampla 3 thuas, d’fhéadfadh an tairbhí James nach raibh i dteideal faoiseamh talmhaíochta a bheith i dteideal faoiseamh gnó dá mbeadh na coinníollacha riachtanacha maidir le faoiseamh gnó comhlíonta - féach **Aguisín 3**. I bhformhór an ama b’fhearr do thairbhí faoiseamh talmhaíochta a fháil ná faoiseamh gnó. Tabhair faoi deara nach bhfuil an rogha ag tairbhí faoiseamh talmhaíochta nó faoiseamh gnó a éileamh. Ní féidir leis faoiseamh gnó a éileamh ach amháin má theipeann air faoiseamh talmhaíochta a fháil.

Cén tionchar a imríonn an Faoiseamh ar Asbhaintí?

Mar gheall go laghdaítear luach iomlán margaidh na maoinne talmhaíochta 90% chun an luach talmhaíochta a fháil, caithfidh aon dliteanais, costais agus caiteachais iníochta as an maoin agus aon chomaoin íochta ar an maoin a bheith laghdaithe amhlaidh sula mbaintear as an luach talmhaíochta (incháinite) iad.

Sampla

An 1 Deireadh Fómhair, 2002, aistríonn Declan talamh (ar luach margaidh €300,000) chuig Jane agus caithfidh Jane na costais €10,000 a íoc agus comaoin €50,000 chuig Declan.

Tá Jane incháilithe mar fheirmeoir.

Luach Margaidh an Talaimh € 300,000

Faoiseamh 90% € 270,000

Luach Talmhaíochta (10%) € 30,000

Mar gheall nach ngearrfar cáin ach ar 10% de luach an talaimh i.e. €30,000, ní cheadófar ach 10% de na costais i.e. €1,000 agus 10% den chomaoin i.e. €5,000 mar asbhaint.

Luach talmhaíochta (10%) € 30,000

Lúide: cuid cheadaithe díobh seo a leanas

- costais € 1,000

- comaoin € 5,000 € 6,000

Luach Incháinite € 24,000

Dlíteanais a chionroinnt

Sa chás go mbeidh sócmhainní talmhaíochta agus sócmhainní nach iad sa sochar caithfear dlíteanais gan urrús e.g. costais riaracháin, costais sochraide etc., a roinnt pro rata ar shócmhainní talmhaíochta agus sócmhainní nach iad. Mar sin féin, ní chaithfear ach an chuid den dlíteanas a bhaineann le maoin talmhaíochta a laghdú.

Sampla

Bhásaigh Brendan agus d'fhág a eastát iomlán ag Colm. Tá na sócmhainní seo a leanas san eastát ar dháta na measúnachta:

Talamh & Teach	€ 800,000
Beostoc & Innealra	€ 200,000
Troscán	€ 20,000
Cuntas Bainc	€ 60,000
Iomlán	€ 1,080,000

Tá €50,000 i gcaiteachais, fiacha agus dlíteanais gan urrús ann.

Tá Colm incháilithe d'fhaoiseamh talmhaíochta

	Maoin Talmhaíochta	Maoin Eile
Luach Margaidh	€ 1,000,000.00	€ 80,000.00
Faoiseamh Talmhaíochta (90%)	€ 900,000.00	
Luach Talmhaíochta (10%)	€ 100,000.00	
Lúide dlíteanais roinnte* (féach thíos)	€ 4,629.63	€ 3,703.70
Luach incháinithe	€ 95,370.37	€ 76,296.30

Luach iomlán incháinithe na hOidhreacht (Maoin Talmhaíochta + Maoin eile) €171,666.67

* Caithfear na dlíteanais gan urrús €50,000 a roinnt pro rata idir maoin talmhaíochta agus maoin eile. Féadfadh é seo a dhéanamh tríd an bhfoirmle shimplí mhatamaitice seo a leanas a úsáid:

$\frac{X \times D}{Y}$ sa chás gur ionann **X** = agus luach margaidh na maoine talmhaíochta nó eile
Y = agus luach na maoine ar fad
D = dlíteanais gan urrús

Cionroinnt

Maoin Talmhaíochta

$$\frac{X \text{ (maoin talmhaíochta)} \times D \text{ (dlíteanais)}}{Y \text{ (gach maoin)}} = \frac{€1,000,000 \times €50,000}{€1,080,000} = €46,296.30$$

Mar gheall nach bhfuil cáin á gearradh ach ar 10% den mhaoin talmhaíochta (m.v. €1,000,000) i.e. €100,000, níl ach 10% den dlíteanas ar mhaoin talmhaíochta (€46,296.30) i.e. €4,629.63 inasbhainte.

Maoin eile

$$\frac{X \text{ (maoin eile)} \times D \text{ (dlíteanais)}}{Y \text{ (gach maoin)}} = \frac{€80,000 \times €50,000}{€1,080,000} = €3,703.70$$

Mar gheall nach bhfuil aon fhaoiseamh ar mhaoin nach maoin talmhaíochta í is é an dlíteanas ar an maoin sin ná €3,703.70 an asbhaint iomlán.

Dlíteanais iomlána inasbhainte €8,333.33

Bheadh aon chomaoin iníochta roinnte ar an mbealach céanna.

Déileáil le Dlíteanais le hurrús

Sa chás go ngearrfar dlíteanas ar aon mhaoin e.g. a morgáiste nó cearta sonracha, ní roinntear an dlíteanas sin pro rata idir maoin talmhaíochta agus maoin nach ea. Ach má tá dlíteanais le hurrús agus dlíteanais gan urrús ann caithfear an dlíteanas le hurrús a asbhaint ón sócmhainn ar a gearradh é agus roinntear na dlíteanais gan urrús ansin pro rata idir maoin talmhaíochta (glan ar an muirear e.g. morgáiste) agus an maoin nach maoin talmhaíochta í.

Tabhair faoi deara freisin má tá dlíteanas, e.g. dleacht stampa ar mhaoin a aistriú (seachas an dlíteanas le hurrús sin) le haistriú chuig sócmhainn áirithe nach roinntear é ar mhaoin talmhaíochta agus eile.

Sampla

Bronnann Sarah na sócmhainní seo a leanas ar Shéamus:

Talamh & Teach	€400,000 (le morgáiste €50,000)
Beostoc & Innealra	€100,000
Carr	€ 40,000
Iomlán	€540,000

Is é €10,000 an dleacht stampa ar thalamh a aistriú agus €5,000 an costas dlíthiúil.

Tá Seamus i dteideal faoiseamh talmhaíochta.

Ní bhaineann an dleacht stampa ach le talamh amháin.

Roinnfear costais an aturnae pro rata idir maoin talmhaíochta agus maoin eile.

	Maoin Talmhaíochta	Maoin Eile
Luach Margaidh	€ 500,000.00	€40,000.00
Faoiseamh Talmhaíochta (90%)	€ 450,000.00	
Luach Talmhaíochta (10%)	€ 50,000.00	
Lúide:		
Morgáiste (10%)	€5,000.00*	
Dleacht Stampa (10%)	€1,000.00*	
Dlíteanais roinnte gan urrús (féach thíos)	€ 459.18	€ 6,459.18
Luach Incháinithe	€ 43,540.82	€39,591.84
Luach iomlán incháinithe na hOidhreachta (Maoin Talmhaíochta + Maoin Eile)		€83,132.66

*Mar gheall nach bhfuil cáin á gearradh ach ar 10% den talamh, níl ach 10% den mhorgáiste i.e. €5,000 agus 10% den dleacht stampa i.e. €1,000 inasbhainte.

Dlíteanais gan urrús a chionroinnt

Caithfear dlíteanais €5,000 gan urrús i.e. costais dlí, a roinnt pro rata idir maoin talmhaíochta (glan ar an morgáiste) agus maoin eile.

Formula $\frac{X}{Y} \times D$ sa chás gur ionann **X** = agus luach margaidh na maoin talmhaíochta (lúide morgáiste) nó maoin eile.
Y = Is ionann **Y** agus luach margaidh na maoin ar fad (lúide morgáiste).
D = Is ionann **D** agus dlíteanais gan urrús.

Maoin Talmhaíochta

$$\frac{X \text{ (maoin talmhaíochta lúide morgáiste)}}{Y \text{ (gach maoin lúide morgáiste)}} \times D \text{ (dlíteanais)} = \frac{€450,000}{€490,000} \times €5,000 = €4,591.84$$

Mar gheall nach bhfuil ach cáin á gearradh ar 10% den mhaoin talmhaíochta i.e. €50,000 níl ach 10% den dlíteanais gan urrús aistrithe chuig an maoin talmhaíochta i.e. €459.18 inasbhainte.

Maoin Eile

$$\frac{X \text{ (maoin eile)}}{Y \text{ (gach maoin lúide morgáiste)}} \times D \text{ (dlíteanais)} = \frac{€40,000}{€490,000} \times €5,000 = €408.16$$

Mar gheall nach bhfuil aon faoiseamh ar mhaoin nach maoin talmhaíochta í, is féidir na dlíteanais a bhaineann leis i.e. €408.16 a asbhaint san iomlán.

An féidir an Faoiseamh a Aistarraingt nó a fháil ar ais?

Is féidir. Tá roinnt cásanna ann inar féidir faoiseamh a aistarraingt nó cuid de a fháil ar ais.

1. Má dhíoltar an mhaoin:

Go ginearálta, déantar an faoiseamh a aistarraingt nuair a dhíoltar nó nuair a fhaightear go héigeantach an mhaoin talmhaíochta taobh istigh de shé bliana ó dháta an tabhartais nó na hoidhreachta agus nach gcuirtear maoin talmhaíochta eile ina áit taobh istigh de **bhliain**, i gcás díol deonach nó taobh istigh de **shé bliana** i gcás maoin a fuarthas go héigeantach i.e. faoi réir ordú ceannach éigeantach. Mura ndéantar ach cuid den mhaoin a dhíol, ní dhéanfar ach an chuid sin den faoiseamh talmhaíochta a aistarraingt.

Níl feidhm le haistarraingt nó le fáil ar ais cuid den faoiseamh i ndáil le barra nó adhmaid a dhíol má fhaigheann an tairbhí bas roimh an díol nó an ceannach éigeantach.

Mar sin féin níl féidir aon nó a fháil ar ais má fhaigheann an tairbhí bás sula ndíoltar an mhaoin nó má cheannaítear go héigeantach í.

2. Mura mbeidh ceanglas cónaitheach comhlíonta:

I gcás tabhartais nó oidhreachta déantar an faoiseamh a aistarraingt mura mbeidh an tairbhí ina c(h)ónaí sa Stát ar feadh trí bliana chánacha, díreach i ndiaidh na bliana canach ina dtiteann **Dáta na Measúnachta**.

I gcás faoiseamh a fháil ar ais caithfear tuairisceán athbhreithnithe (Foirm IT38) a thabhairt. Gearrfar ús ar an gcuid eile den cháin mura n-íoctar é taobh istigh de cheithre mhí ón eachtra a thugann cúis leis an bhfáil ar ais, e.g. dáta an díolacháin.

Aguisín 3 Faoiseamh Gnó – Nótaí agus Samplaí

Reachtaíocht - Ailt 90 go 102, an tAcht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháiltais Chaipitiúla 2003.

Céard é an faoiseamh?

Beidh laghdú 90% i gceist leis an bhfaoiseamh i ndáil le luach incháinite na maoiné cuí gnó a thógfaidh an tairbhí. Tabhair faoi deara gurb é **luach incháinite** na maoiné cuí gnó a fhaigheann an faoiseamh agus ní an luach margaidh

Sampla

Faigheann Michael an gnó teaghlaigh an I Meán Fómhair, 2002. €4,000,000 luach margaidh an ghnó. Faoiseamh gnó déantar é a ríomh mar a leanas:

Luach incháinite roimh faoiseamh	€ 4,000,000
Laghdú 90%	€ 3,600,000
Luach incháinite athbhreithnithe i ndiaidh faoisimh	€ 400,000

Céard is maoin chúig ghnó ann?

Ní bheidh ach an mhaoin chúig ghnó i dteideal an faoiseamh. Mínítear “Maoin Chúig Ghnó” mar seo a leanas:

- ◆ An gnó nó an leas i ngnó i gcás gnó déanta ag trádálaí aonair nó ag comhpháirtíocht. Mínítear “gnó” mar ghnó a dhéantar ar mhaithe le gnóthachan agus áirítear air gairm a fheidhmiú go maith mar cheird.

Ní bheidh sócmhainní aonair a úsáidtear i ngnó, cosúil le monarcha, i dteideal faoisimh má aistrítear iad chuig tairbhí gan ghnó.

Sampla

Chuir Anne tús le gnó ceirde ina háitreabh féin scór bliain ó shin. Ceannaíonn siopaí áitiúla an cheardaíocht. Oibríonn sí sa gnó lena deartháir Vincent atá mar fhostaí aici. Ba mhaith léi an áit a thabhairt do Vincent mar thabhartas ach beidh an gnó fós aici féin. Ní bheidh an t-áitreabh incháilithe mar mhaoin chúig ghnó.

- ◆ urrúis nó scaireanna neamhluaithe cuideachta ina bhfuil gnó más amhlaidh an méid seo a leanas -
 - tá an chuideachta ionchorpraithe agus
 - beidh ag an tairbhí, ar dháta na measúnachta agus i ndiaidh tabhartas nó oidhreacht a thógáil;

(1) níos mó ná 25% de na cearta vótála maidir le gach ceist a bhaineann leis an gcuideachta iomlán ag an tairbhí.

Sampla

Cuideachta phríobháideach ionchorpraithe ABC Teo. Seo a leanas an chaoi a bhfuil na scaireanna roinnte:

Mary Burke	33.34%
John Walshe	33.33%
Michael Reid	33.33%

Tá Mary anois ag iarraidh a cuid de na scaireanna a bhronnadh ar a mac Maurice. I ndiaidh an tabhartais, beidh 33.34% ag Maurice. Beidh na scaireanna incháilithe mar mhaoin chúig ghnó.

NÓ

(2) an chuideachta a smachtú taobh istigh de chiall Alt 27, den Acht um Chomhdhlúthú Cánach ar Fháiltais Chaipitiúla, 2003.

Sampla

Cuideachta phríobháideach ionchorpraithe é DEF Teo., le Stephanie agus a gaolta (féach thíos). Tá scairchaipiteal 10 € i scaireanna Aicme A agus 90 € i scaireanna Aicme B eisithe aige. Ní cearta vótála ach ag scaireanna Aicme A. Seo a leanas an chaoi a bhfuil na scaireanna roinnte:

	Aicme A	Aicme B	Iomlán (A+B)
Fergus Dwyer	6	-	6
Patricia Dwyer	4	-	4
Barry Dwyer	-	60	60
Lucy Dwyer	-	25	25
Stephanie Dwyer	-	5	5
Iomlán	10	90	100

Tá Barry ag iarraidh ceathrú dá chuid scaireanna a thabhairt dá neacht, Stephanie. I ndiaidh an tabhartais beidh smacht ag Stephanie ar an gcuideachta laistigh den chiall atá leis in alt 27 den Acht (i.e. faoi smacht Stephanie agus a cuid gaolta) agus beidh tabhartas scaireanna i dteideal faoiseamh gnó dá bhrí sin.

NÓ

(3) Ar a laghad 10% nó tuilleadh den luach ainmniúil comhiomlán de na scaireanna eisithe agus urrúis na cuideachta agus ag obair go lánaimseartha i gcuideachta (nó i gcás grúpa, do chuideachta nó cuideachtaí i ngrúpa) ar feadh tréimhse 5 bliana dar críoch dáta an tabhartais nó na hoidhreachta

Sampla

Cuideachta phríobháideach ionchorpraithe GHI Teo. Níl eisithe aici ach aicme amháin scaireanna. Seo a leanas an chaoi a bhfuil na scaireanna seo roinnte:

John Buckley (tuismitheoir)	40%
Mary Buckley (tuismitheoir)	40%
Michael Buckley (mac)	20%

D'oibrigh Catherine, nach bhfuil aon ghaol aici le muintir Buckley, go lánaimseartha (mar bhainisteoir cuntas) sa chuideachta ar feadh 10 mbliana. Tugann John tabhartas 10% dá scaireanna do Catherine. Beidh na scaireanna incháilithe mar mhaoín chúí ghnó agus gheobhaidh siad faoiseamh gnó.

- ◆ Aon talamh nó foirgneamh nó innealra sa Stát faoi úinéireacht an diúscróra ach á úsáid go hiomlán nó den chuid is mó chun críche gnó a dhéanfaidh cuideachta faoi smacht diúscróra nó ag comhpháirtíocht ina raibh an diúscróir mar chomhpháirtí. Caithfidh an tairbhí na scaireanna sa chuideachta nó an leas comhpháirtíochta a thógáil le chéile leis an talamh, foirgnimh, innealra nó meaisíní chun go mbeidh na sócmhainní sin i dteideal faoisimh.

Sampla

Cuideachta phríobháideach ionchorpraithe í XYZ. Níl ach aicme amháin scaireanna i.e. 100 gnáth scair €1 eisithe. Seo a leanas an chaoi a bhfuil na scaireanna seo roinnte:

John Smyth	60
Tom Murphy	40

Níl aon ghaol ag na scairshealbhóirí lena chéile. Ritheann an chuideachta a gnó déantúsaíochta ó mhonarcha le John Smyth. An 1 Deireadh Fómhair, 2002, aistríonn John a scaireanna chuig a mhac Michael mar aon leis an monarcha.

Beidh an mhonarcha incháilithe mar “mhaoín chúí ghnó” mar gur leis an diúscróir é a raibh smacht aige/aici ar an gcuideachta.

Dá mba rud é seo sampla seo, go mba le Tom Murphy 60 scair agus go mba le John Smyth 40, ní bheadh an mhonarcha incháilithe mar “mhaoín chúí ghnó” mar nach leis an diúscróir iad a raibh smacht aige/aici ar an gcuideachta.

- ◆ Scaireanna luaite agus urrúis cuideachta a bhfuil gnó aici fad is go mbeidh siad i dteideal faoisimh dá mbeidís neamhluaite agus:
 - (a) in úinéireacht thairbhiúil an diúscróra díreach roimh an diúscartha; agus
 - (b) a bhí neamhluaite an 23 Bealtaine, 1994 nó, más níos deireanaí, dáta tosach feidhme na úinéireachta tairbhiúla sin.

Sampla

Déantar cuideachta luaite phoiblí an chuideachta theoranta phríobháideach XYZ Teo. le John Smyth ó 1990 i 1997. I Meán Fómhair 2002 d'aistrigh John Smyth 60% dá scaireanna sa chuideachta chuig a mhac Tom. Fad is gcomhlíonfaidh na scaireanna na coinníollacha a théann leis na scaireanna neamhluaite thuas, beidh Tom i dteideal faoiseamh gnó.

An bhfuil cineálacha ar bith gnóthaí eisiata ón bhFaoiseamh?

Tá na gnóthaí a bhfuil ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas iontu go hiomlán nó go príomha:

- ◆ déileáil in airgeadraí, i bhfuillimh, stoic nó scaireanna, talamh nó foirgnimh, nó
- ◆ déanamh nó sealúchas infheistithe

ina “gnóthaí eisiata” do chuspóirí an fhaoisimh.

Chun socrú cé acu atá an gnó ina ghnó infheistithe go hiomlán nó go príomha ní mór amharc ar an méid a leanas:

- ◆ cóimheasa de luach sócmhainní agus brabús inchurtha i leith trádála agus infheistithe faoi seach;
- ◆ cóimheas láimhdeachais le hioncam infheistithe;
- ◆ cé acu atá na fostaithe gafa níos mó le gné na trádála de nó le gné an infheistithe de agus vice versa;
- ◆ cé acu an bhfuil cúiseanna faoi leith ar bith ann go bhfuil an brabús íseal
- ◆ an úsáid a dhéantar as na hinfeistithe nó an t-ioncam as na hinfeistithe; agus
- ◆ an dóigh ina cuirtear síos ar an gcuideachta sna cuntais bhliantúla.

Má tá ceann ar bith de na gnóthaí eisiata thuasluaite sa ghnó “go hiomlán nó go príomha”, diúltaítear faoiseamh don ghnó uile.

Mura bhfuil gnó eisiata “go hiomlán nó go príomha” sa ghnó, breathnaítear ar an ngnó uile mar mhaoín ábhartha ghnó ach ní dhéanann an pháirt a bhaineann leis an gcuid eisiata den ghnó faoiseamh a atarraingt.

Sampla 1

Bronnann Seán a ghnó ar Mháire. Is gnó infheistithe de 65% atá sa ghnó agus gnó trádála de 35%. Ní cháilíonn sochar Mháire d'fhaoiseamh gnó.

Sampla 2

Bronnann Seán a ghnó ar Mháire. Is gnó infheistithe de 35% atá sa ghnó agus gnó trádála de 65%. Is “maoin ábhartha ghnó” atá sa ghnó agus cáileoidh Máire d'fhaoiseamh gnó ach i dtaca le páirt trádála an ghnó amháin i.e. 65%.

Cuideachtaí Sealúchais

Ag glacadh leis go bhfuil na coinníollacha eile go léir a dheonaíonn an faoiseamh comhlíonta cáileoidh scaireanna nó fuillimh chuideachta sealúchais mar mhaoin ábhartha ghnó má tá gnó na cuideachta sealúchais go hiomlán ná go príomha ina chuideachta sealúchais d'fhochuideachtaí ina mbíonn gnóthaí neamh-eisiata ar bun. Déanfar luach na scaireanna nó na fuilleamh seo, do chuspóirí an fhaoisimh, áfach, a shocrú, ar an mbonn go ndéantar neamhiontas d'fhochuideachtaí ar bith (nó cuideachtaí ar bith bainteach leo) ina mbíonn gnóthaí eisiata ar bun.

Sampla

Tá ceithre fhochuideachta faoi úinéireacht iomlán ag Sealúchas ABC. Cé go bhfuil gnó ar bun ag gach fochuideachta, tá ceann amháin acu, Infheistithe Teo, ag a bhfuil gnó infheistithe ar bun. Tá Sealúchas ABC measta ag €5 milliún, agus Infheistithe Teo measta ag €1 milliún. Mar go mbeidh gnó Shealúchas ABC, ag glacadh leis go bhfuil na coinníollacha eile go léir comhlíonta, cáilithe mar “mhaoin ábhartha ghnó” ach beidh luach Shealúchas ABC do chuspóirí maidir leis an bhfaoiseamh a ríomh teoranta ag €4 milliún i.e. ní bheidh an luach de €1 milliún d'Infheistithe Teo san áireamh.

An bhfuil íostréimhse úinéireachta ann?

Chun a bheith cáilithe don fhaoiseamh ní mór an mhaoin ábhartha ghnó a bheith cuimsithe sa diúscairt go leanúnach roimh dháta an bhronntanais nó na hoidhreachta d'íostréimhse

- ◆ **Dhá bhliain** i gcás oidhreachta, a glacadh i ndiaidh bhás an diúscróra
- ◆ **Cúig bliana** i gcás ar bith eile, e.g. tabhartas nó oidhrecht glactha i ndiaidh bhás tionónta saoil.

Áireofar tréimhse úinéireachta le céile diúscróra nó le hiontaobhaí le haghaidh cuspóirí chun an coinníoll seo a chomhlíonadh.

Sampla 1

Faigheann Tom bás agus fágann sé a ghnó ag Seoirse. Nuair a ghlacann Seoirse a oidhrecht nuair a fhaigheann Tom, diúscair bás, caithfear coinníoll na íostréimhse de dhá bhliain a chomhlíonadh.

Sampla 2

Tá gnó ag Pádraig ó bhí 1995. I nDeireadh Fómhair, 2002 aistríonn sé an mhaoin anonn ag a mhac, Liam. Tá an íostréimhse úinéireachta de chuig bliana comhlíonta agus beidh Liam cáilithe d'fhaoiseamh gnó ar an tabhartas.

Sampla 3

Faigheann Seán bás agus fágann sé a ghnó ag a dheirfiúr Clár dá saol agus nuair a fhaigheann sí bás caithfidh sí é a chur ar aghaidh ag a mac Síomón. Cáileoidh Clár d'fhaoiseamh gnó má bhí Seán ina úinéir tairbhiúil le dhá bhliain roimh a bhás. D'fhonn go gcáileoidh Síomón don fhaoiseamh gnó nuair a fhaigheann Clár bás, cúig bliana ab ea an íostréimhse úinéireachta cáilithe. Chun cuspóirí thréimhse an chúig bliana sin a ríomh, cuirtear dhá thréimhse le chéile i.e.

1. An tréimhse roimh bhás Sheáin nuair a bhí sé mar úinéir tairbhiúil ar an maoin agus
2. An tréimhse le linn thionóntacht saoil Chláir.

Má tá iomlán an dá thréimhse seo níos mó ná cúig bliana, gheobhaidh an sochar glactha ag Síomón faoiseamh gnó.

Sampla 4

Fuair Mícheál gnó cáilithe i 1996. Fuair sé bás in 2000 agus d'fhág sé an gnó ag a bhean Pádraicín. In 2002, bhronn Pádraicín an gnó ar a mac Stiofán. Baineann an tréimhse cúig bliana leis an tabhartas agus cáileoidh Stiofán d'fhaoiseamh gnó i dtaca leis an tabhartas. Tá an tréimhse cúig bliana comhlíonta mar go raibh an úinéireacht tairbhiúil ag Mícheál agus a bhean Pádraicín ar feadh sé bliana.

Maoin Athsholáthair

Nuair a athsholáthraíonn maoin ábhartha ghnó maoin eile laistigh den íostréimhse úinéireachta, cáileoidh an mhaoin ábhartha ghnó sin don fhaoiseamh dá gcáileoidh an mhaoin a d'athsholáthraigh sé mar mhaoin ábhartha ghnó (seachas coinníoll na híostréimhse úinéireachta). Nuair atáthar ag déileáil leis an maoin athsholáthair, mar is féidir go n-imeodh am thart idir díolachán gnó amháin agus a athsholáthar le ceann eile, déantar na híostréimhsí úinéireachta a shíneadh ó dhá bhliain agus cúig bliana go dtí trí bliana agus sé bliana faoi seach.

Mar sin, i gcás sochair den mhaoin athsholáthair a thagann de bhás an diúscróra, má bhí an bhunmhaoin agus an mhaoin athsholáthair faoi úinéireacht an diúscróra ar feadh dhá bhliain amach as trí bliana ar a laghad láithreach i ndiaidh dáta an tsochair sin, measfar go mbainfidh an mhaoin athsholáthair an íostréimhse úinéireachta amach.

Mar a gcéanna, i gcás tabhartas nó oidhreachtaí a thagann as rudaí eile seachas bás an diúscróra, bheadh coinníollacha na hiostréimhse úinéireachta comhlíonta má bhí an bhunmhaoin agus an mhaoin athsholáthair faoi úinéireachta an diúscróra ar feadh cúig bliana as sé bliana.

Níl coinníoll ar bith go gcaithfidh an mhaoin athsholáthair a bheith cosúil leis an maoin a d'athsholáthraigh sé.

Sampla

Thosaigh Breandán ar ghnó éadaitheoireachta in Eanáir, 1996. Dhíol sé an gnó i mí na Nollag, 1999 agus cheannaigh sé gnó crua-earraí i mí na Bealtaine, 2000. Bhronn sé an gnó crua-earraí ar a dheartháir Gearóid i mí na Samhna, 2002.

Beidh faoiseamh gnó i bhfeidhm ar bhronntanas an ghnó chrua-earraí, mar nuair a chuirtear le chéile iad, tagann tréimhse úinéireachta Bhreandáin ar ghnó na héadaitheoireachta agus ar an ghnó chrua-earraí go dtí níos mó ná cúig bliana sa tréimhse sé bliana roimh dháta an bhronntanais.

Má bhíonn luach na maoin athsholáthair níos mó ná luach na maoin a d'athsholáthraigh sí beidh an faoiseamh teoranta go dtí an méid a bheadh sé mura ndéanfaí an t-athsholáthar. Dá ndéanfaí, sa sampla thuas, an gnó éadaitheoireachta a dhíol ar €100,000 agus cé gur ceannaíodh na crua-earraí ar €150,000, is fiú €180,000 é ag an dáta na measúnachta, bheadh an faoiseamh teoranta go dtí €120,000 mar a leanas:

$$\frac{€180,000 \times €100,000}{€150,000} = €120,000$$

Nuair is talamh, foirgnimh, monarcha nó innealra a bhíonn sa ghnó mhaoin ábhartha athsholáthair suite sa Stát agus gur leis an diúscróir é ach úsáidtear é go hiomlán nó go príomha do chuspóirí gnó a bhíonn ar bun ag cuideachta agus a rialaíonn an diúscróir nó ag comhpháirtíocht a raibh an diúscróir ina pháirtí de, ní mór gur úsáideadh an mhaoin athsholáthair (i.e talamh, foirgnimh, monarcha nó innealra) go hiomlán nó go príomha do chuspóirí an ghnó le linn páirte cuí na hiostréimhse úinéireachta.

An bhfuil eisceacht i gcoinne na hiostréimhse úinéireachta do shochair chomhleantacha?

Dá nglacadh an diúscróir, nó a c(h)éile, tabhartas nó oidhrecht de mhaoin ábhartha ghnó (an réamhshochar) agus iad bás a fháil sular leis/léi nó lena c(h)éile an mhaoin ar feadh na tréimhse iarrtha, is féidir go gcáileodh an sochar a glacadh ón diúscróir (an iarshochar) fós don fhaoiseamh in ainneoin choinníoll na hiostréimhse úinéireachta fad is gur cháiligh an réamhshochar don fhaoiseamh.

Sampla

I mí na Nollag, 2001 bronnann Nuala a gnó gruagaireachta ar a neacht Clodagh. Cáilíonn an tabhartas d'fhaoiseamh gnó. Maraítear Clodagh i dtimpiste gluasteáin i mí Mheán Fómhair 2002 agus de réir théarmaí a tiomna téann an gnó ar aghaidh ag a deirfiúr Nóra. Cé nach raibh an gnó ag Clodagh don íostréimhse úinéireachta de dhá bhliain, cáileoidh an sochar a ghlac Nóra d'fhaoiseamh gnó fós.

Ní mór gur oidhrecht a bheadh san iarshochar, i.e. an sochar a ghlac Nóra sa sampla. Ní bheadh an “faoiseamh comharbais ghasta” i bhfeidhm dá nglacadh Nóra tabhartas an ghnó ó Clodagh.

Cén chaoi a socrófar luach de ghnó atá ar bun ag trádálaí aonair nó ag comhpháirtíocht do chuspóirí an fhaoisimh?

Má tá an gnó ar bun ag trádálaí aonair nó ag comhpháirtíocht is é an glanluach luach an ghnó do chuspóirí faoisimh ghnó (ach faoi réir coigeartaithe féideartha ar bhonn sócmhainní glactha). Faightear an glanluach trí luach margaidh na sócmhainní a úsáidtear sa ghnó a laghdú (cáilmheas san áireamh) le luach margaidh dliteanais ar bith tabhaithe do chuspóirí an ghnó.

I gcás gnó a bhíonn ar bun ag trádálaí aonair cuirfear gach sócmhainn ar leis an trádálaí aonair í nó a úsáideann sé nó sí go hiomlán nó go príomha do chuspóirí an ghnó san áireamh chun an glanluach a fháil mar aon le gach dliteanas tabhaithe do chuspóirí an ghnó. I gcás comhpháirtíocht, áfach, ní cuirfear san áireamh ach sócmhainní comhpháirtíochta agus dliteanais chomhpháirtíochta. Ní amharcaí ar dhliteanas pearsanta páirtí mar dhliteanas na comhpháirtíochta ach an oiread.

An bhfágfar páirt ar bith de luach incháinite mhaoin ábhartha ghnó a cháilíonn ar chaoi eile mar fhaoiseamh gnó as an áireamh nuair atáthar ag ríomh an fhaoisimh?

Fágfar. Déanfar neamhiontas den luach (má tá luach ar bith ann) atá inchurtha i leith iad seo a leanas:

- ◆ sócmhainn ar bith nach n-úsáidtear do chuspóirí an ghnó atá i gceist.

Sampla 1

Aistríonn Ciarán, ar leis na scaireanna uile in STU Teo., a scaireanna anonn ag a iníon Liz. Is é luach incháinithe na scaireanna in STU Teo. ná €950,000, ach áirítear leis sin scaireanna luaite measta ag €50,000 atá coimeáda mar infheistiú.

Ríomhtar an faoiseamh mar a leanas:

Luach Incháinithe roimh fhaoiseamh	€ 950,000
Luach inchurtha i leith sócmhainní nach n-úsáidtear do chuspóirí an ghnó	€ 50,000
Méid de luach incháinithe a fhéadtar sochar a bhaint as an bhfaoiseamh	€ 900,000
Faoiseamh 90%	€ 810,000
Luach Incháinithe de shócmhainní gnó cáilithe (i ndiaidh faoisimh)	€ 90,000
Cuir Luach Incháinithe de shócmhainní glactha leis	€ 50,000
Luach Incháinithe de shochar Liz	€ 140,000

Nuair atá an gnó i gceist, áfach, ar bun ag cuideachta atá ina ball de ghrúpa, (grúpa lena n-áirítear cuideachtaí comhlachaithe chomh maith le fochuideachtaí), amharcfar ar shócmhainní gnó ar bith (i.e. sócmhainní gnó seachas sócmhainní infheistithe) a úsáidtear go hiomlán nó go príomha do chuspóirí gnó neamh-eisiata ar bun ag cuideachta ar bith eile sa ghrúpa faoi mar a bheadh siad á n-úsáid do chuspóirí an ghnó i gceist.

Nuair nach bhfuil ach páirt de na tailte nó na foirgnimh á n-úsáid go heisiach do chuspóirí an ghnó ní cháileoidh ach an pháirt sin d'fhaoiseamh gnó e.g. foirgneamh ina bhfuil an t-urlár talún á úsáid mar áitreamech ceadúnaithe agus an t-urlár uachtair do chuspóirí cónaitheacha. Ní cháileoidh ach páirt an áitrimh cheadúnaithe den fhoirgneamh d'fhaoiseamh gnó

Sampla 2

Glacann Seán oidhreacht d'áitreamech ceadúnaithe ó Shéamus. Chónaigh Séamus os cionn an phub. Tá an mhaoine measta ag €1,000,000. Tá cuid chónaithe na maoin measta ag €150,000.

Ní úsáidtear an cónaí do chuspóirí an ghnó agus ní cháileoidh sé d'fhaoiseamh.

Ríomhtar faoiseamh mar a leanas:

Luach Incháinithe roimh fhaoiseamh	€ 1,000,000.00
Lúide luach roimh fhaoiseamh	€ 150,000.00
Luach Incháinithe a cháilíonn sócmhainní	€ 850,000.00
Faoiseamh (90%)	€ 765,000.00
Luach Incháinithe Faoisimh a cháilíonn sócmhainní (i ndiaidh faoisimh)	€ 85,000.00
Cuir sócmhainn ghlactha leis i.e. Cónaí	€ 150,000.00
Luach Incháinithe shochar Shéamuis	€ 235,000.00

Nóta: Sa chás go mbeidh morgáiste ar an bhfoirgneamh, ní mór an morgáiste a bheith cionroinnte idir an áitreamech ceadúnaithe agus an cónaí. Ba chóir an chuid den mhorgáiste a bhaineann leis an áitreamech ceadúnaithe a bhaint amach as na sócmhainní gnó i.e. an t-áitreamech ceadúnaithe agus an chuid a bhaineann leis an gcónaí bainte amach as na sócmhainní neamhghnó, i.e. cónaí.

- ◆ sócmhainní gnó ar bith má fuarthas iad níos mó ná dhá bhliain roimh an bhronntanas nó an oidhreacht, nár úsáideadh go hiomlán nó go príomha do chuspóirí an ghnó do thréimhse leanúnach de dhá bhliain roimh an bhronntanas nó an oidhreacht. Ní chaithfear neamhiontas a dhéanamh, áfach, de shócmhainní gnó ar bith a fuarthas laistigh de dhá bhliain roimh an tabhartas nó an oidhreacht fad is go rabhthas á n-úsáid go hiomlán nó go príomha do chuspóirí an ghnó ó dháta an ghnóthaithe. Sé sin le rá nach bhfuil teorann ar bith ar ghnóthú sócmhainní úra le gnó atá ann cheana fad is go gcáilíonn an gnó féin d'fhaoiseamh gnó agus go gcomhlíonann na sócmhainní an triail thuas.
- ◆ gnó úr ar bith faighte ag cuideachta (nó ag cuideachta sa ghrúpa céanna) laistigh den íostréimhse úinéireachta (ach amháin sa mhéid go gcáileodh sé mar mhaoine athsholáthair).

Sampla

Ionchorpraíodh VWX Teo., mar chuideachta sealúchais mhaoine i 1993. I Meán Fómhair, 1998, dhíol sí a maoin uile agus cheannaigh sí gnó déantúsaíochta cáise leis na fáltais. Bronnann ceann de na páirtithe leasmhara a scaireanna sa chuideachta dá mac an I Deireadh Fómhair, 2002. Cé go raibh na scaireanna faoi sheilbh le níos mó ná cúig bliana ní cháileoidh siad fós don fhaoiseamh mar go bhfuil a luach inchurtha i leith luach a ghnó úr go hiomlán.

Cén chaoi a ríomhtar Faoiseamh Gnó?

Cuirtear faoiseamh gnó i bhfeidhm ar luach incháinithe an ghnó. Tabhair faoi deara i “Faoiseamh Talmhaíochta” (féach Aguisín 2) go bhfuil an faoiseamh curtha i bhfeidhm ar luach margaidh na maoin talmhaíochta.

Faightear luach incháinithe an ghnó trí dhliteanais ar bith tabhaithe i bhfeidhmiú an ghnó a bhaint amach as luach margaidh na sócmhainní gnó.

Nuair atá sócmhainní gnó agus neamhghnó araon i sochar, baintear na dliteanais tabhaithe i bhfeidhmiú an ghnó amach as na sócmhainní gnó agus baintear fiacha ginearálta agus comaoin ar bith íoctha don sochar amach as na sócmhainní neamhghnó, chomh fada agus is féidir. Caithfear eire ar mhaoine gnó e.g. morgáiste a baint amach as luach na maoin gnó. Sa chás nach bhfuil go leor sócmhainní, áfach, (cé acu gnó nó neamhghnó) chun dul i ngleic leis na dliteanais gnó nó neamhghnó uile ba cheart barrachas dliteanas ar bith a bhaint amach as sócmhainní gnó nó neamhghnó mar is cúí. (féach sampla 2 thíos).

Sampla 1

Tá gnó grósaeireachta ag Seosamh, trádáláí aonair. Fuair sé bás i Samhain, 2002, agus d'fhág sé a eastát go hiomlán, ina bhfuil sócmhainní gnó agus neamhghnó, ag a dheartháir Barra, ar choinníoll go n-íocfadh Barra €20,000 le "Concern".

Ar dháta na measúnachta, bhí na sócmhainní a leanas san eastát:

Siopa (luach €300,000 le morgáiste €100,000), stoc-i-dtrádáil €50,000, gnó c/s €10,000, taisce Bhanc na hÉireann c/s €30,000 agus teach teaghaise (luach €150,000)

Tá na dliteanais mar a leanas:

Costais riaracháin €5,000, caiteachas sochraide €3,000 agus fiacha trádála €12,000.

Tá an luach incháinithe glactha ag Barra fionnta mar a leanas:

Ollmhaoin Neamh-Ghnó		Ollmhaoin Ghnó	
Banc na hÉireann c/s	€ 30,000	Siopa	€ 300,000
Teach teaghaise	€ <u>150,000</u>	Stoc	€ 50,000
		Gnó c/s	€ <u>10,000</u>
Iomlán	€ 180,000	Iomlán	€ 360,000
Lúide: Costais Riar	€5,000	Lúide: Fiacha Trádála	€ 12,000
Caiteachas Sochraide	€ <u>3,000</u>	Morgáiste	€ <u>100,000</u>
Luach Saor ó Eire	€ 172,000	Luach Saor ó Eire	€ 248,000
Lúide: Comaoin	€ <u>20,000</u>		
Luach Incháinithe	€ 152,000	Luach Incháinithe	€ 248,000
		Faoiseamh Gnó (90%)	€ <u>223,200</u>
		Luach Incháinithe (i ndiaidh faoisimh)	€ 24,800
		Luach Incháinithe Shochar Bharra (Maoin Neamhghnó agus Maoin Ghnó)	€ 176,800

Sampla 2

Faigheann Pádraig bás agus fágann sé a eastát iomlán ag Máire. Tá gnó san eastát measta ag €500,000 agus scaireanna Guinness measta ag €10,000. Tagann na dliteanais ghnó go dtí €30,000 agus tagann na costais riaracháin agus sochraide go dtí €20,000.

Ollmhaoin Neamh-Ghnó		Ollmhaoin Ghnó	
Scaireanna Guinness	€10,000	Gnó	€ 500,000
Lúide: Costais	€ <u>20,000</u>	Lúide: Dliteanais Ghnó	€30,000
Easnamh	€10,000	Easnamh Neamh-Ghnó	€ <u>10,000</u>
Luach Incháinithe	Neamhní	Luach Incháinithe	€ 460,000
		Faoiseamh Gnó (90%)	€ <u>414,000</u>
		Luach Incháinithe (i ndiaidh faoisimh)	€ 46,000

Sampla 3

Fuair John Lally bás i Nollaig, 2002 agus d'fhág sé a eastát iomlán ag a mhac Pat. Sa stát bhí 20% de scairsheilbh John Lally Motors Teo. (ar le John iad) ó na raibh an gnó ag feidhmiú.

Bhunaigh John Lally agus ceithre pháirtí eile John Lally Motors Teo. i 1990.

D'oibrigh Pat Lally don chuideachta i gcumas bainistíochta ó d'fhág sé an scoil i 1993.

Ag dáta na measúnachta bhíú €1,000,000 an t-áitreabh agus rinneadh an scairsheilbh 20% a mheas ag €5,000,000. Tháinig an caiteachas riaracháin agus sochraide go dtí €20,000 agus tháinig scair fhiacha gnó John Lally go dtí €100,000.

Tá luach €5,000,000 de na scaireanna inchurtha i leith €1,000,000 (infheistithe) €2,000,000 (stoc), €1,500,000 (cáilmheas) agus €500,000 (monarcha agus innealra) ar ceannaíodh leath de in Eanáir, 2002.

Cáilíonn Pat Lally d'fhaoiseamh gnó mar go bhfuil ar a laghad 10% de luach ainmniúil scaireanna eisiúna na cuideachta aige agus d'oibrigh sé don chuideachta ar feadh cuig bliana roimh dháta na hoidhreachta.

Ollmhaoin Neamh-Ghnó		Ollmhaoin Ghnó	
Áitreabh	*€1,000,000	Stoc	€ 2,000,000
Infheistíochtaí	**€1,000,000	Cáilmheas	€ 1,500,000
		Gléasra & Innealra	*** € <u>500,000</u>
Iomlán	€2,000,000	Iomlán	€ 4,000,000
Lúide Costais	€ <u>20,000</u>	Lúide: Dliteanais Ghnó	€ <u>100,000</u>
Luach Incháinithe	€ 1,980,000	Luach Incháinithe	€ 3,900,000
		Faoiseamh Gnó (90%)	€ <u>3,510,000</u>
		Luach Incháinithe (i ndiaidh faoisimh)	€ 390,000
		Luach Incháinithe Shochar Bharra (Maoin Neamhghnó agus Maoin Ghnó)	€ 2,370,000

* Ní cháilíonn an t-áitreabh le haghaidh faoisimh toisc nach raibh rialú na cuideachta i lámha John Lally (gan ach 20% den scairshealúchas aige agus an fuilleach 80% ag baill neamhtheaghlaigh).

** Is sócmhainn eisiata iad infheistíochta.

***Cáilíonn an mhonarcha agus an t-innealra uile d'fhaoiseamh agus cé nár ceannaíodh 50% de ach aon mhí dhéag roimh dháta na hoidhreachta (úsáideadh an 50% sin go hiomlán nó go príomha do chuspóirí an ghnó á ngnóthú in Eanáir agus cáilíonn an gnó é féin d'fhaoiseamh).

An féidir an faoiseamh a aistarraingt?

Is féidir.

- ◆ Má stopann an gnó, nó gnó ar bith a d'athsholáthraigh é, de bheith ag trádáil laistigh de thréimhse sé bliana i ndiaidh dháta an tabhartais nó na hoidhreachta murar athsholáthraítear an gnó laistigh de bhliain amháin le maoin ábhartha ghnó eile. Ní bheidh aistarraingt ar bith d'fhaoiseamh, áfach, nuair a stopann an gnó de bheith ag trádáil de bharr féimheachta nó de bharr thoradh foirceannta bona fide de bharr dócmhainneachta.
- ◆ Má dhíoltar nó má fhuasclaítear nó má tá an gnó nó na scaireanna nó an fuillimh faighte go héigeantach agus mura ndéantar iad a athsholáthar laistigh de bhliain amháin ag maoin ábhartha ghnó eile.

Níl aistarraingt ar bith ann, áfach, má fhaigheann an tairbhí bás sula dtarlaíonn an teagmhas óna dtagann an aistarraingt. I gcás aistarraingt faoisimh ní mór tuairisceán athbhreithnithe (Foirm) a sheachadadh. Gearrfar ús ar an mbreischáin mura n-íocfar í laistigh de cheithre mhí den teagmhas ó na dtagann an aistarraingt.

Míniú ar chuid de na difríochtaí idir Faoiseamh Talmhaíochta agus Faoiseamh Gnó

- ◆ Níl íostréimhse úinéireachta ar bith ann d'fhaoiseamh talmhaíochta ach tá íostréimhse úinéireachta de dhá bhliain (oidhrecht) nó de chuig bliana (tabhartas) d'fhaoiseamh gnó.
- ◆ Baineann faoiseamh talmhaíochta le luach margaidh mhaoine ach baineann faoiseamh gnó le luach incháinithe.
- ◆ Baineann faoiseamh talmhaíochta leis an teach feirme ach ní bhaineann faoiseamh gnó.
- ◆ Is féidir sócmhainní neamhthalmhaíochta a úsáid chun sócmhainní talmhaíochta a cheannach, i gcásanna faoi leith, agus is féidir leo cáiliú d'fhaoiseamh gnó. Ní foráil ar bith mar seo d'fhaoiseamh gnó.
- ◆ Tá dliteanais neamhurráithe cionroinnte pro rata idir sócmhainní talmhaíochta agus sócmhainní neamhthalmhaíochta ach i bhfaoiseamh gnó níl ach dliteanais a bhaineann leis an ngnó aibhainteach ó shócmhainní an ghnó agus tá na dliteanais go léir eile (an méid is féidir) aibhainteach ó shócmhainní neamhghnó.
- ◆ Ní mór gnó feirmeoireachta a bheith ann. Ní leor é go bhfuil sócmhainn ann ar féidir a úsáid mar ghnó e.g. maoin.
- ◆ Níl triail 80% nó cónaithe ann d'fhaoiseamh gnó.
- ◆ Níl an rogha ag an tairbhí ceachtar d'fhaoiseamh talmhaíochta nó gnó a éileamh. Má tá an mhaoin talmhaíoch agus má cháilíonn an tairbhí mar fheirmeoir, ní mór ansin faoiseamh talmhaíochta a éileamh. Is amháin i gcás ina dteiptear cáiliú d'fhaoiseamh talmhaíochta gur féidir faoiseamh gnó a éileamh ar mhaoin talmhaíochta.

Aguisín 4 Díolúine Theach Teaghaise – Nótaí agus Samplaí

Reachtaíocht - Alt 86, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Cad is teach teaghaise ann?

Is éard atá i dteach teaghaise ná aon “foirgneamh nó páirt d’fhoirgneamh ... úsáidte nó oiriúnach mar úsáid cónaithe” agus áirítear leis tailte áitithe suas go hacra amháin.

Cad é an faoiseamh?

Beidh an teach teaghaise díolmhaithe ó cháin fad is go mbainfear coinníollacha áirithe amach.

Baineann faoiseamh theach teaghaise le tabhartais agus oidhreachtaí.

Coinníollacha don faoiseamh

Ní mór na coinníollacha a leanas a bhaint amach:

- ◆ Ní mór gur chónaí an tairbhí sa teach teaghaise go leanúnach agus gur a phríomhchónaí a bhí ann do thréimhse de thrí bliana roimh dháta an bhronntanais nó na hoidhreachta. Nuair a athsholáthraíonn an teach teaghaise maoin eile go díreach nó go hindíreach, is féidir go mbeadh an coinníoll seo comhlíonta má bhí an tairbhí áitithe go leanúnach sa dá mhaoín agus gur a phríomhchónaí nó a príomhchónaí a bhí ann do thréimhse iomlán de thrí bliana as ceithre bliana go díreach roimh dháta an tabhartais nó na hoidhreachta.
- ◆ Ní cheart go mbeadh an tairbhí, ag dáta an tabhartais nó na hoidhreachta, i dteideal teach teaghaise ar bith eile go tairbhiúil, nó leas i dteach teaghaise ar bith eile.
- ◆ Ní mór don tairbhí leanúint de bheith áitithe sa teach teaghaise agus gurb é an t-aon nó an príomhchónaí aige nó aici ó dháta an tabhartais nó na hoidhreachta. Nuair a athsholáthraíonn maoin eile an teach teaghaise go díreach nó go hindíreach, is féidir go mbeadh an coinníoll seo comhlíonta nuair a bhí an tairbhí áitithe go leanúnach sa dá mhaoín agus gur a phríomhchónaí nó a príomhchónaí a bhí ann do thréimhse iomlán de shé bliana as seacht mbliana ag tosú ar dháta an tabhartais nó na hoidhreachta.

Ní bhaineann an coinníoll deireanach má tá an tairbhí os cionn 55 bliain ag dáta an tabhartais nó na hoidhreachta nó má tá sé básaithe.

Má tá tairbhí, as láthair le linn ama ar bith mar gheall ar dhualgas oibre thar lear, ceaptar é a bheith ina áititheoir leanúnach ar an teach teaghaise sin.

Cén chaoi ar féidir éileamh a dhéanamh ar faoiseamh?

Ní mór luach margaidh an tí teaghaise a chur isteach ag Leathanach 3, Páirt 7, Colún C, Mír (a) den tuairisceán.

Tabhair faoi deara nach bhfuil dliteanais/comaoin ar bith iníoctha as an teach teaghaise asbhainteach.

Aistarraingt faoisimh

Déanfar faoiseamh a tharraingt siar mura leanann an tairbhí (faoi 55) de bheith ina chónaí ar an maoin ar feadh sé bliana i ndiaidh dháta an tabhartais nó na hoidhreachta (seacht mbliana do mhaoín athsholáthair)

Nó

go ndíoltar an mhaoín laistigh de thréimhse sé bliana agus nach ndéantar í a athsholáthar. Ní tharraingeofar siar an faoiseamh, áfach, má tharlaíonn an díolachán cionn is go bhfuil cúram leighis fadtéarmaigh de dhíth ar an tairbhí in ospidéal nó i dteach altranais nó má tá sé nó sí os cionn 55 bliain.

I gcás aistarraingt faoisimh ní mór tuairisceán (Foirm IT38) a sheachadadh. Gearrfar ús ar an mbreischáin mura n-íocfar í laistigh de cheithre mhí den teagmhais ó na dtagann an aistarraingt.

Uasfhoiseamh infhaighte ar mhaoín athsholáthair

Is é an t-uasfhoiseamh is féidir a fháil, nuair atá an tairbhí faoi 55 bliain agus go ndíolann sé nó sí an mhaoín agus go n-athsholáthraíonn sé nó sí le teach teaghaise eile í, ná an faoiseamh a bheadh le fáil ar an maoin úr.

Sampla

Faigheann Seán (aois 30) teach measta ag €500,000 le hoidhreachta. Cailíonn sé do dhíolúine theach teaghaise. Díolann sé an teach agus ceannaíonn sé árasán ar €300,000. Coimeádfar an díolúine ar an €300,000 ach beidh aistarraingt ar an difríocht sa luach i.e. €200,000 agus déanfar Seán a mheasúnú do cháin ar an méid seo.

Aguisín 5 Faoiseamh ar Mhain Oidhreachta – Nótaí agus Samplaí

Reachtaíocht - Ailt 77 agus 78, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Go bunúsach, tá dhá chatagóir leathan de mhain oidhreachta ann a cháilíonn d'fhaoiseamh Cháin Fháltas Caipitiúil:

- ◆ Réada Oidhreachta
- ◆ Tithe agus Gairdíní Oidhreachta

Baineann coinníollacha cáiliúcháin difriúla le gach catagóir.

Réada Oidhreachta

Cad iad an réada a cháilíonn d'fhaoiseamh?

Pictiúir, priontaí, leabhair, lámhscríbhíní, saothar ealaíne, seodra, bailiúcháin eolaíochta ar bith nó réadaí eile cosúil leis sin – a amharcann Coimisinéirí loncaim orthu a bheith mar leas náisiúnta, eolaíochta, stairiúil, nó ealaíonta.

Cad iad na coinníollacha don fhaoiseamh?

- ◆ Ní mór na réada a choinneáil sa Stát go buan (ach amháin do neamhláithreachtaí faofa ag na Coimisinéirí loncaim);
Tabhair faoi deara go mbeidh saothar ealaíne ar bith coinnithe taobh amuigh den Stát, ach atá sa Stát ar dháta bhás an diúscróra, díolmhaithe ó cháin nuair atá na Coimisinéirí loncaim sásta gur tugadh isteach sa Stát é do léiriúchán poiblí, glanadh nó athchóiriú amháin.
- ◆ Ní mór saoráidí réasúnta a chur ar fáil do bhail an phobail nó comhlachtaí nó comhlachais daoine a aithint; agus
- ◆ Ní cheart na réada a choimeád do chuspóirí trádála (e.g. déileáil arsa, trádáil ostlainne agus bialainne).

Cad é méid an fhaoisimh?

Beidh réad ar bith a chomhlíonann na coinníollacha thuas- agus atá mar pháirt de bhronntanas nó d'oidhrecht ar dháta tabhartais nó oidhreachta den chineál seo agus ag dáta na measúnachta- díolmhaithe ó Cháin Fháltas Chaipitiúil. Ní dhéanadh an tairbhí ach luach na réada cáiliúcháin a fhágáil amuigh agus é nó í ag ríomh cánach dlite ar bith. **Ní chuirtear an luach san áireamh ach an oiread do chuspóirí comhiomlánaithe.**

Níl dliteanas nó comaoin ar bith iniúchta as maoin dhíolmhaithe asbhainteach (féach an sampla ag **Páirt 7, Luach Incháinthe Sochair, Leathanach 24**, den Treoirleabhar seo).

Cén chaoi a ndéantar an faoiseamh a éileamh?

Cuir isteach luach margaidh an mhain dhíolmhaithe ag Leathanach 3, Páirt 7, Colún C, Mír (b) den tuairisceán.

Má tá, d'fhéadfadh an t-éileamh ar fhaoiseamh a bheith faoi réir iniúchta agus sa chás sin d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith de dhíth:

- ◆ fardal agus measúnacht chuimsitheach ar na réadaí atá mar ábhar an éilimh;
- ◆ ráiteas a achoimríonn an chaoi a rinneadh na coinníollacha éagsúla a chomhlíonadh (e.g. mionsonraí iomlána de shaoráidí féachana ceadaithe don phobal agus nó comhlachtaí aitheanta);
- ◆ an seoldh nó na seoltaí ina bhféadfaí na réada a imscrúdú (B'fhéidir go nglacfaidh na Coimisinéirí loncaim comhairle ó shaineolaithe cosúil le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann nó An Múseam Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne
- ◆ fiú más réada cáiliúcháin atá sa sochar go hiomlán, ní mór tuairisceán, ina bhfuil éileamh ar an bhfaoiseamh) a sheachadadh.

An féidir an faoiseamh a aistarraingt?

Is féidir. Stopfaidh an díolúine a bheith i bhfeidhm ar réad má tá réad díolmhaithe ar bith -

- ◆ díolta laistigh de shé bliana de dháta na measúnachta agus roimh dáta bhás an diúscróra (ach amháin do dhíolachán gnóthaíochta príobháidigh chuig Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, An Múseam Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne nó institiúid náisiúnta ar bith cosúil leis seo, ollscoil ar bith sa Stát, údarás áitiúil nó Cairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann); nó
- ◆ atá, seachas faoi chead, aistrithe taobh amuigh den Stát nó má dhéantar na saoráidí féachana a luadh thuas a tharraingt siar ag am ar bith i ndiaidh dháta na measúnachta agus roimh -

(a) an réad a dhíol;

(b) an tairbhí bás a fháil; nó

(c) an réad a chur ar aghaidh mar bhronntanas nó mar oidhrecht chuig tairbhí nárbh í/é céile na céad tairbhí.

I gcás aistarraingt faoisimh ní mór tuairisceán athbhreithnithe (Foirm IT38) a sheachadadh. Gearrfar ús ar an mbreischáin mura íocfar í laistigh de cheithre mhí den teagmhas óna dtagann an aistarraingt.

Tithe agus Gairdíní Oidhreachta

Cad iad na tithe agus na gairdíní a cháilíonn d'fhaoiseamh?

Teach nó gairdín ar bith sa Stát – a amharcann na Coimisinéirí Ioncaim orthu a bheith ina leas náisiúnta, eolaíochta, stairiúil nó ealaíne.

Cad iad na coinníollacha don fhaoiseamh?

- ◆ saoráidí réasúna féachana a cheadú don phobal ar feadh na trí bliana roimh an bhronntanas nó an oidhrecht;
- ◆ ní mór saoráidí réasúna féachana a cheadú don phobal ar bhonn leanúnach; agus
- ◆ ní cheart an mhaoin a choimeád do chuspóirí trádála.

Cad a chiallaíonn “saoráidí réasúnta féachana”?

Ba iad na híos-saoráidí a mheastar a bheith réasúnta ná -

- ◆ ní mór rochtain ar an teach nó gairdín a bheith le fáil do 60 lá ar a laghad sa bhliain, agus ní mór 40 lá acu sin a bheith ó mhí na Bealtaine go dtí Meán Fómhair go hiniatach (faoi réir dhúnadh sealadach réasúnta d'athdheisiúcháin, choimeád nó athchóiriú);
- ◆ ní mór go mbeadh 10 lá as 40 (riachtanais rochtana poiblí) sa tréimhse I Bealtaine - 30 Meán Fómhar ar an Satharn nó ar an Domhnach;
- ◆ ní mór ceithre huair ar a laghad a bheith le fáil d'fhéachaint, ag am réasúnta agus i mbealach réasúnta, ar gach lá ina bhfuil rochtain curtha ar fáil;
- ◆ ní mór an rochtain a bheith ar iomlán nó ar chuid mhaith den teach nó gairdín;
- ◆ ní mór praghas an rochtana a bheith réasúnta;
- ◆ ní mór go leor fógra maidir leis na huairéanta oscailte agus an costas iontrála a thabhairt don phobal;
- ◆ ní mór na sonraí iomlána maidir le huairéanta oscailte agus praghasanna iontrála a chur in iúl do Bhord Failte roimh I Eanáir gach bliain.

Cad é méid an éilimh?

Beidh teach nó gairdín ar bith a chomhlíonann na coinníollacha thuas agus atá mar pháirt de bhronntanas nó d'oidhrecht ar dháta cibé tabhartas nó oidhrecht nó ag dáta na measúnachta díolmhaithe go hiomlán ó Cháin Fháltas Caipitiúil. Bheadh luach an tí nó an gairdín eisiata agus an cáin dhlite a ríomh. Ní chuirtear an luach san áireamh ach an oiread do chuspóirí comhlánaithe.

Cén chaoi a ndéantar an faoiseamh a éileamh?

Ba cheart luach margaidh an tí agus an gairdín a chur isteach ag leathanach 3, Páirt 7, Colúin C, mír (b) den tuairisceán .

Fiú más é teach nó gairdín cáiliúcháin atá sa sochar go hiomlán, ní mór tuairisceán ina ndéantar faoiseamh a éileamh, a sheachadadh.

Níl dliteanas nó comaoin ar bith iniúchta as an maoin díolúine asbhainteach (féach an sampla ag **Páirt 7, Luach Incháinithe Sochair, Leathanach 24** den Treoirleabhar seo).

D'fhéadfaidh, afách, an t-éileamh ar fhaoiseamh a bheith faoi réir iniúchta agus sa chás sin d'fhéadfaidh an méid seo a leanas a bheith de dhíth:

- ◆ ráiteas a achoimríonn an chaoi a rinneadh na coinníollacha éagsúla a chomhlíonadh sna trí bliana roimh dháta an bhronntanais nó na hoidhreachta agus an chaoi a rachfar i ngleic leo amach anseo; agus
- ◆ seoladh an tí nó an ghairdín (is féidir comhairle a ghlacadh ó Oifig na nOibreacha Poiblí roimh shocrú cé acu an bhfuil an teach/gairdín ina leas náisiúnta, eolaíochta, stairiúil nó ealaíne).

Maoin Cuideachtaí agus Oidhreachta – Alt 78, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Má tá maoin oidhreachta ag cuideachta phríobháideach, rachfaidh faoiseamh i bhfeidhm ar na scaireanna sa chuideachta phríobháideach sa mhéid is go bhfuil a luach díorthaithe ón maoin oidhreachta, fad is;

- ◆ go bhfuil scaireanna sa chuideachta sa sochar ag dáta an bhronntanais/oidhreachta agus ag dáta na measúnachta araon;
- ◆ gur baineadh amach na coinníollacha a bhaineann leis na saoráidí féachána etc., agus
- ◆ go stiúireann an tairbhí an chuideachta, i ndiaidh an bhronntanais nó oidhreachta a ghlacadh.

Má cháilíonn scaireanna cuideachta d'fhaoiseamh gnó, ní chuirtear an chuid de na scaireanna inchurtha i leith na maoine oidhreachta san áireamh nuair atáthar ag socrú cad í an chuid de na scaireanna atá inchurtha i leith mhaoin ábhartha ghnó.

An féidir an faoiseamh a aistarraingt?

Is féidir, tá an seasamh mar a gcéanna mar é sin a bhaineann le réada oidhreachta ach ár ndóigh ní thagann an cheist go n-aistreofaí an mhaoin taobh amuigh den Stát chun cinn.

I dtaca le scaireanna, nuair a dhíoltar na scaireanna (nó an bhunmhaoin oidhreachta) nó nuair a dhéantar na saoráidí do sholáthairtí a sháru, tá an seasamh ar chomhchosúil go mór leis sin a bhaineann leis na tabhartais/oidhreachtaí ina bhfuil maoin oidhreachta.

I gcás aistarraingt faoisimh ní mór tuairisceán athbhreithnithe (Foirm) a sheacadadh. Gearrfar ús ar an mbreischáin mura íocfar í laistigh de cheithre mhí den teagmhas óna dtagann an aistarraingt.

Aguisín 6 Faoiseamh/Díolúinte Eile–Nótaí agus Samplaí

1. Díolúine d’Fhuillimh Áirithe

Reachtaíocht - Alt 81, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá fuillimh Rialtais agus fuillimh eisithe ag údarais áitiúla áirithe agus comhlachtaí reachtúla díolmhaithe ó Cháin Tabhartais nó Oidhreachta má tá siad glactha ag tairbhí nach bhfuil ina chónaí ná ní chónaíonn sé go gnách sa Stát. Ní an díolúine seo ar fáil i dtaca le cáin roghnach iontaobhais.

Baineann an díolúine le “scéimeanna aonaid iontaobhais” chomh maith fad is go bhfuil na sócmhainní san aonad aontaobhais teoranta d’fhuillimh cuimsithe ag an díolúine.

Coinníollacha don fhaoiseamh

- ◆ ní mór na fuillimh nó na haonaid a bheith cuimsithe sa sochar ag dáta an tsochair agus ag dáta na measúnachta araon;
- ◆ ní mór na fuillimh nó na haonaid a bheith cuimsithe sa diúscairt ar feadh tréimhse cuig bliana déag nó níos mó go díreach roimh dháta an tsochair má fuarthas iad ar nó i ndiaidh 24 Feabhra (má fuarthas iad idir 15 Feabhra 2001 agus 24 Feabhra 2003 sé bliana is ea an tréimhse agus roimh 15 Feabhra 2002 trí bliana is ea an tréimhse); agus
- ◆ ní mór nach bhfuil an tairbhí ina chónaí nó lonnaithe go gnách sa Stát ag dáta an tsochair.

Tabhair faoi ndeara má ghlacann tairbhí nach bhfuil ina chónaí nó lonnaithe go gnách sa Stát fuillimh nó haonaid Rialtais ó dhiúscróir nach bhfuil ina chónaí nó lonnaithe go gnách sa Stát ag dáta na diúscairthe (is cuma sainchónaí nó gnáthchónaí an diúscairthe ag dáta an bhronntanais/oidhreachta) cáileoidh siad do dhíolúine fiú mura gcloítear leis an gcoinníoll trí bliana/sé bliana/cuig bliana déag

Sampla 1

Fuair Seán a bhí lonnaithe agus ina chónaí go gnách sa Stát, bás ar 1 Deireadh Fómhair, 2003 agus d’fhág sé a eastát iomlán lena n-áirítear Stoc Rialtais ag a chol ceathar Seosamh a bhí lonnaithe agus ina chónaí go gnách sa Fhrainc. Cheannaigh Seán an Stoc Rialtais i 1994. Mar gur le Seán an Stoc Rialtais ar feadh trí bliana roimh a bhás ar a laghad, tá siad díolmhaithe ó Cháin Oidhreachta.

Dá gceannóidh Seán an stoc i Márta 2000, ní cháileodh siad d’fhaoiseamh mar níor leis féin iad ar feadh thrí bliana roimh a bhás.

Sampla 2

Cheannaigh Máire, atá lonnaithe agus ina chónaí go gnách i Sasana, Stoc Rialtais in Eanáir, 2002. Ar 1 Nollaig, 2002 bhronn sí na scaireanna ar a nia Dáibhíd a bhí lonnaithe agus ina chónaí go gnách i Sasana.

Cáilíonn na scaireanna seo do dhíolúine, cé nach raibh siad ag Máire do thrí bliana, mar go bhfuil Máire agus Dáibhíd lonnaithe agus ina chónaí go gnách taobh amuigh den Stát.

Sampla 3

D’fhág Tony a fuair bás i 1992 a eastát iarmharach ag a dheirfiúr Máire dá saol agus nuair a fhágáin sise bás ag a hiníon Sinéad a bhí lonnaithe agus ina chónaí go gnách sa Spáinn. I 1995, cheannaigh iontaobhaithe na socraíochta Stoc Rialtais. Fuair Máire, an tionónta saoil bás ar 1 Meán Fómhair, 2002. Cáileoidh an Stoc Rialtais a dhéanann suas cuid den iarmhar do dhíolúine ó Cháin Oidhreachta mar gur cuimsíodh sa diúscairt é go leanúnach ar feadh tréimhse trí bliana go díreach roimh dháta na hoidhreachta, i.e. 1 Meán Fómhair, 2002 mar gur chuimsíodh sa tsocraíocht é ó 1995.

Ba cheart tabhairt faoi ndeara go bhféadfaidh Stoic Rialtais díolmhaithe a bheith freagrach as cuid de na dlíteanais, costais agus an caiteachas agus sa chás sin, níl an chuid de na dlíteanais etc, a bhaineann leis an stoc díolmhaithe asbhainteach.

2. Díolúine a bhaineann le caiteachas cáiliúcháin dhaoine éagumasaithe

Reachtaíocht - Alt 84, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Nuair a ghlactar sochar go heisiach don chuspóir caiteachas cáiliúcháin dhuine atá ar éagumas go buan trí éigléocht fhisiciúil nó intinne a scaoileadh, beidh an sochar sin díolmhaithe ó Cháin Fáltas Caipitiúil fad is go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta go raibh an sochar bainteach nó go mbeidh sé bainteach leis an gcineál seo cuspóra.

Sainnítear "Caiteachas Cáiliúcháin" mar chaiteachas a bhaineann le cúram leighis lena n-áirítear costas coimeáda bainteach leis an gcineál seo de chúram leighis.

3. Díolúine íocaíochta bainteach le scor

Reachtaíocht - Alt 80, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá íocaíochtaí a dhéantar le fostaí amach as cistithe a sholáthraíonn an fhostóir mar shochar scoir, íocaíocht omarcaíochta nó mar phinsean díolmhaithe ó Cháin Oidhreachta. Más duine muinteartha atá san fhostóir nó más cuideachta phríobháideach é an fhostóir, áfach, agus má tá ann fostaí measta an chuideachta a stiúradh laistigh de bhrí Ailt 27 den Acht, is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an díolúine a dhícheadú sa mhéid ina measann siad an íocaíochta a bheith iomarach.

Sa chás ina ghlacann tairbhí den fhostóir sochar ar bith faoi scéim aoisliúntais bunaithe amháin nó go príomha do dhaoine fostaíthe i gceird nó i ngairm amháin nó go príomha, meastar an sochar sin a ghlacadh ón bhfostaí agus ní ón bhfostóir.

4. Díolúine d'admhálacha áirithe

Reachtaíocht - Alt 82, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá admhálacha áirithe díolmhaithe ó Cháin Fháltas Caipitiúil;

- ◆ admháil le duine de shuim ar bith bona fide, mar chúiteamh nó dhamáistí mar gheall ar éagóir nó gortú a rinneadh ar féin, a mhaoín, a ainm nó ar a ghléas beo, e.g. damáistí mar gheall ar gortaithe pearsanta mar thoradh ar thimpiste gluasteáin.
- ◆ admháil le duine de shuim ar bith bona fide, mar chúiteamh nó dhamáistí mar gheall ar éagóir nó gortú ina mairítear duine ar bith eile, e.g. damáistí íoctha do pháiste mar gheall ar bhás timpisteach tuismitheora.
- ◆ admháil le duine de shuim ar bith bona fide mar airgead buachana as geallchur nó crannchur, scauibí nó cluiche ar bith le duaiseanna.
- ◆ sochar ar bith a thagann as -
 - (1) an íocaíocht leis an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht airgid curtha ar fáil ag cairde, nó a léiríonn maoin curtha ar fáil ag cairde d'fhéimheach; **nó**
 - (2) tarchur nó lacáiste d'fhiacha ag na creidiúnaithe d'fhéimheach chun go mbeidh an féimheach ábalta tairscint comhshuímh a chomhlíonadh de réir forálacha d'Alt 39 den Acht Féimheachta, 1988;
agus
 - (3) sochar ar chomhchosúil i gcás cairde nó creidiúnaithe d'fhéichiúnaí comhshocraíochta nuair nár tháinig na ceisteanna chun cinn go dtí céim fhoirmiúil féimheachta.
- ◆ an admháil i saol an diúscróra, ó chéile nó ó pháiste an diúscróra nó ó dhuine i dtaca leis an té ina sheasann an diúscróir dó/ di i loco parentis, d'airgead nó airgead funtais do thacaíocht, choimeád nó oideachas fad is go ndéanfar é a cheapadh mar ghnáthchaiteachas agus go bhfuil meas réasúnta aige ar chúinsí airgeadais an diúscróra.

I ndiaidh bhás an diúscróra, bíonn íocaíochta do choimeád, tacaíocht agus oideachas pháiste óg an diúscróra díolmhaithe ó Cháin Oidhreachta má tá tuismitheoir eile an pháiste básaithe chomh maith.

5. Díolúine diúscairtí a dhéanann an Deontáí nó an Comharba

Reachtaíocht - Alt 83, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Níl cáin inmhuirir nuair atá an sochar glactha ag an tairbhí faoi dhiúscairt a rinne sé féin.

Sampla

Bronnann Dáibhíd a mhaoín ar a mháthair Bríd dá saol agus nuair a fhaigheann sí bás bhí an mhaoín le dul i bhfrithdhílse ag Dáibhíd. Nuair a fuair Bríd bás, fuair Dáibhíd an mhaoín le hoidhreachta ach tá sé díolmhaithe ó Cháin Oidhreachta mar go ghlacann sé an sochar uaidh féin.

Tá tabhartais idir “Cuideachtaí Comhlachaithe Poiblí” díolmhaithe ó cháin nuair atá an dá chuideachta mar chomhaltáí de ghrúpa 90%, i.e. ní mór do chuideachta amháin a bheith i dteideal go tairbhiúil de 90% de shócmhainní an chinn eile ar a laghad ar fhorcheannadh nó ní mór tríú cuideachta a bheith i dteideal go tairbhiúil de 90% de shócmhainní gach ceann acu ar fhoirceannadh.

6. Díolúine i dtaca le sochair scoir

Reachtaíocht –Alt 85, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá iarmhéid ar bith de chiste scoir faofa a théann ar aghaidh i ndiaidh bhás an diúscróra nó chéile an diúscróra ag páiste aois 21 nó níos mó díolmhaithe ó Cháin Oidhreachta agus atá sé inmhuirir do Cháin Ioncaim.

Má tá an páiste faoi 21 bliain, níl muirear ar bith do Cháin Ioncaim ach tá an sochar dlite do Cháin Oidhreachta.

7. Socraíochtaí Pósta, roimh 1 Aibreán, 1975

Reachtaíocht - Mír 8, Páirt I, Sceideal 2, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Baineann an faoiseamh seo le socraíochta pósta áirithe i dtaca le sochair glactha ag garchlann an diúscróra. Ghlacann an duine garchlainne tairseach ghrúpa an pháiste i.e. Grúpa A.

Tá na coinníollacha d'fhaoiseamh mar a leanas:

- ◆ ní mór an diúscairt a bheith déanta roimh 1 Aibreán, 1975;
- ◆ comaoín na diúscairte ná pósadh tuismitheoirí is ea an tairbhí
- ◆ garthuismitheoir an tairbhí is ea an diúscróir
- ◆ ní mór go raibh tuismitheoir nó tuismitheoirí an diúscróra i dteideal leas teoranta sa mhaoín socraíochta.

Sampla

I 1974, i gcomaoin pósta a mhac Eoin ar Eibhlín, aistríonn Peadar a thalamh chuig Eoin dá shaol agus nuair a fhaigheann sé bás, agus má mhaireann sise, chuig Eibhlín dá saolsa agus an t-iarmhar chuig páiste nó páistí ar bith sa phósadh mar a cheapann na céilí le chéile nó an marthanóir astú agus d'eagmais na ceaptha do na páistí go hiomlán.

Fuair Eoin bás i 1990 agus cuireadh an talamh ar aghaidh ag Eibhlín dá saol. Fuair Eibhlín bás i 2002 agus ina tiomna cheap sí an talamh dá iníon Róise. Is é a seanathair Peadar an diúscróir i dtaca le hoidhreacht Róise. Beidh tairseach Grupa A ag Róise, áfach, in ionad thairseach Grupa B a bhíonn do dhuine garchlainne de gnáth.

8. Díolúine do Charanacht

Reachtaíocht - Alt 76, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá sochar a ghlactar do chuspóirí poiblí nó carthanachta díolmhaithe ó Cháin Fháltas Caipitiúil uair amháin is go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta gur rinneadh nó go ndéanfar é a úsáid do chuspóirí atá, de réir dlí an Stáit, poiblí nó carthanach.

D'ainneoin cónaí na carthanachta, tabharfar díolúine fad is go n-aithníonn dlí an Stáit an charthanacht inti féin. Is féidir an mhaoin a úsáid laistigh nó lasmuigh den Stát.

Tá sochair a fhaigheann duine ó charthanacht díolmhaithe chomh maith e.g faighteoir scoláireachta ó iontaobhas oideachasúil.

Ní sholáthraíonn an tAcht sainmhíniú ar bith ar "chuspóirí carthanacha". Cuireann dlí ginearálta cuspóirí carthanacha isteach i gceithre ghrúpa, áfach, mar :

- ◆ faoiseamh maoine;
- ◆ cur ar aghaidh oideachais;
- ◆ cur ar aghaidh creidimh;
- ◆ cuspóirí eile atá fiúntach don phobal, nach dtagann faoin trí chatagóir eile.

9. Oidhreacht glactha ag Tuismitheoir ó Pháiste

Reachtaíocht - Alt 79, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Má ghlacann tuismitheoir oidhreacht absalóideach ó pháiste, beidh tairseach Grúpa A ag an tuismitheoir sin. Má tá tabhartas neamhdhíolmhaithe (níos mó ná €1,270/€3,000) faighte ag an bpáiste sa chuig bliana roimhe sin, áfach, nó oidhreacht ó cheachtar de na tuismitheoirí, beidh an oidhreacht a ghlac an tuismitheoir díolmhaithe má ghlactar é ar bhás an pháiste sin.

Sampla

Faigheann Pilib tabhartas de €10,000 ó a mháthair i 1999. Faigheann Pilib bás i 2002 agus fágann sé a eastát iomlán i.e €1,000,000 ag a athair. Tá an oidhreacht a ghlac an t-athair díolmhaithe.

10. Díolúine de Pholasaithe Árachais Áirithe

Reachtaíocht - Alt 74, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá polasaithe árachais saoil eisithe ag cuideachtaí atá suite sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta agus ag cuideachtaí saoil intíre díolmhaithe ó Cháin Fháltas Caipitiúil. D'fhonn cáiliú do dhíolúine ní mór don diúscróir agus don tairbhí beirt a bheith lonnaithe agus ina gcónaí thar lear. Má ceannaíodh an polasaí roimh 15 Feabhra, 2001, áfach, is leor é go bhfuil an dlí cuí ag dáta na diúscartha coigríche fiú má tá an diúscróir lonnaithe agus ina chónaí in Éirinn.

11. Díolúine Shainghnóthais Infheistithe Chomhchoiteanna

Reachtaíocht - Alt 75, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá aonaid i ngnóthas infheistithe comhchoitinn suite sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta nó i gCrios Saor ó Chustam Aerfort na Sionainne díolmhaithe ó Cháin Fháltas Caipitiúil. Baineann an díolúine le haonaid i nGnóthais Infheistithe chomh maith a cháilíonn do reisim na gcistí úra comhchoiteanna tugtha isteach ag Alt 58, An tAcht um Airgeadas, 2000. D'fhonn cáiliú don díolúine, ní mór don diúscróir agus don tairbhí a bheith lonnaithe agus ina gcónaí thar lear. Má ceannaíodh na haonaid i gceist, áfach, roimh 15 Feabhra, 2001, is leor é go bhfuil an dlí cuí ag dáta na diúscartha coigríche fiú má tá an diúscróir lonnaithe agus ina chónaí in Éirinn.

Aguisín 7 Leas Teoranta – Nótaí agus Samplaí

Mar atá mínithe i bPáirt 3.7 – An Cineál Sochair – nuair atá níos lú ná úinéireacht absalóideach tugtha ag sochar, glactar leas teoranta. D'fhéadfaidh leas teoranta, mar shampla, a bheith ina leas saoil nó ina leas do thréimhse chinnte.

Nuair is leas teoranta atá i sochar, beidh a luach incháinite agus mar sin, an méid de cháin atá iníoctha, níos lú ná dá mbeadh sé dá nglacfadh leas absalóideach. Go bunúsach, mar nach bhfuil an leas absalóideach, ní ghearrfar cáin ar an tairbhí ar luach iomlán margaidh na maoin. Braithfidh luach na maoin do chuspóirí cánacha sna cineálacha seo cásanna de ar roinnt rudaí:

I gcás leas saoil -

- ◆ ar aois agus inscne an tairbhí.

I gcás leas do thréimhse chinnte -

- ◆ ar líon na mblianta ar ghlacadh an sochar do

Tá na tosca achtúireacha (a chuimsíonn aois, inscne agus an líon na mblianta ar ghlacadh an sochar do) atá le húsáid chun luach incháinite leas teoranta a shocrú leagtha amach i Sceideal I, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus léirítear arís iad in **Aguisín 7, (Leathanaigh 63, 64 agus 65)**.

Má amharcann tú ar Pháirt II, Tábla A ar **Leathanaigh 63 agus 64** tabharfaidh tú cúpla rud faoi ndeara:

- ◆ dá n-óige an tairbhí, beidh an toisc achtúireach níos airde agus, mar sin, beidh an sochar níos cóngaraí do luach iomlán an mhargaidh;
- ◆ dá sine an tairbhí, beidh an toisc níos lú agus, mar sin, beidh luach incháinite an tsochair níos lú.
- ◆ tá na tosca níos airde do mhná ná tá siad d'fhir ar an mbonn, de réir staitisticí, go maireann mná níos faide ná fir.

Léiríonn na samplaí a leanas, ag úsáid tosca achtúireacha, nuair is cuí, ríomh an luacha incháinite i gcás leas absalóideach, leas saoil agus i gcás leasa do thréimhse chinnte.

Sampla 1

Leas Absalóideach

Faigheann Mary Jones iarmhar eastát Barry Hickey le hoidhreachta ina bhfuil €100,000 i stoic agus scaireanna ar choinníoll go n-íocfaidh sí €15,000 do charthanacht Éireannach faoi leith. Tagann costais agus caiteachas tiomnaithe an eastáit go dtí €10,000. Ríomhtar luach incháinite leas absalóideach Mary mar a leanas:

Luach Margaidh na maoin	€100,000
Lúide dliteanais, costais agus caiteachas	€ 10,000
Luach saor ó eire	€ 90,000
Lúide asbhaint dochomaoin	€ 15,000
Luach Incháinite	€ 75,000

Example 2

Leas Saoil

Glacann Brian Smyth, atá 37 mbliana d'aois leas saoil in infheistithe ó Colette Murphy. Is é luach margaidh an chiste infheistithe ag dáta na measúnachta nó €500,000. Tá na costais €1,200 agus mar choinníoll na hoidhreachta íocann Brian €2,000 do neacht Colette.

Tá ríomh luach incháinite na hoidhreachta mar a leanas:

Luach Margaidh	€500,000
Lúide dliteanais, costais agus caiteachas	€ 1,200
Luach saor ó eire	€498,800
Méadaigh faoi thoisc aois cuí* x	0.8626
Luach an leasa teoranta	€430,265
Lúide comaoin	€ 2,000
Luach Incháinite	€428,265

* Féach Tábla A ar **Leathanach 63** don toisc aoise

Sampla 3

Tréimhse Chinnte

D'aistrigh Micheal Donnelly a theach chuig a dheartháir Alan, go dtí go mbeidh a neacht, Lucy 21 bliain d'aois nuair a gheobhaidh Lucy an teach. €100,000 is ea luach margaidh an tí. Tabhaíonn Alan costais de €3,000. Is é dáta an bhronntanais ná 4 Márta, 1997 agus beidh Lucy 21 ar 11 Meitheamh 2002.

Nuair atá ag ríomh luach incháinithe bhronntanas Alan sa chás seo, ní mór an tréimhse chinnte ina ghlacfaidh Alan an sochar a dhéanamh amach. Sa chás seo tá sé do chuig bliana agus 99 lá.

Luach margaidh	€ 100,000
Lúide dliteanais, costais agus caitheachas	€ 3,000
Luach saor ó Eire	€ 97,000

Ríomh an leasa teoranta don tréimhse chinnte.

Méadú faoin toisc chuí* do 5 bliana i.e. €97,000 x .2869 = €27,829

Méadú faoin toisc chuí* do 6 bliana i.e. €97,000 x .3335 = €32,350

Difríocht €4,521

Lúide an leasa teoranta

Do chuig bliana	€27,829
Do 99 lá $\frac{€4,521 \times 99}{365}$	€ 1,226

Iomlán €29,055

Luach Incháinithe €29,055

* Féach Tábla B ar **Leathanach 65**

AGUISÍN Sceideal 1, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 - LUACH DE LEASA TEORANTA

Rialacha a bhaineann le measúnacht an leasa teoranta ag úsáid Táblaí A agus B i bPáirteanna 2 agus 3 den Sceideal seo.

1. Beidh an luach leasa do shaol aonair i suim chaipitiúil an suim sin méadaithe faoin toisc, atá i gcolúin 3 nó 4 faoi seach de Tábla A, atá oiriúnach d'aois agus inscne an duine maidir le fad shaol an té ina bhfuil an leas le meas.

Sampla

Faigheann Siobhán (aois 50) leas saoil i dteach measta ag €200,000 le hoidhreacht. €10,000 ab iad na costais riarachain

Luach Margaidh	€200,000
Luach costais	€ 10,000
Luach saor ó eire	€190,000
Méadaigh faoin toisc do bhean aois 50 i.e. 0.7791 (féach Col. 4, Tábla A)	€148,029

Luach Incháinithe na hOidhreachta €148,029

2. Beidh luach leas i suim caipitiúil do chomh-mharthain dhá shaol luach leasa sa tsuim sin don duine atá níos sine, fionnta de réir riail 1, méadaithe faoin gcomhthoisc i colúin 2 de Tábla A atá oiriúnach don duine níos óige.

Sampla

Fágtag teach measta ag €300,000 ag Seán (aois 63) agus Tomás (aois 60) do chomh-mharthain an dá shaoil.

Luach margaidh	€300,000.00
Méadaigh faoin taois don duine níos sine i.e. 0.5332 (Col. 3, Tábla A) X comhthoisc an duine níos óige i.e. 0.86 (Col. 2, Tábla A)	€137,565.60

Is é luach incháinithe na hoidhreachta glactha agus Seán agus Tomás beirt ná €68,782.80 an duine.

Tabhair faoi ndeara nuair a fhágann an chéad tairbhí bás go hiondiúil, leanann an tairbhí a mhaireann de leas a bheith aige sa mhaoin, go absalóideach nó dá shaol (ag brath ar fhocláocht an tiomna nó an ghníomhais) agus thioctadh éileamh eile do cháin oidhreachta chun cinn ag an gcéim sin.

Má fhaghainn Seán bás i ndiaidh seacht mbliana, sa sampla thuas, agus bhí ar Tomás, de réir théarmaí an tiomna, leanúint de leas saoil a bheith aige sa mhaoin, thiocfadh éileamh do cháin oidhreacht ar an mhaoin go léir curtha ar aghaidh ag Tomás dá shaol, ón mbundiúscróir chun cinn.

Sampla

Luach margaidh (abair)	€400,000.00
Méadaigh faoi thoisic do Thomás (aois 67 anois) i.e. 0.4673	€186,920.00

Seo sochar eile glactha ag Tomás a d'fhéadfaí comhlánú le réamhshochar de €68,782.80.

Bheadh feidhm ag seo sa chás cuimsithe ag rial 3 thíos nuair a fhágann duine ar bith de na comhthiontaí saoil bás.

3. Beidh luach leasa i suim chaipitiúil do chomh-mharthain thrí nó níos mó saolta an luach leasa sa tsuim sin do chomh-mharthain an dá dhuine is sine de na saolta sin, fionnta de réir rial 2 méadaithe faoi chomhthoisic an duine is óige de na saolta sin.

Sampla

Faigheann Micheal (aois 70), Máire (aois 60) agus Clare (aois 50) teach measta ag €500,000 do chomh-mharthain a saolta le hoidhreacht.

Ríomhtar luach incháinite an tsochair mar a leanas:

(a) Is é luach an leasa sa teach do chomh-mharthain an dá dhuine is sine ná:

$$€500,000 \times 0.4173 \text{ (Michael - Col. 3, Tábla A)} \times 0.86 \text{ (Mary - Col. 2, Tábla A)} = €179,439.$$

(b) Méadaítear an luach seo i.e. €179,439 faoi chomhthoisic an duine is óige i.e. 0.92 (Clare - Col. 2, Tábla A) = €165,083.88.

Is é luach incháinite na hoidhreacht glactha ag Michéal, Máire agus Clare ná €55,027.96 an duine.

4. Déanfar luach an leasa i suim chaipitiúil don duine is faide a mhaireann a chinntiú trí leas sa tsuim sin do gach ceann de na saoil sin a bhaint amach as iomlán na luachanna, fionnta de réir rial 1, luach leasa sa tsuim chaipitiúil do chomh-mharthain an dá dhuine céanna, fionnta de réir rial 2.

Sampla

Faigheann Martina (aois 70) agus Pádraig (aois 60) teach measta ag €400,000 le hoidhreacht do cibé acu is faide a mhaireann.

Ríomhtar luach incháinite a sochair mar a leanas:

$$\text{Luach do Martina} = €400,000 \times 0.4679 \quad \underline{€187,160.00}$$

$$\text{Luach do Phádraig} = €400,000 \times 0.5809 \quad \underline{€232,360.00}$$

$$\text{Suim na luachanna} \quad \underline{€419,520.00}$$

$$\text{Lúide an luach do chomh-mharthain an dá shaol fionnta de réir Rial 2 i.e. } €400,000 \times 0.4679 \times 0.86 \quad \underline{€160,957.60}$$

$$\text{Luach an leasa i } €400,000 \text{ don duine is faide a mhaireann} \quad \underline{€258,562.40}$$

Luach incháinite na hoidhreachtaí glactha ag Martina agus Pádraig = €129,281.20 an duine.

5. Nuair a thugtar leas don saol is faide de níos mó ná dhá dhuine, déantar é a mheas, de réir rial 4, faoi mar a bheadh sé don saol is faide den dá shaoil is óige acu.

Sampla

Faigheann Martina (aois 70), Pádraig (aois 60) agus Tony (aois 50) teach measta ag €600,000 le hoidhreacht don duine is faide a mhaireann.

Ríomhtar luach incháinite a sochair mar a leanas:

$$\text{Luach do Phádraig} = €600,000 \times 0.5809 \quad \underline{€348,540.00}$$

$$\text{Luach do Tony} = €600,000 \times 0.7287 \quad \underline{€437,220.00}$$

$$\text{Is í suim na luachanna ná} \quad \underline{€785,760.00}$$

$$\text{Lúide luach do chomh-mharthain an dá shaoil fionnta de réir Rial 2 i.e. } €600,000 \times 0.5809 \times 0.92 \text{ is} \quad \underline{€320,656.80}$$

$$\text{Luach leasa i } €600,000 \text{ don saol is faide do níos mó ná dhá dhuine.} \quad \underline{€465,103.20}$$

Is é luach incháinite na hoidhreachta glactha ag Martina, Pádraig agus Tony ná €155,034.40 an duine.

6. Beidh an luach leasa i suim chaipitiúil do thréimhse chinnte an comhiomlán de -

- (a) luach an tsuim caipitiúla, méadaithe faoin toisc i Tábla B atá oiriúnach do líon na mblianta iomlána sa tréimhse sin (nó náid má tá an tréimhse sin níos lú ná bliain iomlán); agus
- (b) nuair nach líon suimeálach de bhlianta atá sa tréimhse, codán (gurb é an t-uimhriú líon na laethanna de bhreis ar líon na mblianta iomlána, má tá aon cheann, sa tréimhse sin agus gurb é 365 an t-ainmneoir) den difríocht idir -
- (i) luach leasa sa tsuim chaipitiúil do bhliain amháin níos faide na líon na mblianta iomlána, má tá aon cheann, sa tréimhse; agus
- (ii) an luach fionnta faoi fhorálacha míre (a) (nó náid, ina soláthraítear é sa mhír luaite)

Sampla 1

Tugtar teach do Mhairéad (aois 25) measta ag €100,000 go dtí go mbeidh sí 30 bliain d'aois i.e. do chuig bliana.

$$€100,000 \times 0.2869 \text{ (Col. 2, Tábla B)} = €28,690$$

Sampla 2

Faigheann Janice (aois 25 agus 265 lá) teach mar bhronntanas atá measta ag €100,000 go dtí a 30ú breithlá i.e do 4 bliana agus 100 lá.

Ríomhtar luach incháinite na hoidhreacht mar a leanas:

$$\text{Luach de €100,000 do chuig bliana } €100,000 \times 0.2869 \text{ (Col. 2, Tábla B)} = €28,690.00$$

$$\text{Luach de €100,000 do cheithre bliana } €100,000 \times 0.2370 \text{ (Col. 2, Tábla B)} = €23,700.00$$

$$\text{Difríocht i luach de €100,000 idir ceithre bliana agus cúig bliana ná } €4,990.00$$

$$\text{Luach do 100 lá ná } \frac{€4,990.00 \times 100}{365} = €1,367.12$$

$$\text{Luach de €100,000 do cheithre bliana agus 100 lá } = €23,700.00 + €1,367.12 = €25,067.12$$

7. I gcás leas teoranta nuair is saol nó saolta atá sa leas, ach go bhfuil sé ráthaithe do thréimhse chinnte, beidh an luach ag an gceann is airde de -

- (a) luach an leasa de cibé saol nó saolta, fionnta de réir na rialach oiriúnaí sa Pháirt seo den Sceideal.

agus

- (b) luach leasa do thréimhse chinnte, fionnta de réir riail a 6.

Sampla

Faigheann Máire (aois 40) pinsean de €20,000 sa bhliain dá saol. Tá an pinsean faoi rátháíocht 10 mbliana. Is é an luach caipitiúil ná €250,000 abair.

Tá an luach fionnta mar an ceann is airde de:

$$(a) €250,000 \times 0.8683 \text{ (bean aois 40)} = €217,075$$

$$(b) €250,000 \times 0.4913 \text{ (mbliana cinnte)} = €122,825$$

Sa chás seo tá an leas saoil níos luachmhara agus bheadh cáin inmhuirir ar €217,075.

$$\text{Dá mbeadh Máire 70 bliain d'aois bheadh luach an leasa saoil ag } €250,000 \times 0.4679 = €116,975.$$

Tá an luach de €122,825 don thréimhse chinnte 10 mbliana níos airde agus bheadh cáin inmhuirir ar an méid sin.

8. Déantar luach leas teoranta nach soláthraíonn rialacha eile sa Pháirt don Sceideal seo modh ar bith measta dóibh a fhionnadh faoi mar a bheadh an leas a glacadh ina sraith leasa absalóidí sa mhaoin curtha i bhfeidhm i gcomhlíonadh an leasa ó am go ham, glactha mar bhronntanais nó oidhreachtáí aonair más amhlaidh atá.

Sampla

Nuair a chaithfear suim blianachta atá iníoctha do thairbhí a chinneadh go bliantúil ag an iontaobhaí ní féidir an tsuim atá le híoc a chinneadh ach gach bliain. Amharfar ar gach íocaíocht a dhéantar leis an tairbhí mar shochar aonair ar an dáta ina n-íoctar an bhlianacht.

**AGUISÍN Sceideal I, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 -
LUACHÁIL LEASA TEORANTA**

PÁIRT 2 TÁBLA A

1	2	3 Toisc Aoise Fear	4 Toisc Aoise Bean	1	2	3 Toisc Aoise Fear	4 Toisc Aoise Bean
Bliain d'aois	Comh-Thoisc	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do d'fhear aois mar atá i gcolúin 1	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do bhean aois mar atá i gcolúin 1	Bliain d'aois	Comh-Thoisc	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do d'fhear aois mar atá i gcolúin 1	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do bhean aois mar atá i gcolúin 1
0	.99	.9519	.9624	26	.97	.9250	.9399
1	.99	.9767	.9817	27	.97	.9209	.9364
2	.99	.9767	.9819	28	.97	.9165	.9328
3	.99	.9762	.9817	29	.97	.9119	.9289
4	.99	.9753	.9811	30	.96	.9068	.9248
5	.99	.9742	.9805	31	.96	.9015	.9205
6	.99	.9730	.9797	32	.96	.8958	.9159
7	.99	.9717	.9787	33	.96	.8899	.9111
8	.99	.9703	.9777	34	.96	.8836	.9059
9	.99	.9688	.9765	35	.96	.8770	.9005
10	.99	.9671	.9753	36	.96	.8699	.8947
11	.98	.9653	.9740	37	.96	.8626	.8886
12	.98	.9634	.9726	38	.95	.8549	.8821
13	.98	.9614	.9710	39	.95	.8469	.8753
14	.98	.9592	.9693	40	.95	.8384	.8683
15	.98	.9569	.9676	41	.95	.8296	.8610
16	.98	.9546	.9657	42	.95	.8204	.8534
17	.98	.9522	.9638	43	.95	.8107	.8454
18	.98	.9497	.9617	44	.94	.8005	.8370
19	.98	.9471	.9596	45	.94	.7897	.8283
20	.97	.9444	.9572	46	.94	.7783	.8192
21	.97	.9416	.9547	47	.94	.7663	.8096
22	.97	.9387	.9521	48	.93	.7541	.7997
23	.97	.9356	.9493	49	.93	.7415	.7896
24	.97	.9323	.9464	50	.92	.7287	.7791
25	.97	.9288	.9432	51	.91	.7156	.7683

**AGUISÍN Sceideal I, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 -
LUACHÁIL LEASA TEORANTA**

PÁIRT 2 TABLÁ A AR LEAN

1	2	3 Toisc Aoise Fear	4 Toisc Aoise Bean	1	2	3 Toisc Aoise Fear	4 Toisc Aoise Bean
Bliain d'aois	Comh-Thoisc	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do d'fhear aois mar atá i gcolúin 1	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do bhean aois mar atá i gcolúin 1	Bliain d'aois	Comh-Thoisc	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do d'fhear aois mar atá i gcolúin 1	Luach leasa i gcaipiteal de €1 do bhean aois mar atá i gcolúin 1
52	.90	.7024	.7572	78	.76	.2838	.3198
53	.89	.6887	.7456	79	.74	.2671	.3023
54	.89	.6745	.7335	80	.72	.2509	.2855
55	.88	.6598	.7206	81	.71	.2353	.2693
56	.88	.6445	.7069	82	.70	.2203	.2538
57	.88	.6288	.6926	83	.69	.2057	.2387
58	.87	.6129	.6778	84	.68	.1916	.2242
59	.86	.5969	.6628	85	.67	.1783	.2104
60	.86	.5809	.6475	86	.66	.1657	.1973
61	.86	.5650	.6320	87	.65	.1537	.1849
62	.86	.5492	.6162	88	.64	.1423	.1730
63	.85	.5332	.6000	89	.62	.1315	.1616
64	.85	.5171	.5830	90	.60	.1212	.1509
65	.85	.5007	.5650	91	.58	.1116	.1407
66	.85	.4841	.5462	92	.56	.1025	.1310
67	.84	.4673	.5266	93	.54	.0939	.1218
68	.84	.4506	.5070	94	.52	.0858	.1132
69	.84	.4339	.4873	95	.50	.0781	.1050
70	.83	.4173	.4679	96	.49	.0710	.0972
71	.83	.4009	.4488	97	.48	.0642	.0898
72	.82	.3846	.4301	98	.47	.0578	.0828
73	.82	.3683	.4114	99	.45	.0517	.0762
74	.81	.3519	.3928	100 nó os cionn	.43	.0458	.0698
75	.80	.3352	.3743				
76	.79	.3181	.3559				
77	.78	.3009	.3377				

**AGUISÍN SCEIDEAL I, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 -
LUACHÁIL NA LEASA TEORANTA**

PÁIRT 3 TÁBLA B

Léiríonn colún 2 luach de leas i gcaipiteal de € 1 do líon na mblianta léirithe i gcolúin 1

1	2	1	2	1	2	1	2
Líon na mblianta	Luach	Líon na mblianta	Luach	Líon na mblianta	Luach	Líon na mblianta	Luach
1	.0654	14	.6116	27	.8375	40	.9360
2	.1265	15	.6369	28	.8480	41	.9425
3	.1836	16	.6605	29	.8578	42	.9490
4	.2370	17	.6826	30	.8669	43	.9555
5	.2869	18	.7032	31	.8754	44	.9620
6	.3335	19	.7225	32	.8834	45	.9685
7	.3770	20	.7405	33	.8908	46	.9750
8	.4177	21	.7574	34	.8978	47	.9815
9	.4557	22	.7731	35	.9043	48	.9880
10	.4913	23	.7878	36	.9100	49	.9945
11	.5245	24	.8015	37	.9165	50 & os a chionn	1.0000
12	.5555	25	.8144	38	.9230		
13	.5845	26	.8263	39	.9295		

Aguisín 8 Cineálacha Áirithe Sochar – Nótaí agus Sampla

Is féidir go dtiocfadh deacrachtaí chun cinn agus luach margaidh de chineálach áirithe sochar á gcinneadh. Léiríonn na nótaí agus na samplaí a leanas an chaoi le déileáil leo seo.

1. Sochar ina bhfuil Ceart, Blianacht nó Íocaíocht Fhéiltiúil ar bith eile.

Reachtaíocht - Alt 5 (2(a) & 2(b)), An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Is sochar iad teidlíocht ar cheart (e.g ceart cónaithe, tacaíochta nó coimeádta), blianacht nó íocaíocht fhéiltiúil ar bith eile. Ní mór an sochar seo a chaipitliú d'fhonn an luach margaidh a fhionnadh le cuir isteach i bPáirt 5 den tuairisceán. Tá dhá bhealach ann chun luach margaidh an tsochair a ríomh, ag brath ar cé acu an bhfuil an sochar gearrtha ar mhaoín nó nach bhfuil.

Sula n-amharcaimid ar cén chaoi a ríomhtar luach incháinite an chineáil seo sochair, áfach, tá sé tábhachtach go dtuigimid an difríocht idir ceart chun cónaithe i maoín agus leas saoil a bheith agat i maoín. Is éard is brí le ceart chun cónaithe ná ceart cónaithe i maoín amháin. De ghnáth is éard atá sa cheart seo na muirear ar mhaoín. Is éard is brí le leas saoil i maoín ná gur leis an duine ar leis an leas saoil an mhaoín dá shaol nó dá saol go héifeachtúil. **Tá ceart eisiach chun cónaithe i dteach teaghaise, cothrom le leas saoil a bheith agat.**

Sochar gearrtha ar mhaoín

Ba cheart an fhoirmle a leanas a úsáid chun luach margaidh sochair atá gearrtha ar mhaoín a ríomh e.g ceart chun cónaithe

Luach Bliantúil an Chirt X Luach Margaidh na Maoine
Luach Bliantúil na Maoine ar a bhfuil an ceart gearrtha

Sampla

Nuair a fuair John Ryan bás, fuair a nia Tomás teach an éagaigh le hoidhreacht. Sonraíodh é i dtiomna an éagaigh go mbeadh a dheirfiúir Máire (aois 60), i dteideal an ceart chun cónaithe sa teach dá saol.

Luach margaidh an teach	€200,000
Luach bliantúil cheart chun cónaithe	€ 2,000
Luach bliantúil * an tí	€ 20,000

Luach margaidh an tsochair glactha ag Máire:

$$\frac{€ 2,000}{€20,000} \times €200,000 = €20,000$$

* An cíos a gheofaí dá mbeadh an mhaoín a ligean ar an margadh oscailte.

Is é luach an tsochair glactha ag Máire ná €20,000 agus seo é an figiúr atá curtha isteach ag Páirt 5, Painéal C den tuairisceán do Mháire.

Mar nach bhfuil an sochar seo ag Máire ach dá saol, áfach, d'fhonn luach incháinite a sochair a ríomh, tá an luach margaidh méadaithe faoina haois toisce (féach aguisín 7) ag Leathanach 3, Páirt 7, Colúin B, Ítim B6 i.e. . €20,000 X 0.6475 = €12,950.

Ba cheart tabhairt faoi ndeara, nuair atá an tuairisceán do Thomás á chur i gcrích, is féidir an sochar a ghlac Máire a bhaint amach as mar dhliteanas ag Páirt 6, Painéal A. **Tabhair faoi ndeara gurb é luach margaidh an tsochair i.e. €20,000 agus ní luach incháinite an tsochair i.e. €12,950 atá asbhainteach.**

I ngníomh, ceadóidh loncam asbhaint de dheichiú luach margaidh an tí teaghaise ina bhfuil ceart chun cónaithe agus asbhaint de chuigiú luach margaidh na maoine ina bhfuil ceart chun cónaithe, tacaíochta agus coimeádta. Tabhair faoi ndeara, áfach, gur cibé modh a n-úsáidtear chun asbhaint na gcearta a ríomh, ní mór an modh céanna a úsáid chun luach fhoircheannadh na gcearta seo a ríomh (féach 2 thíos).

Tabhair faoi deara go bhféadfadh sochar cearta a ghearrtar ar mhaoín cáiliú d'fhaoiseamh talmhaíochta nó gnó agus sa chás sin ba cheart luach caipitlithe an chirt a chur isteach i bPáirt 5, Painéal A nó B, mar is cuí.

2. Sochar mar Fhorcheannadh Chearta Forchoimeádta

Nuair a thagann deireadh le cearta, e.g. nuair a fhaigheann duine ag bhfuil ceart chun cónaithe, tacaíochta agus coimeádta, bás glacann an duine i.e. an duine a ghlac an mhaoín faoi réir na gcearta, oidhreacht fhoircinneadh na gcearta sin ón mbundiúscróir. Cuimhnigh, go mbeidh asbhaint ceadaithe don bhuntairbhí do na cearta sin cheana.

D'fhonn luach margaidh an tsochair a ríomh, úsáidimid an fhoirmle arís;

Luach Bliantúil na gCearta X Luach Margaidh na Maoine ar
Luach Bliantúil na Maoine a bhfuil na cearta gearrtha

Tabhair faoi deara go bhfuil na luachanna a d'úsáideadh mar a bhí ar an dáta ar tháinig deireadh leis na cearta.

Sampla

Tá na fíricí mar atá sa sampla thuas. Faigheann Máire bás agus i ndiaidh a báis glacann Tomás oidhreacht de luach fhoirceannadh cearta Mháire ón mbundiúscróir, John Ryan. Tá an luachanna ag dáta báis Mháire mar a leanas:

Luach margaidh an tí	€ 300,000
Luach bliantúil an chirt chun cónaithe	€ 3,000
Luach bliantúil an tí	€ 30,000

Luach margaidh an tsochair a ghlac Tomás =

$$\frac{€3,000}{€30,000} \times €300,000 = €30,000$$

Is é luach an tsochair a glac Tomás, i ndiaidh bhás Mháire, ná €30,000 agus tá an figiúr seo curtha isteach ag Páirt 5, Painéal C san tuairisceán do Thomás (tá tuairisceán eile de dhíth a léiríonn dáta na hoidhreachta agus dáta na measúnachta mar dháta báis Mháire. De réir rialacha comhlánaithe, d'fhéadfadh an sochar de €30,000 comhlánú leis an sochar glactha ó John roimhe seo i ndiaidh a bháis agus ina bheidh tuairisceán seachadta roimhe dó. Tabhair faoi ndeara más é an modh a d'úsáideadh chun asbhaint cheart chun cónaithe Mháire a ríomh ar dtús ná deichiú de luach margaidh an tí teaghaise a ghlacadh, ní mór an modh céanna a úsáid chun forchinneadh na gcearta sin a mheas, i.e deichiú de luach margaidh an tí teaghaise.

3. Sochar nach bhfuil gearrtha ar mhaoin

Sampla eile atá i sochar ina bhfuil íocaíocht blianachta nach bhfuil gearrtha ar mhaoin de sochar a chaithfear a chaipitliú chun teacht ag an bhfigiúr atá le cur isteach i bPáirt 5 i dTuairisceán Cánach na hOidhreachta/an Bhronntanais.

Sa chás seo, beidh luach caipitlithe na blianachta measta suim a bheith ann a thabharfadh ioncam bliantúil a bheadh cothrom le luach bliantúil na blianachta, dá ndéanfadh an tsuim sin a infheistiú ar dháta na hoidhreachta i Stoc Rialtais faoi leith. Is é Stoc Rialtais ábhartha ná an stoc sin a d'eisíodh go deireanach roimh dháta an tsochair agus atá infhuaiscailte ní lú ná 10 mbliana i ndiaidh dháta na heisiúna. Is féidir liosta de na stoic a fháil ón nGníomhaireacht Bainistíochta um Stáchtiste Náisiúnta - Uimh. Teil 01/6762266 nó is féidir é a fháil ar láithreán Gréasáin an GBSN ag http://www.ntma.ie/GovtBonds/GovtBonds_bondOutstandingDetail.htm.

Ní mór an stoc cuí atá inbhainteach leis an sochar a roghnú ón liosta ansin. Is féidir praghas an stoic ábhartha ag dáta na measúnachta a fháil ó Stocmhálartán na hÉireann nó na páipéir nuachta náisiúnta.

Sampla

Faoi dhleacht cúnaint, sholáthraigh David Murphy íocaíocht de €3,600 sa bhliain dá dheirfiúr Aileen le haghaidh seacht mbliana. Ní gearradh an bhlianacht ar mhaoin ar bith.

Ríomhtar luach incháinithe na blianachta mar a leanas:

Blianacht	€3,600
Toradh Stoc Rialtais Ábhartha	14.5%
Praghas ar aonad stoic ar dháta luachála, abair	€ 0.84

Foirmle $\frac{\text{Blianacht}}{\text{Toradh Stoic}} \times \text{Praghas an aonad stoic}$

Céim 1

$$\frac{€3,600}{14.5} \times 100 = €24,828 \text{ de Stoc Rialtais}$$

Céim 2

Chun €24,828 de stoc a cheannach ag €0.84 an aonad chosnódh sé €24,828 \times 0.84 = €20,855.52

Luach Caipitlithe na Blianachta = €20,855.52. Is cóir an figiúr seo a chur isteach i bPáirt 5, Painéal C den tuairisceán d'Aileen.

Tabhair faoi ndeara nuair atáthar ag ríomh luach incháinithe an tsochair, ní sé ag Aileen ach le seacht mbliana.

Luach Incháinithe €20,855.52 \times 0.3770 = €7,862.53

Ríomhfaí luach **fhoirceannadh na gcearta** (más cuí) i.e. blianacht chaipitlithe mar a gcéanna, ag úsáid toradh céatadán na héisiúna is déanaí de Stoc Rialtais agus praghas luaite an stoic sin ar an dáta scoir.

4. Saor-Úsáid Maoine

Reachtaíocht - Alt 40, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitliúil, 2003.

Tagann muirear ar cháin chun cinn nuair atá úsáid agus sealúchas maoine ag duine a fuair í gan chomaoin ar bith nó ar níos lú ná an chomaoin iomlán. Má tá an úsáid "saor" leanúnach, meastar an sochar a ghlacadh ar 31 Nollaig gach bliain. Míníonn na samplaí a leanas an chaoi ina ríomhtar an sochar.

Sampla 1

Luach Margaidh an tSochair i gcás “saor-úsáid” ina mbaineann iasacht.

JTugann Seosamh iasacht saor ó ús de €100,000 dá nia Seán ar 1 Eanáir. Is é ráta tráchtála an úis ná 12% abair. Tá Seán measta oidhreacht de €12,000 a ghlacadh ar 31 Nollaig.

Tá sé measta chomh maith tabhartas a ghlacadh gach bliain, ar 31 Nollaig, go dtí go ndéanfar an iasacht a aisíoc agus cuirtear na tabhartais mheasta uile seo san áireamh do chuspóirí comhlánaithe. Má íoctar an iasacht le linn na bliana, is dáta an bhronntanais mheasta don bhliain sin dáta na haisíocaíochta. Dá n-íocfaí an iasacht i ndiaidh sé bliana bheadh luach an bhronntanais €6,000.

Sampla 2

Luach Margaidh an tSochair i gcás “saor-úsáid” ina mbaineann cóiríocht.

Tugann Anna úsáid a tí ar fiú €200,000 é dá col ceathrar Colette. Is é an cíos bliantúil margaidh ná €15,000. Íocann Colette €5,000 d’Anna sa bhliain. Tá Colette measta tabhartas a ghlacadh de €10,000 ar 31 Nollaig gach bliain ina bhfuil úsáid an tí aici agus cuirtear gach tabhartas measta san áireamh do chuspóirí comhiomlánaithe.

5. Cumhacht Chúlghairme

Reachtaíocht - Alt 39, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Má choimeád diúscróir, faoi dhiúscairt, cumhacht dá féin chun diúscairt a chúlghairm, ní bheidh cáin ar bith gearrtha ag dáta na diúscairthe ar an mbonn go bhfuil an úinéireacht measta fanacht ag an diúscróir. Ní bheidh cáin iníoctha go dtí go scaoiltear an chumhacht chun cúlghairme nó nuair a fhaigheann an diúscróir bás gan an diúscairt a chúlghairm. Sa chás go bhfaigheann an diúscróir bás gan an diúscairt a chúlghairm, beidh an sochar a glacfar ina oidhreacht mar gur glacadh é i ndiaidh báis, i.e. bás an diúscróra.

Má, mar a bhíonn de ghnáth, tá saor-úsáid na maoine ag an tairbhí ar feadh na tréimhse idir dáta na bundiúscairthe agus dáta báis an diúscróra, tiocfaidh muirear cánach chun cinn ar luach bliantúil na maoine i.e luach bliantúil cíosa, ar an mbonn saor-úsáide mar atá mínithe ag 4 thuas.

Sampla

Trí ghnóthas aistrithe arna dhátú 1 Eanáir, 2000, aistríonn Eoin a theach i mBaile Átha Cliath chuig Déaglán a choinníonn sé cumhacht dá féin chun an aistriú a chúlghairm. Fuair Eoin bás ar 30 Meitheamh, 2003 gan an chúlghairme a chur i ngníomh. Ar dháta báis Eoin, meastar an teach ag €500,000. Is é luach an chósa mhargaidh ó Eanáir, 2000 go dtí Nollaig, 2003, ná €20,000 sa bhliain.

Tá Déaglán measta na sochar a leanas a ghlacadh:

Ar 31 Nollaig, 2000	Tabhartas	€ 20,000
Ar 31 Nollaig, 2001	Oidhreacht*	€ 20,000
Ar 31 Nollaig, 2002	Oidhreacht*	€ 20,000
Ar 30 Meitheamh, 2003 (sé mhí de ‘shaor-úsáid an tí)	Oidhreacht*	€ 10,000
Ar 30 Meitheamh, 2003 (teach)	Oidhreacht	€500,000

* Tabhartais atá ina n-oidhreachtáí mar go bhfuair an diúscróir bás laistigh de dhá bhliain. Baineann díolúine na dtabhartas beag fós.

6. Teagmhais

Reachtaíocht - Alt 29, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Nuair a ghlacann tairbhí sochar agus tá deireadh le teacht leis an teidliocht de bharr teagmhais, tá cáin iníoctha ar luach iomlán na maoine d’ainneoin an teaghais. Má tharlaíonn an teagmhas, déanfar coigeartú ar an mbonn gur ghlac an tairbhí an sochar do thréimhse chinnte agus ríomhfar luach incháinithe an úis de réir Riail 6, Sceideal 1 den Acht (**féach Aguisín 7. Leathanach 62**).

Sampla

Faigheann Seán bás ar 1 Deireadh Fómhair, 2002. Ina thiomna, d’fhág sé a theach ag a gharmhac is sine, Stiofán, ar choinníoll go gcónóidh sé ann. D’eagmais, bhí an teach le tabhairt dá gharmhac eile, Seosamh. Abair na gcáilíonn Stiofán d’Fhaoiseamh Theach Teaghais.

Ríomhtar dliteanas cánach Stiofáin ar an mbonn gur ghlac sé leas absalóideach sa teach (déantar neamhaird ar theagmhas). Cúig bliana i ndiaidh bhás a Sheanathair, imíonn Stiofán thar lear. Athmheastar a dhliteanas cánach ar an mbonn go raibh leas aige sa teach do thréimhse chinnte de chuig bliana.

Is é bunluach incháinithe de leas Stiofáin sa teach ná
Dlíteanas cánach

€200,000
€ 31,557

Déantar coigeartú ar dhliteanas cánach Stiofáin nuair a imíonn sé thar lear. Ríomhtar an cháin mar a leanas:

Teach measta €200,000 X 0.2869 (toisc 5 bliana cinnte) = € 57,380
Dlíteanas cánach € 3,033

Gheobhaidh Stiofán aisíoc cánach i.e. €31,557 lúide €3,033 = €28,524 in éineacht le hús air sin.

Tabhair faoi ndeara go dtagann éileamh eile chun cinn do Cháin Oidhreachta ar an sochar iarmharach a ghlac Seosamh, ó a sheanathair, ar an dáta ina nOimíonn Stiofán thar lear.

Dliteanas Faoi Réir Teagmhais

Reachtaíocht - Alt 28(5)(a), An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Níl asbhaint ceadaithe i dtaca le dliteanas ar bith d'íocaíocht atá teagmhasach dá dtarlaíodh teagmhas faoi leith amach anseo. Má agus nuair a tharlaíonn an teagmhas déanfar an cáin a athmheasúnú.

Sampla

Faigheann Máire bás agus fágann sí a teach teaghais (luach €200,000) ag a deartháir Pádraig ar choinníoll go n-íocann Pádraig €20,000 dá iníon Lisa nuair a bheidh sí 25 bliain d'aois. Tá Lisa 18 mbliana anois.

Gearrtar cáin ar Phádraig ar an mbonn gur ghlac sé sochar de €200,000 gan asbhaint de €20,000 iníoctha le Lisa a cheadú má shroicheann sí 25 bliain d'aois. Má fhaigheann Lisa bás sula mbeidh sí 25 bliana, ní chaithfidh Pádraig an €20,000 a íoc.

Má agus nuair a shroicheann Lisa 25 bliain, athmheasúnófar dliteanas cánach Phádraig ar an mbonn go bhfuil luach incháinite an tsochair €180,000 i.e. €200,000 lúide €20,000.

Le cois sin, áfach, amharfar ar Phádraig faoi mar a bheadh sochar de €20,000 aige ar feadh seacht mbliana. Ríomhtar seo ar bhonn €20,000 X 0.3770 (toisc do 7 mbliana cinnte) = €7,540.

Mar sin is é luach incháinite oidhrecht Phádraig ná €187,540 i.e. €180,000 móide €7,540.

Gheobhaidh Pádraig aisíocaí de cháin ar bith fo-íoctha in éineacht le hús leis sin.

7. Sochair "Saor" ó Cháin

Reachtaíocht - Alt 87, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Nuair a ghlactar sochar saor ó cháin, tá an sochar a glacadh measta an méid de cháin inmhuirir ar an sochar a bheith san áireamh. Nuair a íocann an diúscróir páirt de cháin nó an cháin go hiomlán, tá an cháin measta a bheith ina sochar breise don chuspóir an dliteanas cánach deiridh a ríomh. Má fhaigheann tairbhí sochar saor ó cháin faoi thiomna, bíonn an cháin de ghnáth iníoctha amach as iarmhar an eastáit agus beidh an cháin seo mar shochar breise glactha ag an tairbhí. Ríomhtar an cháin ar shochar saor ó cháin faoi thiomna nuair atá an diúscróir ag íoc an cháin ar an mbealach céanna.

Sampla

I Samhain, 2002 glacann Eoin leagáid de €100,000, saor ó cháin, óna chol ceathrar (Grúpa C).

	Dliteanas Cánach Sochar Saor ó Cháin	Réamh-Dliteanas Cánach lena n-áiritear Sochar Saor ó Cháin
1. Tairseach Grúpa	€ 21,108.00	€ 21,108.00
2. Luach Incháinite Roimh Shochar	Neamhní	Neamhní
3. Cuid den Tairseach nár Úsáideadh	€ 21,108.00	€ 21,108.00
4. Luach Incháinite ar Shochar Reatha uile sa Ghrúpa Tairsí céanna	€ 100,000.00	€ 115,778.40
5. Iomarca Incháinite	€ 78,892.00	€ 94,670.40
6. Cáin ar Shochar Reatha uile (cáin ag 20%)	* € 15,778.40	€ 18,934.08

* Sochar breise is ea an dliteanas cánach seo, glactha ag Eoin óna chol ceathrar, atá iníoctha amach as iarmhar an eastáit. Mar sin, is é luach incháinite na hoidhreachta ná €115,778.40 i.e. €100,000 móide €15,778.40.

8. Diúscairt a mhéadaíonn luach na maoin

Reachtaíocht -Alt 38, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Nuair a fhaigheann tairbhí maoin ó dhiúscróir agus i ndiaidh sin nuair a fhaigheann sé maoin eile ón diúscróir céanna agus go bhfuil an dá mhaoin le chéile ar luach níos airde ná mar a bheadh siad dá mbeadh siad faoi úinéireacht ina gceann agus ina gceann, i.e. (a) luach an dara maoin agus (b) an ardú i luach na céad maoin mar thoradh gur leis an tairbhí an dara maoin chomh maith.

Sampla

Is le Seán an scairchaipiteal eisithe go hiomlán den chuideachta phríobháideach ABC Teo. (a thagann go €10,000 scaireanna de €1). I nDeireadh Fómhair 2001 bronnann sé 1,000 scair ar a pháirtneir Siobhán.

Is é luach na scaireanna seo ná €1 an scair. I Meán Fómhair, 2002, faigheann Seán bás agus fágann sé 5,000 scair eile ag Siobhán. Scairsealbhóir tromlaigh atá i Siobhán anois sa chuideachta agus is é luach scairseilbh thromlaigh ná €4 an scair.

Tá sé measta go nglacfaidh Siobhán na sochair seo a leanas:

An chéad sochar - tabhartas i nDeireadh Fómhair, 2001 de 1,000 scair measta ag €1 an ceann = €1,000

An dara sochar –oidhrecht i Meán Fómhair, 2002 de 5,000 scair measta ag €4 an ceann = €20,000 móide ardú i luach na céad sochair de 1,000 scair X €3 = €3,000. Mar sin is é luach an dara sochair ná €23,000.

Tabhair faoi deara má dhiúsraíonn an tairbhí an chéad mhaoin, do níos lú ná an chomaoin iomlán nó chuig cuideachta ina raibh sé measta a stiúradh, laistigh de chuig bliana i ndiaidh an dara maoin a fháil, beidh an méadú i luach na maoine i bhfeidhm fós.

9. Leas i bPolasaithe Árachais

Reachtaíocht -Alt 41, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Tá sé measta go mbeidh leas i bpolasaí árachais saoil ina leas i seilbh nuair agus ní ach nuair,

- ◆ a aibíonn an polasaí;
- ◆ nuair a ghéilleann an tairbhí an polasaí don árachóir do chomaoin in airgead nó luach airgid roimh aibíocht;
- ◆ a dhéanann an t-árachóir íocaíocht don tairbhí go hiomlán nó i bpáirt-scaoileadh den pholasaí.

Ní bheidh fáltas an pholasaí incháinite go dtí go mbeidh sé ina leas i seilbh.

Sampla 1

Tá polasaí árachais saoil ag Máirtín ar a shaol féin. D'íoc sé na préimheanna go léir. Tugann sé an polasaí ar fiú €500,000 dá iníon Kylie i 1996. Faigheann Máirtín bás i 2002 agus aibíonn an polasaí as los bhás Máirtín.

Ní thioctadh muirear do Cháin Oidhreachta chun cinn ar Kylie ach nuair a ghlac sí leas i seilbh an pholasaí nuair a fuair Máirtín bás i 2002 agus ní nuair a tugadh an polasaí i 1996.

Sampla 2

Dá n-íocfadh Kylie na préimheanna i ndiaidh gur tugadh an polasaí di i 1996 i Sampla 1, bheadh páirtchomhaoin íoctha aici agus ríomhfaí luach an tsochair a ghlac sí go comhréireach, e.g. dá n-íocfadh sí 50% d'iomlán na bpréimheanna i féin ní bheadh sa sochar a ghlac Máirtín uaithi ach €250,000.

10. Diúscairtí le nó chuig Cuideachta

Reachtaíocht -Alt 43, An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Baineann an mhír seo le cuideachtaí príobháideacha amháin mar a sainmhíníodh in Alt 27 den Acht.

Chun dliteanas do CAT a mheasúnú ní mór duit amharc ar chuideachta a rinne nó a fuair tabhartas/oidhreacht chun a chinntiú cé iad scairshealbhóirí na cuideachta sin agus amharfar ar na daoine aonair sin faoi mar a thug nó mar a fuair siad sochar agus bheadh an sochar sin an méid céanna leis an méid a gheobhaidís dá mbeadh an chuideachta sin foirceannta go deonach ar dháta an tsochair.

Sampla

Tugann ABC Teo. cuideachta phríobháideach neamhthrádála tabhartas de €100,000 do Michael Barry.

Seo leanas na scairshealbhóirí i ABC Teo.:

John Barry (athair Michael)	50%
Mary Barry (máthair Michael)	10%
Peter Barry (deartháir Michael)	40%

Tá Michael measta na tabhartais a leanas a ghlacadh:

Ó John	€50,000
Ó Mary	€10,000
Ó Peter	€40,000

Aguisín 9 Creidmheasa – Nótaí agus Samplaí

1. Cánachas Dúbailte

Cúlra

Tá sé mar aidhm ag forálacha a bhaineann le cánachas dúbailte an cruatan a thiocfadh chun cinn nuair, de bharr teagmhais go mbeadh muirear ar Cháin Fháiltas Caipitiúil in Éirinn agus cáin ar chomhchosúil leis i dtír eile a mhaolú. Is féidir go dtiocfadh cánachas dúbailte chun cinn nuair a fhorchuireann tír amháin cáin ar sócmhainní ar fud an domhain, trí thagairt d'áitreabh/chónaí an diúscróra agus nuair a fhorchuireann tír eile cáin mar go bhfuil maoin suite ina dlínse. Is féidir go dtiocfadh sé chun cinn chomh maith nuair a fhorchuireann an dá tír cáin trí thagairt d'áitreabh/chónaí an diúscróra. Dá réir sin, ar bhonn aontaobhach nó ar bhonn déthaobhach, déanfaidh Éire cáin choigríche íoctha ar mhaoín choigríche a chur san áireamh, faoi réir coinníollacha áirithe. Tá dhá Chonradh i bhfeidhm, ceann leis an Ríocht Aontaithe agus ceann le Stát Aontaithe Mheiriceá. Is éard a leanas ná achoimre gearr ar na prionsabail ghinearálta d'fhaoiseamh aontaobhach agus an faoiseamh faoin dá choinbhinsiún.

(a) Faoiseamh Aontaobhach

Ní thugtar faoiseamh aontaobhach ach nuair nach bhfuil conradh cánachais dhúbailte i bhfeidhm. Tugtar é nuair a dhéantar tabhartas nó oidhreacht de mhaoín choigríche do nó ó chónaitheach Éireannach nó diúscróir nó tairbhí gnáthchónaitheach a laghdú le híocaíocht de cháin choigríche atá ar chomhchosúil le dleacht eastáit, cáin tabhartais nó cáin oidhreachta. Ní bhaineann an faoiseamh seo ach i dtaca le cáin forchurtha ag tír choigríche ar mhaoín suite sa tír choigríche sin. Ní féidir leis an gcreidmheas, áfach, a bheith níos mó ná an cháin Éireannach ar an maoin choigríche agus ní féidir á thabhairt ach nuair a thugann an teagmhas céanna (i.e. tabhartas nó bás) cáin chun cinn sa dá tír.

Is é an creidmheas a tugtar nó an ceann ab lú de -

- ◆ an méid de cháin tabhartais nó oidhreachta (CAT) iníoctha ar an maoin choigríche

Nó

- ◆ an méid de cháin choigríche ar an maoin choigríche.

Sampla 1

Bronnann diúscróir a bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn a theach, atá suite i dtír thar lear, agus atá measta ag €200,000 mar bhronntanas. Éilíonn Éire Cáin Oidhreachta mar gheall ar chónaí an diúscróra agus éilíonn an tír choigríche cáin mar go bhfuil an teach suite ansin.

Cáin Éireannach	€ 10,000
Cáin Choigríche	€ 5,000
Lamhálann Éire creidmheas	€ 5,000
Glancháin Éireannach	€ 5,000

Sampla 2

Na firicí céanna agus atá i sampla 1 ach amháin go bhfuil an cháin choigríche iníoctha ag €15,000.

Cáin Éireannach	€ 10,000
Cáin Choigríche	€ 15,000
Lamhálann Éire creidmheas	€ 10,000
Glancháin Éireannach	Neamhní

Má tá maoin Éireannach agus maoin choigríche sa sochar araon, beidh an chreidmheas do cháin choigríche i bhfeidhm i gcoinne an cháin atá infheidhmithe don mhaoín choigríche amháin.

Sampla 3

Faigheann Seán bás i Meán Fómhair, 2002, agus é lonnaithe agus ina chónaí in Éirinn. Ina thiomna d'fhág sé a chuid maoine go léir ag a dheirfiúr Carmel.

San eastát bhí c/s bainc in Éirinn measta ag €100,000 agus teach sa Spáinn measta ag €100,000.

Is é dliteanas CAT Carmel ná €31,557. Cáin Spáinneach €15,000

Cuirtear an creidmheas don cháin Spáinneach i bhfeidhm i gcoinne an cáin Éireannach a bhaineann leis an teach amháin mar a leanas;

*Glanluach an tí €100,000 x €31,557 (Cáin Éireannach) = €15,778.50 (Cáin Éireannach ar an teach)

*Glanluach an tsochair €200,000

*I ríomh ráta éifeachtaigh an CAT a bhaineann leis an teach sa Spáinn úsáid glanluachanna. i.e. luachanna incháinithe.

Mar sin cuirtear an creidmheas i bhfeidhm mar a leanas:

Dlíteanas cánach	€31,557
Lúide creidmheas	€15,000 (ní lú de cháin Éireannach ná de cháin Spáinneach a bhaineann leis an teach)
CAT iníoctha	€16,557

Má bhí an cháin Éireannach a bhaineann leis an teach níos lú ná €15,000, ní thabharfaí ach páirt den cháin choigríche mar chreidmheas, e.g. dá mbeadh an cháin Éireannach €10,000 bheadh an creidmheas do cháin choigríche teoranta ag €10,000.

(b) Faoiseamh Déthaobhach

(1) Coinbhinsiún leis an R.A.

Cuimsíonn an Coinbhinsiún seo Cáin Fháltas Caipitiúil in Éirinn agus Cáin Oidhreacht (cáin aistrithe caipitiúil roimhe seo) sa R.A.. Socraíonn an Coinbhinsiún cearta cáinte bunaithe ar chónaí an diúscróra. Aithníonn an Coinbhinsiún, áfach, ceart gach tír maidir le cáin a thobhach de réir a dlí féin. Tá muirear na Cánach Fháltas Caipitiúla bunaithe ar chónaí/ghnáthchónaí an diúscróra nó an tairbhí agus sa R.A. tá an muirear bunaithe ar chónaí an diúscróra. Cinntíonn an Coinbhinsiún go dtugann an tír nach bhfuil an mhaoín suite ann creidmheas do cháin íoctha sa tír ina bhfuil an mhaoín suite ann. Go hiondúil, mar thoradh ar seo tugann an tír ina bhfuil an diúscróir ina chónaí an creidmheas don cháin íoctha sa tír eile, ar mhaoín suite sa tír eile sin. Tugtar creidmheas nuair a gearrtar cáin, sa dá tír, ar an teagmhas chéanna amháin. Faoi mar atá i gcás an fhaoisimh aontaobhaigh, ní féidir le suim an chreidmheasa a bheith níos mó ná an cháin Éireannach ar an mhaoín choigríche.

Cónaí Dúbailte

De ghnáth is í an tír a dhéanann éileamh ar chónaí a thugann creidmheas do cháin choigríche. I dtuairim choincheapa an dlí i gcoiteann ar chónaí, ní bhíonn deacrachtaí ann de ghnáth idir Éire agus an R.A.. Tá coincheap ag an R.A., áfach, de chónaí reachtúil nó measta. Mar thoradh ar seo, i roinnt cásanna, d'fhéadfadh an dá dhlíne éileamh a dhéanamh ar áit chónaithe an diúscróra. Nuair a tharlaíonn seo tugann Éire creidmheas do cháin R.A. ar mhaoín R.A. agus tugann an R.A. creidmheas do cháin Éireannach ar mhaoín Éireannach, faoi réir an chuntair faoin méid creidmheasa a bhfuil a theorannú mar atá luaite thuas. Sa chás ina bhfuil mhaoín atá suite sa tríú tír, tugann an tír ag a bhfuil "fochearta cáinte" an creidmheas. **(féach leathanach 79)**.

Tá tuilleadh eolais i dtaca le rialacha na "fochearta cáinte" leagtha amach in Airteagal 5(2) den Choinbhinsiún nó is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Eolais don Cháiníocóir.

Pointí le tabhairt faoi ndeara

- ◆ Ba cheart tabhairt faoi ndeara nach bhfuil cáin an R.A. asbhainteach mar dhliteanas chun an méid CAT iníoctha a ríomh – ní féidir ach é a úsáid mar chreidmheas i gcoinne CAT amháin.
- ◆ Ní thugtar creidmheas ach do cháin R.A. amháin – ní dhéantar liúntas do mhuirir úis nó pionóis.
- ◆ Ní thugtar creidmheas ach nuair atá cáin gearrtha ar an mhaoín chéanna, ar an teagmhas céanna sa dá dhlíne.
- ◆ Tá an creidmheas a thugtar teoranta ar an sochar ag rátaí éifeachtacha is ísle den R.A. agus Éirinn. Dáiríre ciallaíonn seo nach féidir leis an gcreidmheas a thugtar do cháin an R.A. a bheith níos mó ná an cháin Éireannach ar an mhaoín chéanna.
- ◆ Ní mór éileamh ar bith do chreidmheas (nó aisiocáocht cánach atá bainteach) a dhéanamh laistigh de shé bliana ó dháta an teagmhais i dtaca leis an éileamh a dhéantar.

Cé a fhaigheann an creidmheas?

Tugtar an creidmheas don duine atá dlite do cháin an R.A. agus atá ina leagáidí iarmharach de ghnáth, i.e. an duine a ghlacann iarmhar an eastáit i ndiaidh na dtiomnachtaí go léir a bheith leathdháilte agus na fiacha agus costais riaracháin scaoilte, agus ní mór ár ndóigh dó a bheith dlite do CAT. Tagann cáin ar leagáidí airgid, i.e. leagáidí airgid thirim sa R.A. ón leagáidí iarmharach. Dá réir sin, nuair a ríomhtar an méid creidmheasa atá le tabhairt i dtaca leis an leagáidí airgid, déanfar an méid seo a fhritháireamh i gcoinne na cánach Éireannaí, má tá cáin ar bith, iníoctha ag an leagáidí iarmharach. Tá seo le cois creidmheas do cháin an R.A. a bhaineann le sochar an leagáidí iarmharach féin (féach samplaí 1 agus 2). Sa chás nach n-íocann an leagáidí iarmharach cáin ar bith ní thugtar creidmheas ar bith.

Tiomnacht Shonrach

Tá cás amháin nuair nach gceadaítear creidmheas do cháin an R.A. i gcoinne dhliteanas an leagáidí iarmharaigh. Nuair a dhéantar tiomnacht shonrach ar mhaoine choigríche do thairbhí, bíonn a sciar féin de cháin choigríche ag an sochar sin. Mar sin, nuair atá muirear CAT Éireannaigh ar an sochar chomh maith, cuirtear an creidmheas do cháin an R.A. i bhfeidhm i gcoinne cháin Éireannach an tairbhí.

Measúnacht a úsáidtear chun creidmheas a ríomh

Mar cháin ar eastát, gearrtar cáin oidhreacht R.A. ar mheastóireacht na sócmhainní ar dháta an bháis. Mar cháin ar shochar, gearrtar Cáin Fháltas Caipitiúil ar mheastóireacht na sócmhainní ag dáta na measúnachta. Is féidir le dáta na measúnachta a bheith difriúil ón dáta báis. Dá bharr neamhréitigh tugtar an creidmheas, go méid áirithe, mar chreidmheas measta mar ní chomhfhreagraíonn sé go beacht i gcónaí le in oidhreacht an R.A.. I ngníomh, mar sin, úsáidtear dáta na measúnachta báis agus dáta na measúnachtaí chun an creidmheas do cháin an R.A. a ríomh. Mar go bhfuil cáin an R.A. bunaithe ar dháta na measúnachta báis úsáidtear na meastóireachtaí seo sa ríomh a bhaineann le mhaoín an R.A..

An chaoi le creidmheas a éileamh

Go hidéalach ní cheart tuairisceán féinmheasúnaithe a lóisteáil go dtí go mbeidh sonraithe de chreidmheas ar bith do cháin choigríche nochta. D'fhéadfadh sé a bheith neamhfhéideartha, áfach, i gcásanna áirithe eolas a fháil ó údarais an R.A. roimh dháta na measúnachta agus sa chás sin ba cheart méid measta a chur isteach sa tuairisceán.

Chun éileamh a dhéanamh ar an gcreidmheas, ní mór deimhniú ón údarás cánach ábhartha a fháil a dheimhniú á leanas:

1. Iomlán cháin oidhreachta an R.A. inchurtha i leith na maoinne i gceist (gan ús a áireamh)
2. An mhaoin agus a luach ar gearradh an cháin sin air
3. Dáta íocaíochta na cánach sin;
4. Go ndearnadh an cháin a ríomh de réir an Choinbhinsiúin;
5. Go bhfuil an cháin críochnaitheach;
6. Nach bhfuil iarratas ar bith le haghaidh aisíoca do cháin oidhreachta an R.A. ar feitheamh nó údaraithe agus má, dhéantar aisíoc, san am atá le teacht, tabharfar leorfhógra do Rannóg na gCánacha Caipitiúla, Brainse na Seirbhíse um Cháin Fháiltas Caipitiúil do Chustaiméirí.

Ba cheart an deimhniú seo a choimeád ar feadh sé bliana mar dá roghnófaí an chás le haghaidh iniúchta, bheadh an Coimisinéirí ag iarraidh amharc air.

Is iad seoltaí na húdarás bainteach sa R.A. ná:

Sasana agus an Bhreatain Bheag: The Capital Taxes Office,
Ferrers House,
Castle Meadow Road,
Nottingham NG2 1BB.

Albain: The Capital Taxes Office,
Mulberry House,
16, Picardy Place,
Edinburgh,
EH1 3NB.

Tuaisceart na hÉireann: Oifig na gCánacha Caipitiúil,
Leibhéal 3, Dorchester House,
52-58 Great Victoria Street,
Béal Feirste,
BT2 7QL.

Ríomh an Chreidmheasa

Sampla 1

- (a) Faigheann diúscróir bás agus é lonnaithe agus ina chónaí in Éirinn an 1 Deireadh Fómhair, 2002 ag fágáil eastáit ar fiú €200,000 - €120,000 ina dhiaidh i sócmhainní Éireannacha agus €80,000 i sócmhainní an R.A..
- (b) Ina thiomna tugann sé €50,000 do A agus an iarmhar do B.
- (c) Abair gur €6,000 cáin an R.A..
Cáin Éireannach ar shochar A (abair) €8,000 agus sochar B €10,000.

Céim 1 Ríomh cuid gach oidhreachta atá iníoctha as maoin an R.A. de réir na foirmle:

Oidhrecht	X	<u>Comhlán R.A.</u> Comhlán R.A. agus Eastát Éireannach	
Oidhrecht A €50,000	X	$\frac{€80,000}{€200,000}$	= €20,000
Oidhrecht B €150,000	X	$\frac{€80,000}{€200,000}$	= €60,000

Céim 2 Ríomh an chuid de cháin R.A. a bhaineann le gach oidhrecht de réir na foirmle:

<u>Maoin R.A. in Oidhrecht</u> Maoin Iomlán R.A.	X	Cáin R.A.	
Oidhrecht A $\frac{€20,000}{€80,000}$	X	€6,000	= €1,500
Oidhrecht B $\frac{€60,000}{€80,000}$	X	€6,000	= €4,500

Céim 3: Ríomh ráta cánach an R.A. de réir na foirmle:

<u>Cáin R.A. a bhaineann le hoidhrecht</u> Maoin R.A. in oidhrecht	X	100	
Oidhrecht A $\frac{€1,500}{€20,000}$	X	100	= 7.5%
Oidhrecht B $\frac{€4,500}{€60,000}$	X	100	= 7.5%

Céim 4: Ríomh ráta chánach na hÉireann ar gach oidhreacht de réir na foirmle:

<u>Irish Tax on inheritance</u> Inheritance		X	100	
Oidhreacht A	$\frac{€8,000}{€50,000}$	X	100	= 16%
Oidhreacht B	$\frac{€10,000}{€150,000}$	X	100	= 6.7%

Céim 5: Ríomh an creidmheas atá le tabhairt do cháin R.A. de réir na foirmle:

Maoine R.A. in oidhreacht X is ísle de cháin Éireannach

$$\text{Oidhreacht A} \quad €20,000 \times 7.5\% \text{ (Ráta R.A.)} \quad = \quad €1,500$$

$$\text{Oidhreacht B} \quad €60,000 \times 6.7\% \text{ (Ráta Éireannach)} \quad = \quad €4,020$$

Céim 6: Déan amach cé chuige a bhfuil an creidmheas le tabhairt.

Céim 7: Ríomh an glancháin Éireannach iníoctha ag tairbhí.

	<u>Cáin Éireann</u>	<u>Cáin R.A.</u>	<u>Creidmheas</u>	<u>Glancháin Éireannach</u>
Oidhreacht A	€8,000	€1,500	Neamhní	€8,000
Oidhreacht B	€10,000	€4,020	€5,520	€4,480

Tháinig an cháin R.A. ar an leagáid airgid trí leagáid iarmharach B agus mar sin faigheann seisean an creidmheas don cháin ar an leagáid a ghlac A chomh maith leis an cháin ar a oidhreacht féin den iarmhar.

Pointí le tabhairt faoi ndeara

- ◆ Ríomhtar cáin an R.A. ar dháta luachanna báis. Ríomhtar CAT ar luachanna dháta measúnachta. Mar sin féadfaidh nach comhfhreagróidh an creidmheas a tugadh go díreach le cáin an R.A. a d'íocadh go fírinneach.
- ◆ Nuair nach ionann an dáta measúnachta do CAT agus an dáta báis, úsáid dáta na measúnachtaí báis nuair atáthar ag ríomh:
 - (i) an chuid de mhaoin an R.A. i sochar;
 - (ii) cáin an R.A. a bhaineann leis
 - (iii) ráta éifeachtach cháin an R.A.
- ◆ úsáid rátaí malartáin ábhartha chun steirling a thiontú go Euro i.e. an dáta báis, dáta measúnachta agus dáta íocaíochta cháin an R.A. mar is cuí.

Foirm IT43

Sampla 1

	Céim 1	Céim 2	Céim 3	Céim 4	Céim 5	Céim 6	Céim 7		
(a)	(b)	(c)	(d)	(e)	(f)	(g)	(h)		
An Tairbhí (cé acu atá sé inmhuirir do C.A.T. nó nach bhfuil)	Luach an tSochair	Luach Mhaoin an R.A. i (b)	Méid Cháin an R.A. ar (c)	Ráta éifeachtach Cháin an R.A.	Méid de C.A.T. ar (b)	Ráta éifeachtach de C.A.T.	Creidimheas	An tairbhí a thugtar an creidimheas dó	Glan C.A.T. Infíoctha
	€50,000	$\frac{€80,000 *}{€200,000} \times (b)$ **	$\frac{€6,000}{€80,000} \times (c)$	$\frac{(d) \times 100}{(c)}$	€8,000	$\frac{(f) \times 100}{(b)}$	Col Creid. (c) x leasóir Col. (e) nó (g)		
A		€20,000	€1,500	7.5%	€8,000	16%	€1,500	B	€8,000
B	€150,000	$\frac{€60,000}{€80,000}$	$\frac{€4,500}{€6,000}$	7.5%	€10,000	6.7%	€4,020	B	€4,480***

* Coibhnéis Euro d'ollsócmhainní an R.A. ag an dáta báis

** Coibhnéis Euro d'olleastát ag an dáta báis

*** €10,000 líude €5,520 i.e. €1,500 + €4,020 (B nuair a fhaigheann an leagáidí iarmharach an creidimheas do cháin an R.A. ar leagáid de €50,000 glactha ag A)

Sampla 2

Faigheann diúscróir a bhí cónaí air in Éirinn bás ar 1 Meán Fómhair, 2002. Fágann sé eastát measta ag:

Stg. £250,000 i sócmhainní an R.A. agus €450,000 sócmhainní Éireannacha. Ba iad a chuid dliteanais neamhdhaingnithe ná €10,000.

Fágann sé seo a leanas ina thiomna:

- ◆ €50,000 dá dheirfiúr Áine
- ◆ €60,000 i bhfuilimh an R.A. dá dheartháir Séan
- ◆ €20,000 dá dheirfiúr Siobhán
- ◆ Iarmhar dá mhac Liam

Abair seo a leanas:

- (a) Tagann cáin oidhreachta an R.A. go Stg. £50,000
- (b) D'íocadh cáin an R.A. ar 1 Nollaig, 2002
- (c) Dliteanas CAT Áine = €1,557
- (d) Dliteanas CAT Sheáin = €3,557
- (e) Ní thagann muirear CAT ar oidhreacht Shiobhán chun cinn
- (f) Is 1 Samhain, 2002, an dáta meastóireachta do CAT
- (g) Ar an dáta meastóireachta tagann an iarmhar go dtí €726,665
- (h) Dliteanais CAT Liam = €60,770
- (i) Is é an ráta malartáin ag 1 Meán Fómhair, 2002 agus 1 Nollaig, 2002, ar aon ná €1 = Stg £0.60. Mar sin bhí sócmhainní an R.A. measta ag €416,665 ar 1 Meán Fómhair, 2002 ba é an coibhnéis Euro de cháin an R.A. íoctha ar 1 Nollaig, 2002 ná €83,333.

Nótaí ar Chomhlánú Foirme chun Creidmheas a Ríomh (I.T. 43)

- (a) Cuir isteach ainmneacha na dtairbhíthe go léir cé acu atá siad inmhuirir do Cháin Fháiltas Caipitiúil nó nach bhfuil.
- (b)
 - (i) Cuir isteach luach gach sochar glactha ag gach tairbhí liostaithe in (a)
 - (ii) Nuair atá maoin an R.A. go hiomlán nó i bpáirt i sochar, tiontaigh go dtí Euro é ag úsáid ráta malartáin Euro/Steirling ar dháta an meastóireachta .
 - (iii) Nuair a dhéanann maoin Éireannach nó maoin an R.A. réadtiomnaithe nó tiomnaithe go sonrach iontráil faoi leith do gach tairbhí den chineál seo maoin.
- (c) **Céim 1**
 - (i) Roinn an t-eastát comhlán R.A. ar an eastát comhlán.
 - Úsáid dáta na luachanna báis don mhaoin uile.
 - Tiontaigh Stg go Euro ag úsáid ráta malartáin an dáta báis*
 - Ná cuir maoin ar bith a réadtiomnaítear, a thiomnaítear go sonrach nó atá faoi réir socraíochta san áireamh.
 - (ii) Méadaigh gach figiúr i (b) leis an toisc ag (i) thuas agus cuir isteach é ag (c) ach tabhair (iii) agus (iv) thíos faoi ndeara.
 - (iii) Nuair a dhéantar maoin an R.A. a réadthiomnú nó a thiomnú go sonrach cuir isteach an figiúr céanna i (c) agus atá i (b) – ná méadaigh faoin toisc é.
 - (iv) Nuair is maoin Éireannach amháin a réadthiomnaítear nó a thiomnaítear ná cuir iontráil ar bith isteach i (c) maidir leis.
- (d) **Céim 2**
 - (i) Tiontaigh cáin an R.A. go Euro ag úsáid dáta ráta malartáin na híocaíochta*
 - (ii) Suimigh na figiúirí i gcolúin (c)
 - (iii) Roinn (i) ar (ii) thuas
 - (iv) Méadaigh gach figiúr i (c) faoin toisc ag (iii) thuas agus cuir isteach i (d)
- (e) **Céim 3** Roinn gach figiúr i (d) ar an bhfigiúr a chomhfhreagraíonn i (c) agus méadaigh faoi 100.

- (f) (i) Cuir isteach an méid de Cháin Fháltas Caipitiúil iníoctha ag gach tairbhí.
(ii) Nótáil ainmneacha na dtairbhíthe sin, ag a bhfuil dliteanas do Cháin Fháltas Caipitiúil agus cáin an R.A. – ba iad sin amháin a ghearrtar cáin dhúbailte orthu.
- (g) **Céim 4** Roinn gach figiúr i (f) ar an bhfigiúr a chomhfhreagraíonn i (b) agus méadaigh faoi 100.
- (h) **Céim 5** Do gach tairbhí, nuair a thagann muirir chánach dhúbailte chun cinn (féach (f)(ii) thuas méadaigh an figiúr i (c) faoin ráta is ísle de dhá ráta comhfhreagartha i (e) agus (g).Cuir an figiúr deiridh i (h).
- (i) **Céim 6** Cuir isteach ainm an duine (daoine) ar tugadh an chreidmheas dó/dóibh. Beidh an duine/daoine sin ina leagáidí/ithe ach amháin nuair atá réadtiomnú nó tiomnú sonrath de mhaoin an R.A. – sa chás sin faigheann an réadtiomnaí nó an leagáidí an creidmheas do cháin an R.A..
- (j) **Céim 7** Ríomhtar an Cháin Fháltas Caipitiúil iníoctha ag gach tairbhí trí dhéaduchtú ó Cháin Fháltas Caipitiúil ag (f) creidmheas nó creidmheasanna de gach tairbhí ag (h) atá le tabhairt don tairbhí sin (tabhair faoi ndeara an tairbhí a thugtar an creidmheas dó ag (i)). Is ceart an toradh an chur isteach ag (j).

* Is féidir Rátaí Malartáin a fháil ag:

An Rannóg Choigríche
An Banc Ceannais
Sr. an Dáma
Baile Átha Cliath 2
Teil. 6716666

Foirm IT43

Sampla 2

	Céim 1	Céim 2	Céim 3	Céim 4	Céim 5	Céim 6	Céim 7		
(a)	(b)	(c)	(d)	(e)	(f)	(g)	(h)	(i)	(j)
An Tairbhí (cé acu atá sé innhuirir do CAT nó nach bhfuil)	Luach an tSochair	Luach Mhaoin an R.A. i (b)	AMéid cháin an R.A. ar (c)	Ráta éifeachtach cháin an R.A.	Méid C.A.T. ar (b)	Ráta éifeachtach de C.A.T.	Creidmheas Col. Creid. (c) x leasóir Col. (e) nó (g)	An tairbhí a thugtar an creidmheas dó	Glan C.A.T. Iníoctha
Agnes	€50,000	€356,665* x (b) €806,665**	€83,333 x (c) €412,243	$\frac{(d) \times 100}{(c)}$ 20%	€1,557	$\frac{(f) \times 100}{(b)}$ 3.11%	€688	Bill	€1,557
John	€60,000	€60,000	€12,129	20%	€3,557	5.93%	€3,558	John	Neamhní
Susan	€20,000	€8,843	€1,787	20%	Neamhní	Neamhní	Neamhní	-	-
Bill	€726,665	€321,293	€64,948	20%	€60,770	8.37%	€26,892	Bill	€33,190***
		€421,243	€83,333						

* Coibhnéis Euro d'ollsócmhainní an R.A. ag an mbás gan tiomnú de Mhaoin an R.A. san áireamh i.e. €60,000.

** Coibhnéis Euro d'olleastát ag an mbás gan tiomnú de Mhaoin an R.A. san áireamh i.e. €60,000.

*** I.e. €60,770 lúide €27,580 i.e. €688 + €26,892 (Faigheann Liam mar leagáid iarmharach an creidmheas do cháin an R.A. ar an leagáid de €50,000 a ghlac Áine)

Déchnaí Éireann / R.A. & maoin suite sa tríú tír dlite do cháin choigríche

Nuair atá maoin ar bith suite sa tríú tír dlite do cháin choigríche, tugann an tír (Éire nó an R.A.) ag a bhfuil **fochearta cáinte** creidmheas don cháin ar an maoin sin atá suite sa tríú tír.

Is í an tír le fochearta cáinte an tír nach bhfuil cónaí fíoscach aici. Cinntear cónaí fíoscach de réir rialacha áirithe atá in Airteagal 4 de Choinbhinsiún an R.A./Éireann agus ba iad na rialacha ná:

- ◆ Beidh an diúscróir measta a bheith ina chónaí sa Stát conartha ina bhfuil, nó ina raibh, ag an am bainteach, teach buan ar fáil dó;
- ◆ Má tá nó má bhí teach buan ar fáil dó sa dá thír, beidh an cónaí measta a bheith sa Stát conartha ina bhfuil a chaidreamh pearsanta eacnamaíochta ag an am a bhaineann níos cóngaraí dó. Ainmnítear coincheap an chaidrimh pearsanta nó eacnamaíochta mar chroílár leas fíorthábhachtach eacnamaíochta;
- ◆ Mura bhféadfaidh an Stát conartha ina bhfuil nó ina raibh leas fíorthábhachtach eacnamaíochta an duine aonair a chinneadh, nó mura bhfuil, nó mura raibh, teach buan ar fáil dó i gceachtar tír, beidh an cónaí measta a bheith sa Stát conartha ina bhfuil nó ina raibh, ag an am a bhaineann, áitreabh rialta;
- ◆ Má tá an t-áireamh rialta sa dá Stát conartha nó mura bhfuil sé i gceachtar acu beidh an cónaí measta a bheith sa tír ina bhfuil sé, ag an am a bhaineann, ina náisiúnach
- ◆ Má tá nó má bhí sé ina náisiúnach sa dá Stát nó i gceachtar acu, socróidh údaráis inniúla na Stát conartha an cheist trí chomhaontú.

Cinntoidh bonn na gceisteanna thuas cé acu tír ag a bhfuil Cónaí Fíoscach. Beidh fochearta cáinte ag an tír nach bhfuil cónaí fíoscach aici do chuspóirí chreidmheas an tríú tíre agus tabharfaidh sí creidmheas an chánachais dhúbailte. **Ní** athraíonn seo cearta gach tír maidir le cáin a ghearradh ar eastát an domhain as los a ndlíthe féin.

Sampla 3

Fuair Pádraig bás an 1 Nollaig, 2002. Ag dáta an bháis bhí áit chónaí aige in Éirinn agus sa R.A. araon. Bhí sé ina chónaí in Éirinn. De réir rialacha Airteagal 4 de Choinbhinsiún Cánachais Dhúbailte Éireann/R.A. bhí cónaí fíoscach ag Pádraig in Éirinn, mar go raibh baile buan aige in Éirinn. Mar sin, bhí fochearta cáinte ag an R.A. mar ba í an tír nach raibh cónaí fíoscach ag Pádraig.

D'fhág Pádraig maoin sa Spáinn ar a raibh na cánacha a leanas gearrtha:

Cáin Spáinneach	€ 800
Cáin Éireannach	€ 1,200
Cáin R.A.	€ 3,000

Lámhálann Éire an cháin iníoctha sa Spáinn i gcoinne a cánach aontaobhaí. Is í an ghlancháin iníoctha in Éirinn ná

Cáin Éireannach	€ 1,200
Cáin Spáinneach	€ 800 (creidmheas)
Glancháin Éireannach	€ 400

Lámhálfaidh an R.A. (ag a bhfuil fochearta cáinte) an cháin Spáinneach mar chreidmheas go haontaobhach nó de réir théarmaí a chonartha leis an Spáinn (má tá aon cheann) agus lámhálfaidh sé an cháin Éireannach ar an maoin Spáinneach mar chreidmheas de réir Choinbhinsiún na hÉireann/R.A..

Is í an ghlancháin iníoctha sa R.A. ná:

Cáin R.A.	€ 3,000
Lúide Cáin Spáinneach	€ 800 (creidmheas)
Lúide glancháin	
Éireannach	€ 400 (creidmheas)
Glancháin an R.A.	€ 1,800

Beidh an lomláncháin

Spáinn	€ 800
Éire	€ 400
R.A.	€ 1,800
Iomlán	€ 3,000 (léiríonn seo an ceann is airde de na trí mhuirear).

(ii) Coinbhinsiún leis na S.A.

Amharctar ar an gConradh Éireann/S.A., a rinneadh i 1951, anois a bheith bainteach le cáin oidhreachta in Éirinn agus cáin chomhstáit sna S.A.. Ní théann sé i bhfeidhm ar cháin oidhreachta nó cánacha ar bith cosúil le dleachta báis a d'fhéadfadh stáit aonair na S.A. a ghearradh. e.g. Cáin oidhreachta California (féadfaidh faoiseamh aontaobhach a bheith i bhfeidhm sna cásanna seo, áfach).

Gearrann Éire cáin oidhreachta ar shócmhainní an domhain nuair a bhíonn cónaí ag an diúscróir nó an tairbhí, nó má bhíonn siad ina gcónaí in Éirinn, nó ar chuma eile, is sócmhainní suite in Éirinn amháin a bhíonn dlite do cháin oidhreachta. Gearrann na S.A. cáin chomhstáit ar shócmhainní an domhain más saoránach S.A. é an diúscróir nó má bhí sé ina chónaí i gceann de Stáit na S.A., ar chuma eile, is maoin suite san S.A. amháin a bhíonn dlite do cháin chomhstáit (faoi réir eisceachtaí faoi leith). Deir an Coinbhinsiún, áfach, nach féidir le hÉirinn cáin a ghearradh ar mhaoín taobh amuigh dá fearann ach má fhaigheann an diúscróir bás agus é lonnaithe sa Stát (nó go raibh an diúscart i gceist rialaithe faoi dhlí an Stáit) nó nach raibh sé lonnaithe (i.e. nach raibh sé ina chónaí) sna S.A. nuair a fuair sé bás agus leanfar den seasamh seo d'ainneoin na rialacha cónaithe. Ciallaíonn seo go bhféadfadh cuma a bheith ar shochar glactha ag tairbhí atá ina chónaitheach Éireannach de mhaoín atá suite sna S.A. ó dhiúscróir atá ina chónaí sna S.A., go bhfuil sé faoi réir C.F.C., ach is amhlaidh mar atá ní bheidh sé dlite de réir théarmaí an Choinbhinsiúin. Nuair a ghearrann aon cheann de na tíortha cáin ar mhaoín suite sa tír eile amháin, tugann an tír nach bhfuil an mhaoín suite ann ansin, creidmheas don cháin íoctha sa tír eile. Cosúil le faoiseamh aontaobhach agus déthaobhach araon faoi Chonradh Cánachais Dhúbailte an R.A., ní féidir le méid an chreidmheasa a bheith níos mó ná méid na cánach oidhreachta ar an maoin atá cáinte go dúbailte. I gcásanna nuair nach soláthraíonn an coinbhinsiún faoiseamh, d'fhéadfadh forálacha aontaobhacha d'Alt 107 an Achta a bheith i bhfeidhm.

Mar go n-éilíonn na S.A. sócmhainní cánacha cibé áit a bhfuil siad suite má tá an t-éagach ina shaoránach S.A. nuair fuair sé bás, is cuma cá bhfuil an cónaí, bíonn sé mar thoradh go minic go n-éilíonn Éire agus na S.A. cáin ar shócmhainní an domhain. I gcás mar seo, má fuair an t-éagach bás ina lonnaithe nó ina chónaí go gnách in Éirinn ach go raibh sé ina shaoránach S.A., nuair a fuair sé bás, deir an Coinbhinsiún go ndéanfaidh Éire creidmheas a lámháil i gcoinne a cánach ar mhaoín suite sna S.A. do cháin na S.A. iníoctha ar an maoin sin. Is é an creidmheas a tugtar nó an ceann is ísle de cháin Éireannach nó cháin na S.A. ar an maoin sin. Ar an lámh eile de, lámháil na S.A. creidmheas – arís, cothrom leis an cheann is ísle de chánacha na hÉireann nó na S.A. i gcoinne a chánach ar mhaoín suite in Éirinn (**féach sampla 3**).

Tá suíomh na maoine lárnach do cheist iomlán an fhaoisimh agus is é anseo atá difríocht shuntasach idir an coinbhinsiún leis na S.A. agus an coinbhinsiún leis an R.A.. Tá cód ann in Airteagal III ar a dtugtaí an "Situs Code" atá le cur i bhfeidhm nuair a fhaigheann an t-éagach bás agus é ina chónaí in Éirinn nó sna S.A. (nó sa dá thír). Leagann an cód in Airteagal III aon déag riail amach chun an suíomh d'aicmí difriúla maoine a chinneadh. Cé go gcloíonn sé le dlí ghinearálta go fiúntach i dtaca leis an gcuid is mó d'aicmí maoine, tá difríochtaí suntasacha le feiceáil maidir leis na haicmí a leanas:

- ◆ Fiacha a bhí le fáil ag an éagach (mura sholáthraíodh dóibh ar bealach eile). Tá sé tábhachtach a chur san áireamh go gcuimsíonn fiacha cuntais bhainc.
- ◆ Suimeanna airgid iníoctha faoi pholasáí árachais nó polasáí árachais ar shaol an diúscróra.
- ◆ Fuillimh Rialtais nó scaireanna agus stoc i gcorparáidí bardasacha nó rialtais.

Tá na catagóirí de mhaoín seo measta a bheith suite san áit ina raibh an diúscróir ina chónaí. Dá bharr seo, go heisceachtúil, is féidir go n-amharfaí ar an maoin seo mar a bheith suite sa dá thír mar is féidir leis an dá thír cónaí a éileamh. Nuair a tharlaíonn seo déantar an creidmheas a roinnt. Tá an creidmheas a thugtar bunaithe ar an gceann is ísle de na cánacha a ghearrtar sa dá dhlíne agus tugann gach ceann acu cuid den tsuim sin mar chreidmheas sa dóigh go mbeadh an méid de cháin iníoctha idir an dá thír cothrom leis an méid iníoctha is airde sa dá thír leo féin (**féach sampla 4**).

Tabhair faoi ndeara go bhfuil cód an tsuimh faoi riail chónaí an diúscróra agus ní a s(h)aoranachta.

De réir fhorálacha Airteagal VI ní mór éileamh ar bith do chreidmheas (nó d'aisíoc cánach ar bith a bhaineann) a dhéanamh laistigh de shé bliana ó bhás an diúscróra.

Coinbhinsiún na hÉireann - S.A.: Cód an tSuimh: Airteagal III (2)

Aicme na Maoine	Suíomh do chuspóirí an Choinbhinsiúin
Maoin Do-Aistrithe	Áit ina bhfuil sé suite
Maoin do-aistrithe inláimhsithe lena n-áirítear airgeadra, bille soshanta de nótaí gealltanais malartáin	Áit ina bhfuil sé suite, nó má tá sé faoi bhealach, ag suíomh a cheannscríbe.
Fiacha le fáil ag an éagach, urraithe nó neamhurraithe – ina measc, cuntais bhainc, morgáistí, díbhinní, scaireanna i gcorparáidí bardasacha nó Rialtais	Áit sainchónaithe
Scaireanna agus stoc i gcorparáid seachas cinn rialtais nó bardasacha	An áit atá nó de réir dlí ar gcruthaíodh an chorparáid
Polasaithe árachais agus dearbhaithe	Áit sainchónaithe
Cáilmheas gnó	Áit ina raibh an gnó ar bun
Longa agus aerárthach agus scaireanna leis sin	Áit cláraithe
Paitinní, trádmharcanna agus dearáí	Áit cláraithe
Cóipcheart, saincheadúnais agus ceart ceadúnaithe chun ábhar cóipchirt, paitinne, trádmhairc nó dearaidh ar bith a úsáid	Áit ina bhfuil na cearta infheidhmithe
Ceartha nó caigne gnímh ex delicto marthana chun sochair eastát an éagaigh	Áit as ar tháinig cibé cearta nó caingne gnímh
Fiach breithiúnais inláimhsithe	Áit a thaifeadtar breithiúnas

Sampla 1

Faigheann Micheal bás agus cónaí air i Nua Eabhrach agus fágann sé na sócmhainní a leanas:

Sócmhainn	Suite	Tír/Stát
■ Tailte in Éirinn	Áit Suite	in Éirinn
■ Teach i Nua Eabhrach	Áit Suite	Nua Eabhrach
■ Cuntas Bainc Éireannach	Áit Lonnaithe	Nua Eabhrach
■ Stoc Rialtais na hÉireann	Áit Lonnaithe	Nua Eabhrach
■ Scaireanna Corparáide na S.A.	Láthair ina ndearnadh Corparáid a cruthú	Nua Eabhrach
■ Polasaí Árachais	Áit Lonnaithe	Nua Eabhrach

Nuair nach soláthraíonn an cód go sonrach do shuíomh maoin ar bith faoi leith in eastát deir an Coinbhinsiún go ndéanfar an suíomh a chinneadh de réir dlí an fhearainn sin nach raibh an t-éagach ina chónaí ann.

Féadfaidh go n-éalódh maoin cánachas mar thoradh ar fheidhmiú chód an tsuímh sa dá dhlínse.(féach sampla 2).

Sampla 2

Faigheann Seán bás agus cónaí aige i Nua Eabhrach ag fágáil tailte in Éirinn agus cuntas bainc Éireann ag Tomás a bhfuil cónaí air in Éirinn. De réir chód an tsuímh ní féidir le hÉirinn ach cáin a ghearradh ar na tailte mar go bhfuil an cuntas bainc measta a bheith suite i Nua Eabhrach. Mura bhfuil an cuntas bainc mór go leor chun cáin a atarraingt sna S.A. d'éalódh sé mar sin cáin sa dá dhlínse.

Sampla 3

Faigheann Patrick Jones bás agus cónaí aige in Éirinn i Nollaig, 2002. Ba shaoránach na S.A. é nuair a fuair sé bás. Fágann sé a mhaoin go léir ag a dhá pháiste. Ar a bhás tá an t-eastát mar a leanas:

Teach in Éirinn	€	120,000	
Cuntais Bhainc Éireannacha	€	90,000	
Troscán agus cion pearsanta	€	60,000	
Scaireanna i gCorparáidí S.A.	€	300,000	
Stoc Rialtais Éireann	€	24,000	
Stoc Rialtais S.A.	€	6,000	
Polasaithe árachais in Éirinn agus sna S.A.	€	600,000	
lomlán-Eastát	€	1,200,000	
lomlán na Cánach Comhstáit íoctha (Tiontaithe go, mar a bhí ar dháta na híocaíochta)	€	150,000	
Ráta na Cánach Comhstáit	12.5% i.e.	$\frac{€ 150,000}{€ 1,200,000} \times 100$	
Glacann gach tairbhí sochar de	€	600,000	
Cháin Fháltas Caipitiúil iníoctha ag gach	€	35,570	
Ráta de Cháin Fháltas Caipitiúil	5.9% i.e.	$\frac{€ 35,570}{€ 600,000} \times 100$	

Suíomh	Airteagal III (2) den Choinbhinsiún	Tír
Sócmhainn	Suíomh	Tír
Teach	Áit suite	Éire
Cuntais Bhainc	Áit Lonnaithe	Éire
Troscán agus Cion	Áit suite	Éire
Scaireanna Corparáide na S.A.	Áit inár cruthú Corparáid na S.A.	S.A.
Stoc Rialtais Éireann	Áit Lonnaithe	Éire
Stoc Rialtais S.A.	Áit Lonnaithe	Éire
Polasaithe Árachais	Áit Lonnaithe	Éire

Tugtar creidmheas i gcoinne Cháin Fháltas Caipitiúil atá iníoctha ar mhaoin suite sna S.A. do Cháin Chomhstáit, (F.E.T.) atá iníoctha ar an maoin chéanna, ag an ráta éifeachtach níos ísle.

Tugann Éire creidmheas do F.E.T. iníoctha ar scaireanna Corparáide S.A. mar an t-aon mhaoin suite sna S.A.

Cáin S.A. bainteach le scaireanna Corparáide S.A. $\frac{\text{€ } 300,000}{\text{€ } 1,200,000} \times \text{€ } 150,000 = \text{€ } 37,500 = 12.5\%$

Cáin Éireannach bainteach le scaireanna Corparáide S.A. * $\frac{\text{€ } 150,000}{\text{€ } 600,000} \times \text{€ } 35,570 = \text{€ } 8,892.50 = 5.9\%$

* $\frac{1}{2}$ scair de scaireanna Corparáide S.A. agus sochar glactha ag gach tairbhí.

Mar gur an cháin Éireannach an ceann is ísle den ráta éifeachtach, tugtar creidmheas i gcoinne dhliteanas cánach gach tairbhí a thagann go dtí $\text{€ } 150,000 \times 5.9\% = \text{€ } 8,850$.

Is í an Cháin Fháiltas Caipitiúil iníoctha ag gach tairbhí ná $\text{€ } 35,570$ lúide $\text{€ } 8,850 = \text{€ } 26,720$

Sampla 4

1. Faigheann John Burke bás agus cónaí air in Éirinn agus i Nua Eabhrach araon, agus fágann sé cuntas bainc in Éirinn.

2. De réir chód an tsuímh, is é suíomh an chuntais bhainc suíomh an cónaithe agus mar sin tá sé suite in Éirinn agus i Nua Eabhrach mar go bhfuil an dá dhlíne ag éileamh an cónaithe de réir an dlí.

3. Déanann gach tír measúnú ar an gcuntas bainc.

◆ Cáin S.A. = € 600

◆ Cáin Éireannach = € 400

Cáin Iomlán = € 1,000

4. Tugtar an creidmheas don cheann is ísle don dá cháin i.e. €400 Cáin Éireannach

5. Tugann Éire cuid den chreidmheas de réir na foirmle:

$$\frac{\text{Cáin Éireannach}}{\text{Cáin Éireannach} + \text{Cáin S.A.}} \times \text{Creidmheas Iomlán} = \frac{\text{€ } 400}{\text{€ } 1,000} \times \text{€ } 400 = \text{€ } 160$$

6. Glancháin Éireannach = €400 lúide €160 (creidmheas) = €240

7. Tugann na S.A. cuid den chreidmheas de réir na foirmle:

$$\frac{\text{Cáin S.A.}}{\text{Cáin S.A.} + \text{Cáin Éireannach}} \times \text{Creidmheas Iomlán} = \frac{\text{€ } 600}{\text{€ } 1,000} \times \text{€ } 400 = \text{€ } 240$$

8. Glancháin S.A. = €600 lúide €240 (creidmheas) = €360

9. Iomlán na cánach iníoctha sa dá dhlíne i ndiaidh creidmheasanna ná €600 i.e. an ceann is ísle den dá shuim inmhuirir i gceachtar dlíne

Sa chás nuair atá maoin sa tríú tír, ba cheart an creidmheas don cháin ar an maoin seo a chionroinnt ar an mbealach céanna.

Sampla 5

Faigheann Pat Kelly bás agus é ina chónaí in Éirinn ar 1 Meán Fómhair, 2002. Fágann sé eastát atá measta ag \$600,000 i sócmhainní S.A. agus €200,000 i sócmhainní Éireannacha. Tagann dliteanas neamhurraithe go dtí €20,000.

Faoi théarmaí a thiomna d'fhág sé a theach i Nua Eabhrach ag a nia Tom, leagáid de €50,000 ag a neacht Helen, leagáid de €20,000 ag a nia Micheal agus iarmhar a eastáit ag a dheirfiúr Mary.

Sócmhainní in eastát

Teach i Nua Eabhrach	\$500,000
C/s Bainc i Nua Eabhrach	\$ 50,000
Scair Corparáide S.A.	\$ 50,000
Iomlán	\$600,000

C/s Bainc Éireannaigh	€100,000
Scaireanna Éireannacha	€100,000
Iomlán	€200,000

Abair an méid a leanas:

- ◆ Tagann Cáin Chomhstáit S.A. go dtí \$68,750
- ◆ Cáin Chomhstáit S.A. íochta ar 1 Nollaig, 2002
- ◆ Dlíteanas Cháin Fháltas Caipitiúil Helen ná €1,557
- ◆ Dlíteanas Cháin Fháltas Caipitiúil Tom ná €92,567
- ◆ Níl dlíteanas Cháin Fháltas Caipitiúil ar bith ag Michael
- ◆ Dáta na meastóireacht do Cháin Fháltas Caipitiúil ná 1 Samhain, 2002
- ◆ Luach malartáin don dollar ar 1 Meán Fómhair, 2002 ná €1 = \$0.9809, ag 1 Samhain, 2002 ná €1 = \$0.99 agus ag 1 Nollaig, 2002 ná €1 = \$1
- ◆ Luach iarmhair ag dáta na meastóireachta ná €211,000
- ◆ Dlíteanas Cháin Fháltas Caipitiúil Mary ná €33,757

Mar sin meas sócmhainní na S.A. ag €611,683 ag an dáta báis i.e 1 Meán Fómhair, 2002 agus ba é coibhnéis euro na Cánach Comhstáit íochta ar 1 Nollaig, 2002 ná €68,750.

Suíomh

Sócmhainn	Suíomh	Tír
Teach	Áit suite	S.A.
C/s Bainc i Nua Eabhrach	Áit Cónaithe	Éire
Scaireanna Corparáid S.A.	Áit ar cruthaíodh an Chorparáid	S.A.
C/s Bainc Éireannach	Áit Lonnaithe	Éire
Scaireanna Éireannacha	Áit ar cruthaíodh an Chorparáid	Éire

Foirm IT43

Sampla 5

	Céim 1	Céim 2	Céim 3	Céim 4	Céim 5	Céim 6	Céim 7	
(a)	(b)	(c)	(d)	(e)	(f)	(g)	(h)	
An Tairbhí (cé acu atá sé inmhuirir do C.A.T. nó nach bhfuil)	Luach an tSochair	Luach Maoine na S.A. i (b)	Méid de cháin F.E.T. ar (c)	Ráta éifeacht de Cháin Chomhstáit (d)	Méid de C.A.T. ar (b)	Ráta éifeachtach de C.A.T. $\frac{(f) \times 100}{(b)}$	Creidmheas Col. (c) x leasóir de Cols. (e) or (g)	An tairbhí a thugtar an creidmheas dó
Tom (teach)	€505,050	€ 505,050	€62,848	12.4439%	€92,567	18.32%	€62,848	Tom
Helen	€ 50,000	€ 8,440	€ 1,050	12.4439%	€ 1,557	3.11%	€ 262	Mary
Michael	€ 20,000	€ 3,376	€ 420	12.4439%	Neamhní	-	-	-
Mary (iarmhar)	€211,000	€ 35,617	€ 4,432	12.4439%	€33,757	16%	€ 4,432	Mary
		€ 552,483	€68,750					
			552,483					
			68,750					

* Coibhnéis Euro d'Ollsócmhainní S.A. ag an dáta báis, gan tiomnú sonrath de theach i Nua Eabhrach a áireamh (feictear c/s bainc i Nua Eabhrach mar shócmhainn Éireannach faoi chód an tsuímh).

** Coibhnéis Euro d'olleastát ag an dáta báis, gan tiomnú sonrath de theach i Nua Eabhrach a áireamh.

*** i.e. €33,757 lúide €4,694 i.e. €262 agus €4,432 (Faighteann Mary, mar an leagáid iarmharach creidmheas ar cháin na S.A. ar an leagáid de €50,000 a ghlac Helen).

2. Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Nuair atá Cáin Ghnóchan Caipitiúil agus Cáin Fháltas Caipitiúil inmhuirir ar an tsócmhainn céanna, i gceangail leis an teagmhas céanna, lámháiltear an Cháin Ghnóchan Caipitiúil mar chreidmheas i gcoinne na Cánach Fháltas Caipitiúla.

Ní féidir leis an gcreidmheas, áfach, a bheith níos mó na méid na Cánach Fháltas Caipitiúla atá inchurtha i leith na sócmhainne céanna.

Is iad na cásanna ina bhféadfadh an creidmheas a tharla ná:

- ◆ ar bhronntanas de mhaoín fhírinneach nó léasach, stoic agus scaireanna etc;
- ◆ nuair a thagann leas saoil eile chun cinn i ndiaidh tionónta saoil bás a fháil;
- ◆ ar cheapadh maoine as iontaobhas lánroghnach le hiontaobhaithe lánroghnacha cé acu ar tháinig an t-aontaobhas faoi thiomna nó ó shocraíocht déanta le linn shaol an tsocraitheora ar luathscor iontaobhais;
- ◆ ar luathscor iontaobhais.

Sampla

Tugann Seán scaireanna agus airgead tirim do Shéamus mar bhronntanas.

Abair -

Cáin Oidhreachta iomláin iníoctha ag Seamús €900(€500 inchurtha i leith scaireanna)

Cáin Ghnóchan Caipitiúil iníoctha ag Seán €600(níl ach na scaireanna dlite do CGT)

Ní féidir leis an gcreidmheas atá le lámháil i dtaca le CGT a bheith níos mó ná méid an CAT ar na scaireanna i.e. €500.

Mar sin is é an creidmheas do CGT ná €500 agus ní €600 agus seo an tsuim creidmheasa ar cheart a éileamh.

Is é an CAT a bheidh iníoctha ná €400.

Níl Cáin Ghnóchan Caipitiúil iníoctha go dtí Deireadh Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana diúscartha agus mar sin sa chuid is mó de na cásanna ní bheidh an CGT inlámháil scaoilte ag an am a bheidh an tuairisceán CAT á lóisteáil. Sna cásanna seo, déanfar creidmheas a lámháil do CGT iníoctha ach ní dhéanfar deimhniú scaoilte ó CAT a eisiúint go mbeidh ríomh agus íocaíocht an CGT fíoraithe.

Tabhair faoi ndeara má thagann Cáin Ghnóchan Caipitiúil agus Cáin Fháltas Caipitiúil chun cinn ar an maoín céanna ach ní ar an teagmhas céanna, d'fhéadfadh an Cháin Ghnóchan Caipitiúil, i gcúinsí áirithe, a bheith asbhainteach mar dhliteanas d'fhonn luach incháinithe an tsochair a ríomh.

Ní thagann Cáin Ghnóchan Caipitiúil a thagann chun cinn ar dhiúscairt na sócmhainní i riarachán eastáit chun cinn ar an oidhrecht ab ea an teagmhas a bhíonn an Cháin Fháltas Caipitiúil mar thoradh air. Mar sin ní thugtar creidmheas do Cháin Ghnóchan Caipitiúil. D'fhéadfadh an méid de Cáin Fháltas Caipitiúil íoctha a dhéaduchtú mar dhliteanas d'fhonn teacht ag luach incháinithe na hoidhreachta.

3. Réamh-Cháin Fháltas Caipitiúil ar an teagmhas céanna

Má ghearrtar Cáin Fháltas Caipitiúil níos mó ná uair amháin ar an maoín céanna ar an teagmhas céanna, lámháiltear an cháin atá níos luaithe i dtosaíocht mar chreidmheas i gcoinne na cánach atá níos déanaí i dtosaíocht (Tagraíonn Alt 105 den Acht).

Tarlaíonn gearradh cánach ar an maoín céanna níos mó ná uair amháin ar an teagmhas céanna nuair a dhéantar socraíocht a scor.

De ghnáth i socraíocht, tugann an diúscairt maoín do thionónta saoil dá shaol/saol agus nuair a fhaigheann an tionónta saoil bás cuirtear an mhaoin ar aghaidh ag an tríú páirtí (an fuíollaí). Nuair a ligtear do shocraíocht a seal a thabhairt faoi mar a shamhlaigh an diúscairt sa chéad áit, ní bheidh an fuíollaí dlite do CAT go dtí go mbeidh sé “ i dteideal sealbhaíochta” na maoine nuair a fhaigheann an tionónta saoil bás.

Cúinsí a tharraingíonn muirear dúbailte ar CAT ar an maoín céanna agus ar an teagmhas céanna.

- Diúscaíonn an fuíollaí a leas todhcháíochta chuig tríú páirtí;
- Scaoileann an Tionónta Saoil a leas saoil chuig an bhfuíollaí;
- Scaoileadh an fhuíollaí dá leas todhcháíochta chuig an tionónta saoil

(a) Go deonach, i.e. trí bhronntanas

nó

(b) Go neamhdheonach, i.e. ar a bhás

- Roinneann an fuíollaí agus tionónta saoil an tsocraíocht maoine eatarthu féin.

1. Diúscaíonn an fuíollaí a leas todhcháíochta chuig tríú páirtí.

Diúscaíonn an fuíollaí (i.e. an duine a bheidh i dteideal na maoine nuair a fhaigheann an duine ag a bhfuil an leas saoil bás) a leas todhcháíochta sa mhaoin nuair atá an tionónta fós beo chuig duine eile seachas an tionónta saoil i.e. chuig tríú páirtí (aistrí).

Tá na hiarmhairtí cánachais mar a leanas:

Nuair a fhaigheann an tionónta saoil bás beidh an tríú páirtí i dteideal sealbhaíochta na maoine. Ar an dáta sin tiocfaidh dhá mhuirear cánach chun cinn.

An Chéad Mhuirear

Beidh cáin inghearrtha faoi mar dá nglacadh an fuíollaí oidhreacht na maoin ón mbundiúscróir. Is é an duine a bheidh dlite an cáin a íoc, áfach, ná an tríú páirtí (aistrí), tagraíonn alt 32 den Acht. Beidh an grúpa tairís a bhaineann bunaithe ar an gcaidreamh idir an diúscróir agus an fuíollaí.

Is é an t-aistrí amháin, áfach, ar féidir cáiliú d'fhaoiseamh talmhaíochta, i.e. baineann an triail 80% agus cónaithe leis/léi.

An Dara Muirear

Tá cáin inmhuirir ar an maoin a théann ar aghaidh ón bhfuíollaí go dtí an tríú páirtí (aistrí).

Tagann an dá mhuirear do cháin den mhaoín chéanna ar an teagmhas céanna i.e. bás an tionónta saoil. Mar sin, beidh an cháin inmhuirir ar an gCéad Mhuirear a fhritháireamh mar chreidmheas i gcoinne na cánach inmhuirir ar an Dara Muirear.

Sampla

Faigheann John bás ar 1 Meán Fómhair, 2000 agus fágann sé a eastát iomlán measta ag €100,000 ag a dheartháir Joe dá shaol agus nuair a fhaigheann Joe bás caithfidh sé an mhaoín a chur ar aghaidh ag a gcol ceathrar Mary (fuíollaí). Abair gur íoc Joe cáin ar an sochar a ghlac sé ó John i 2000.

Le linn ama Joe, faigheann Mary bás agus tiomnaíonn sí an mhaoín chuig a deirfiúr Clare. Ní thiocfaidh muirear do CAT chun cinn go dtí go mbeidh an mhaoín ina "leas i sealbhaíocht" ar bhás an tionónta saoil Joe.

Faigheann Joe bás ar 1 Meán Fómhair, 2002 agus ar a bhás tagann dhá mhuirear chun cinn. Ní athrú ar bith i luach na maoin.

An Chéad Mhuirear

Oidhreacht glactha ag Mary ó John. Dliteanas cánach €15,778.40. Mar aistrí tá Clare dlite an cháin a íoc.

An Dara Muirear

Oidhreacht glactha ag Clare ó Mary. Dliteanas cánach €11,557.

Mar go dtagann dhá mhuirear do cháin ar an maoin chéanna i.e. €100,000 agus ar an teagmhas céanna i.e. bás an tionónta saoil Joe, tugtar creidmheas de cháin na céad muirir i gcoinne na cánach ar an dara muirear i.e.

Cáin an Dara Muirir	€11,557.40
Cáin na Céad Muirir	€15,778.40 (creidmheas)
Cáin iníoctha ar an dara muirear	Neamhní

Is é an iomlán na cánach iníoctha ag Clare ná €15,778.40 i.e. an cáin atá iníoctha ar an gcéad mhuirear.

2. Scaoileann an Tionónta Saoil leas saoil chuig an bhfuíollaí.

Nuair a scaoileann tionónta saoil a leas saoil chuig fuíollaí, measann alt 33 den Acht go bhfuair an tionónta saoil bás go díreach roimh scaoileadh an leasa saoil.

Ar dháta an scaoilte tagann dhá mhuirear do cháin chun cinn.

An Chéad Mhuirear

Beidh cáin oidhreachta inmhuirir ar an maoin a théann ar aghaidh ón mbundiúscróir go dtí an fuíollaí ar bhás measta an tionónta saoil.

An Dara Muirear

Beidh cáin tabhartais inmhuirir ar bhronntanas an leasa saoil neamhéagtha sa mhaoín ón tionónta saoil go dtí an fuíollaí.

Mar go dtagann an dá mhuirear do cháin chun cinn ar an maoin chéanna agus ar an dáta chéanna i.e. bás measta an tionónta saoil, baineann na forálacha d'Alt 105 den Acht agus mar sin beidh an cháin ar an gcéad mhuirear curtha do shochar i gcoinne na cánach ar an dara muirear.

Go ginearálta bheadh an t-éileamh ar cháin oidhreachta (bunaithe ar luach iomlán na maoin) i bhfad níos mó ná an t-éileamh ar cháin tabhartais (bunaithe ar leas neamhéagtha an tionónta saoil sa mhaoín) agus mar thoradh ar seo ní bheadh cáin tabhartais ar bith iníoctha. Ar chuma ar bith ní bheidh an cháin iomlán iníoctha ar an dá shochar níos mó ná an cháin iníoctha is airde ar aon sochar amháin.

Mar go nglacann an tairbhí dhá shochar ar an lá céanna, chomhiomlánódh siad dá mbeadh siad beirt laistigh den ghrúpa tairís céanna. Deir Alt 103 den Acht. áfach, nuair a thagann an dá mhuirear chun cinn ar an maoin chéanna agus ar an teagmhas céanna, ní bheidh siad comhiomlánaithe lena chéile agus ní bheidh siad le comhiomlánú ach an oiread i dtaca le sochair a ghlacann an fuíollaí amach anseo. Is é an toradh ar seo ná má fhaigheann an fuíollaí sochair inchomhiomlánaithe todhchaíochta measfaidh na Coimisinéirí loncaim an réamhshochar as a dtagann an chuid is mó den cháin ar an sochar reatha mar an sochar a dhéanfar a chomhiomlánú.

Sampla

D'fhág Colm Murphy a fuair bás i 1996 a theach teaghaise ag a dheartháir Tom dá shaol agus an t-iarmhar dá nia Pat. 1 Meán Fómhair, 2002 cinneann Tom (aois 60) cónaí i dteach altránais agus trí ghníomhas scaoileann sé a leas saoil sa teach teaghaise chuig Pat. Is é luach na maoin ná €200,000.

Tagann dhá mhuirear do cháin chun cinn ar an teach teaghaise i Meán Fómhair, 2002 ar bhás measta Tom.

An Céad Mhuirear

Oidhreacht glactha ag Pat ó Cholm. Dliteanas cánach €31,557

An Dara Muirear

Tabhartas glactha ag Pat ó Tom.

Luach Incháinithe ná	€200,000 x 0.5809	= € 116,180.00
(aois toisce Fir 60)		
Lúide liúntas tabhartas beag		= € 1,270.00
Luach Incháinithe		= € 114,910.00
Dliteanas Cánach		= € 14,539.00

Cé go bhfuil an dá shochar laistigh de Thairseach Ghrúpa B ní chomhiomlánódh siad (Alt 103 den Acht).

Tá an cháin ar an gCéad Mhuirear curtha do shochar i gcoinne an Dara Mhuirir (Alt 105 den Acht).

Cáin an Dara Mhuirir	€14,539
Cáin na Céad Muirir	€31,557 (creidmheas)
Cáin ar an Dara Muirear	Neamhní

Iomlán na cánach iníoctha ag Pat ná €31,557, i.e. an cháin iníoctha ar an gcéad mhuirear.

3. Scaoileadh an fhuíollaí dá leas todhcháiochta chuig an tionónta saoil.

Is féidir leis an scaoileadh seo a bheith deonach (trí bhronntanas) nó neamhdheonach (ar bhás). Ar dháta scaoilte an leasa todhcháiochta ón bhfuíollaí, tá sé measta go dtarlaíonn bás an tionónta saoil go díreach roimh an scaoileadh.

Arís, tagann dhá mhuirear do cháin chun cinn.

An Céad Mhuirear

Beidh cáin oidhreachta inmhuirir ar an maoin a théann ar aghaidh ón mbundiúscróir go dtí an fuíollaí ar bhás measta an tionónta saoil. Tá an tionónta saoil (aistrí) freagrach as an gcáin.

An Dara Muirear

Cáin tabhartais nó cáin oidhreachta ab ea an dara muirear (ag brath ar cé acu a raibh an scaoileadh ón bhfuíollaí deonach nó neamhdheonach) ar an maoin a théann ar aghaidh ón bhfuíollaí go dtí an tionónta saoil. Beidh cáin inmhuirir ar luach na maoin iomláine lúide luach leas saoil an tionónta saoil atá aige anois. Dáiríre ní dhéanfar cáin a ghearradh ach ar luach an leasa atá fágtha. Ní thugtar lamháil, áfach, don tionónta saoil don leas saoil atá aige anois nuair a fhaigheann sé seilbh ar an leas iarmhar faoi choinníoll a cuireadh isteach i dtéarmaí na bunsocraíochta e.g. Ó John go Mary dá saol agus an t-iarmhar go Mary má phósann sí ach mura bpósann sí cuirtear an t-iarmhar ar aghaidh go dtí Kathleen. Má phósann Mary ghlacfaidh sí an leas iarmharach ach sa chás sin ní bheadh cead aici asbhaint a fháil don leas saoil atá aici i ríomh luach incháinithe a sochair.

Mar go dtagann an dá mhuirear do cháin chun cinn ar an maoin chéanna agus ar an teagmhas céanna i.e. is féidir scaoileadh an leasa todhcháiochta ón bhfuíollaí, an cháin ar an gcéad mhuirear a chur do shochar i gcoinne na cánach ar an dara muirear.

Sampla

D'fhág James a fuair bás i 1998 a theach ag a bhean Helen dá saol agus nuair a fhaigheann sí bás téann an teach ar aghaidh ag a nia Brendan. I nDeireadh Fómhair, maraítear Brendan i dtimpiste gluasteáin agus faoi théarmaí a thiomna fágtagar a leas todhcháiochta sa teach ag Helen, an tionónta saoil.

I nDeireadh Fómhair, 2002 tá an teach measta ag €200,000 agus tá Helen 50 bliain d'aois.

Tagann dhá mhuirear do cháin chun cinn.

An Céad Mhuirear

Tá Helen, an tionónta saoil measta bás a fháil go díreach roimh Brendan.

Oidhreacht glactha ag Brendan ó James. Dliteanas cánach €31,557.

Mar aistrí tá Helen freagrach as an dliteanas cánach seo.

An Dara Muirear

Oidhreacht glactha ag Helen ó Brendan.

Luach na Maoine	€200,000.00
Lúide luach leas Helen atá aici anois sa mhaoin i.e. €200,000 x 0.7791 =	€155,820.00
Luach Incháinithe Shochar Helen	€ 44,180.00
Dliteanas cánach	€ 4,614.40

Tá an cháin ar an gCéad Mhuirear curtha chun sochar i gcoinne na cánach ar an Dara Muirear (Alt 105 den Acht).

Cáin an Dara Mhuirir	€ 4,614.40
Cáin na Céad Muirir	€31,557.00 (creidmheas)
Cáin ar an Dara Muirear	Neamhní

Iomlán na cánach iníoctha ag Helen ná €31,557, i.e. an cháin iníoctha ar an gcéad mhuirear.

4. Roinnean an Fuíollaí agus an Tionónta Saoil an mhaoin socraíochta eatarthu féin.

An Roinnt Achtúireach

Má roinneann an fuíollaí agus an tionónta saoil an ciste socraíochta eatarthu féin ar bhonn achtúireach i.e. de réir luach a leasa úra faoi seach, níl gach duine acu ach ag fáil maoin a bhfuil siad i dteideal di de réir na socraíochta. Sa chás seo, ní bheadh ach muirear amháin do cháin, i.e. ón mbundiúscróir go dtí an fuíollaí, ar scor an aontaobhais. Bheadh an tionónta saoil dlite do cháin cheana ar fháltas an leasa saoil sa mhaoin socraíochta.

Sampla

Faigheann John bás i 1998 agus fágann sé a mhaoin ag a dheirfiúr Mary dá saoil agus nuair a fhaigheann sí bás caithfidh sí an mhaoin a chur ar aghaidh ag a nia Pat.

Íocann Mary cáin oidhreachta ar luach a leasa saoil. Ar 1 Nollaig, 2002, cinneann Mary agus Pat gur mhaith leo roinn caipitil indiúscartha a bheith acu agus cinneann siad an iontaobhas a scor trí gach duine acu luach achtúireach a leasa san aontaobhas a ghlacadh. Abair gur €100,000 atá sa chiste iontaobhais agus €20,000 atá i luach leasa saoil Mary agus gur fiú €80,000 leas iarmhar Pat.

Ar scor an aontaobhais, seasamh an bunmhuirear do cháin oidhreachta leis, i.e. oidhrecht €100,000 Pat ó John (bundiúscróir). Is é dliteanas cánach Pat ná €11,557. Tá an cháin seo cionroinnte idir Pat (€9,245.60) agus Mary (€2,311.40) mar gur an “t-aistrí” í Mary i dtaca leis an bpáirt den chiste aontaobhais a fuair sí (Tagraíonn alt 32 den Acht).

Roinnt Neamhachtúireach

Tarlaíonn seo má roinneann an tionónta saoil agus an fuíollaí an ciste aontaobhais i mbealach a bheidh sé mar thoradh air go mbronnann duine de na páirtithe tabhartas ar an duine eile. Dá, sa sampla thuas, roinneadh Mary agus Pat an ciste aontaobhais de €100,000 go cothrom eatarthu féin agus €50,000 a ghlacadh an duine, dáiríre déanann Pat tabhartas de €30,000 a bhronnadh ar Mary. Mar sin tagann dhá mhuirear do cháin chun cinn.

An Chéad Mhuirear

Tá seo ar an oidhrecht a ghlacann Pat (an fuíollaí) den chiste aontaobhais de €100,000. Dlíteanas Cánach €11,557.

An Dara Muirear

Tá seo ar an tabhartais de €30,000 glactha ag Mary ó Pat i.e. €50,000 lúide €20,000 (luach a leasa saoil atá aici anois sa €100,000). Mar sin tá cáin inmhuirir ar €30,000.

Dlíteanas Cánach €1,778.40 (Nia go hAintín = Grúpa C).

Cáin creidmheasa ar an 1ú mhuirear €11,557 i gcoinne cánach ar an 2ú mhuirear i.e. €1,778.40.

Mar sin cáin ar an 2ú mhuirear = Neamhní

Is í an t-aon cháin atá iníoctha ná sin ar an gcéad mhuirear i.e. €11,557 agus mar a bhí sa sampla thuas íocfaidh Pat €9,245.60 agus mar aistrí íocfaidh Mary €2,311.40.

Aguisín 10 TÁBLA DE CHÁIN AS AR MHAOIN CHOIGRÍCHE

Léiríonn an tábla thíos iarmhairtí an mhuirir ar Cháin Fháltas Caipitiúil nuair atá maoin choigríche sa bhronntanas nó san oidhreacht:

	Cónaí nó gnáthchónaí an diúscróra	Cónaí nó gnáthchónaí an tairbhí	Cónaí an diúscróra	Cónaí an tairbhí	Dliteanas CAT
1	Éireannach	Éireannach	Éireannach	Éireannach	Dlite
2	Éireannach	Éireannach	Coigríche *	Éireannach	Dlite
3	Éireannach	Éireannach	Éireannach	Coigríche	Dlite
4	Coigríche	Éireannach	Coigríche *	Éireannach	Dlite
5	Éireannach	Coigríche	Éireannach	Éireannach	Dlite
6	Coigríche	Coigríche	Éireannach	Éireannach	Neamhdhlite
7	Éireannach	Éireannach	Coigríche	Coigríche	Neamhdhlite
8	Éireannach	Coigríche	Éireannach	Coigríche	Dlite
9	Coigríche	Coigríche	Coigríche	Éireannach	Neamhdhlite
10	Coigríche	Coigríche	Coigríche	Coigríche	Neamhdhlite
11	Éireannach	Coigríche	Coigríche	Coigríche	Neamhdhlite
12	Éireannach	Coigríche	Coigríche	Éireannach	Neamhdhlite
13	Coigríche	Éireannach	Éireannach	Éireannach	Dlite
14	Coigríche	Coigríche	Éireannach	Coigríche	Neamhdhlite
15	Coigríche	Éireannach	Coigríche	Coigríche	Neamhdhlite
16	Coigríche	Éireannach	Éireannach	Coigríche	Neamhdhlite

* Nuair a fhaigean diúscróir bás agus agus é lonnaithe i Stát ar bith de na S.A., ní thagann **dliteanas ar bith do cháin oidhreachta** chun cinn i dtaca le maoin choigríche suite.

Aguisín 11 Foirmeacha Cháin Fháltas Caipitiúil

Cód na Foirme	Tuairisc Foirme
CA 3	Measúnú do chásanna tráthchoda.
CA 4	Ceistneoir agus ráiteas leasa an éagaigh.
CA 6	Sceideal Tailte agus Foirgneamh.
CA 11	Deimhniú Scaoilte ó Cháin Fháltas Caipitiúil.
CA 12	Deimhniú Scaoilte maidir le teideal bunaithe ar shealbhíocht, i.e cearta suiteoirí.
CA 24	Mionnscríbhinn loncaim Intíre.
CA 26	Mionnscríbhinn Cheartaitheach.
CA37A + B	Achomhairc chuig Coiste Tagartha na Luachanna Talún.
CA 44	Deimhniú Pearsanta Scaoilte ó CAT, e.g. do sheiceadóir nó ghníomhaire.
CAT 10	Éileamh do dhíolúine theach teaghaise.
A3(C)	Iarratas do dheontas de bonis non.
IT 8	Scaoileadh de chistí ó hinstiúidí airgeadais le haghaidh comhchuntas.
IT 10	Scaoileadh de chistí ó hinstiúidí airgeadais le haghaidh cuntas aonaí.
IT 38	Foirm do Thuarisceán Cánach Tabhartais/Oidhreacht.
IT 40	Iarratas íocaíochta CAT trí aistriú Stoic Rialtais.
IT 43	Foirm chun creidmheas cánachais dhúbailte a ríomh.
IT 69	Tuairisceán bliantúil do chásanna tráthchoda.
IT 76	Féindeimhniúchán le haturnae cláraithe de theideal bunaithe ar shealbhíocht.
GT 15	Tuairisceán Cháin Tabhartais ón diúscróir.
Q 7	Meastóireacht scaireanna cuideachtaí príobháideacha.
IT 4	Tuairisceán Cánach lontaobhais Lánroghnaigh do mhúirear 6%.
IT 32	Tuairisceán Cánach lontaobhais Lánroghnaigh do mhúirear blaintúil 1%.
DT 1	Tuairisceán Cánach lontaobhais Lánroghnaigh ón diúscróir.

A	
Alt 72/73 Polasaithe	16
B	
Barrachas Incháinithe	26
C	
Caidreamh	10, 11
Cáin Chomhstát Meiriceánach	28, 80
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	28, 85
Cáin Oidhreachta an R.A.	72
Caiteachas Cáiliúcháin i nDaoine ar Éagumas	23, 56
Cánachas Dúbailte	28, 71
CAT Réamhíochta	28
Ceart chun Cónaithe, Coimeádta, Tacaíochta	19, 66
Cionroinnt	24, 33, 34, 35, 44, 45
Cód an tSúimh	6, 80
Comharba	6, 10
Comaoin	13, 20, 21, 34, 35, 37
Cónaí/Gnáthchónaí	5, 9, 10
Coinbhinsiún leis an R.A.	72
Coinbhinsiún na S.A.	80
Creidmheasana Asbhainteacha	28, 71
Cumhacht Cúlghairme	5, 68
D	
Dáta Deonaithe	13
Dáta na Measúnachta	14
Deontáí	4, 10
Deontóir	4, 9
Deonú Probháide	4, 13
Deonú Riaracháin	4, 13
Díolúine Admhalácha Áirithe	57
Díolúine do Charanachtaí	58
Díolúine i dtaca le Sochair Scoir	23, 57
Díolúine Polasaithe Áirithe Árachais	23, 58
Díolúine Shain-Ghnóthais Infheisithe Comhchoiteana	23, 58
Díolúine Stoc Rialtas	23, 56
Díolúine Tabhartas Beag	25
Díolúine Theach Teaghaise	23, 53
Díthiomnacht	4, 13
Díthiomnóir	13
Diúscaíonn an fuíollaí a leas todhchaíochta chuig tríú páirtí	85
Diúscaíonn an fuíollaí a leas todhchaíochta chuig an Tionónta Saoil	87
Diúscairt	4, 13
Diúscairt le nó chuig cuideachta	70
Diúscaí	4, 9
Dlíteanais, costais, caiteachas	20, 24, 34, 37
Dlíteanais faoi réir teagmhais	69
Dlíteanas Tánaisteach	6, 8
Donatio Mortis Causa	14
E	
Éagach	9
F	
Faoiseamh Aontaobhach	6, 71
Faoiseamh Gnó	36, 37, 38, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 52
Faoiseamh Maoine Oidhreachta	23, 54
Faoiseamh don Nia/Neacht Cheana	4, 12, 39
Faoiseamh Páiste Altrama	10, 11, 12
Faoiseamh Talmhaíochta	33, 34, 35, 41, 42, 43, 44, 45
Fochearta Cáinte	6, 79
Foirceannadh cearta	66
Formeacha Cháin Fháltas Caipitiúil	90
Fritsheachaint	12, 16
G	
Gluais Téarmaí	4, 5, 6
Gníomhaireacht Bainistíochta an Stáitchiste Náisiúnta	67
Grúpa Tairisí	5, 11, 26
I	
I dTeideal Sealbháíochta go Tairbhiúil	4, 13, 85
Íocaíocht trí Thráthchodanna	8, 14, 29, 30
Íocaíocht trí Aistriú Stoc Rialtais	31
Íocaíocht trí Dheonachán Réad Aoidhreachta	31
Íocaíocht trí Ríomh-Aistriú Cistí	32
Íocaíocht a bhaineann le Díolúine Scoir	56
Ionadaí/lontaobhaithe Pearsanta	5
Iníúchadh	8, 23, 32
L	
Leas	29, 30
Leas Abslóideach	4, 23, 59
Leas i bPolasaithe Árachais	70
Leas Saoil	15, 59, 60, 61, 62, 63, 64
Leas Teoranta	5, 15, 59, 60, 61, 62, 63, 64, 65
Luach Incháinithe	22, 23, 24, 25
Luach Saor ó Eire	5, 24, 34
M	
Maoin Ghnó	18, 36, 37, 38, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 52
Maoin Talmhaíochta	18, 33, 34, 35, 41, 42, 43, 44, 45
Marthanais	6
Méadaitheoir Reachtúil	63, 64, 65
Méadú luach na maoine	69
Measúnú	26
Mionscríbhinn Ioncaim Intíre	13, 28
Muirear ar an maoin	44
O	
Oidhrecht Glactha ag Tuismitheoir ó Pháiste	23, 58
P	
Pionóis	15, 32
Q	
Quantum Meruit	5, 20
R	
Réamh CAT ar an Teagmhas Céanna	28, 85
Réamh Shochair	26
Roinneann an fuíollaí agus an Tionónta Saoil an mhaoin eatarthu féin	88
Roinnt Tabhartas	16
S	
Saor-Úsáid Maoine	4, 19, 67
Sainchónaí	4, 9, 10
Scaoileann an Tionónta Saoil Leas chuig an fuíollaí	85, 86
Seirbhís Eolais don Cháinióicóir	7
Slonn Amhras	12
Sochair Chomhiomlánaithe	4, 26
Sochar Gearrtha ar Mhaoin	66
Sochar Nach Bhfuil Gearrtha ar Mhaoin	67
Sochar Saor ó Cháin	19, 69
Sochair Uile	26
Socraíocht Pósta Réamh 1975	57
Socraitheoir	6, 9, 10
T	
Tairbhí	4, 10
Teagmhais	4, 19, 68, 69
Tiomnóir	6
Tionónta Saoil	5
Toisc Aoise	15, 24, 59, 63, 64
Tréimhse Chinnte	5, 62, 65
U	
Uimhir PSP	9

